Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**14088/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0360(COD)**

**ENER 499**
**TRANS 606**
**RELEX 1013**
**ECOFIN 1156**
**ENV 810**
**CODEC 1355**
**IA 115**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Nollaig 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 824 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 824 final.

Faoi iamh: COM(2020) 824 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2020
COM(2020) 824 final

2020/0360 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013**

{SEC(2020) 431 final} - {SWD(2020) 346 final} - {SWD(2020) 347 final}

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

In 2013, bunaíodh creat nua chun bonneagar fuinnimh trasteorann a phleanáil d'fhonn bonneagar fuinnimh na hEorpa a nuachóiriú agus a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar na hidirnaisc ilroinnte idir na Ballstáit, chun deireadh a chur lena leithlisiú ó na gréasáin gháis agus leictreachais, chun soláthar, foinsí agus bealaí fuinnimh an Aontais a chinntiú agus a éagsúlú, agus chun cur le comhtháthú na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh. Le Rialachán GTE-F, bhí an tAontas in ann a chuspóirí beartais fuinnimh lárnacha a ghnóthú trí rialacha a leagan síos maidir le Tionscadail Leasa Choitinn a shainaithint agus a fhorbairt go tráthúil, rud a áiritheoidh idir-inoibritheacht na ngréasán tras-Eorpach fuinnimh, feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh, cinnteacht an tsoláthair san Aontas agus comhtháthú na bhfoirmeacha in-athnuaite fuinnimh. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar Bhallstáit na nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh Tionscadail Leasa Choitinn a chuíchóiriú agus foráiltear maidir le cúnamh rialála, rialacha agus treoir le haghaidh leithdháileadh costas trasteorann agus dreasachtaí a bhaineann le rioscaí, mar aon leis na coinníollacha le haghaidh rochtain ar mhaoiniú ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE).

Tá an Comhaontú Glas don Eoraip mar phríomhthosaíocht pholaitiúil ag Uachtarán an Choimisiúin d'fhonn an tAontas a chlaochlú ina shochaí chóir rathúil, ag a bhfuil geilleagar nua-aimseartha iomaíoch atá tíosach ar acmhainní. Leis an bPlean um Sprioc Aeráide[1] atá beartaithe ag an gCoimisiún, cuirtear an Eoraip ar chonair na hinbhuanaitheachta chun an fhís seo a chomhlíonadh agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, cuirtear béim bhreise ar na hiarmhairtí suntasacha a bheidh ann don Eoraip mar gheall ar an athrú aeráide, iarmhairtí nach féidir a sheachaint d'aineoinn na n-iarrachtaí chun iad a mhaolú. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach na hiarrachtaí a neartú maidir le díonadh ar an athrú aeráide, forbairt seasmhachta, cosc tubaistí agus ullmhacht.

Is príomhchumasóir é an bonneagar fuinnimh le haghaidh an aistrithe fuinnimh, faoi mar a léirítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus Pláinéad Glan do Chách[2]. Is sócmhainn fhadsaolach é an bonneagar agus dá bhrí sin is gá dó a bheith comhsheasmhach leis an gcuspóir aeráidneodrachta agus le cuspóirí eile i leith an chomhshaoil, amhail mionn na neamhdhíobhála sa Chomhaontú Glas, chun dícharbónú mear costas-éifeachtúil an chórais fuinnimh agus an gheilleagair i gcoitinne a chumasú. Mar sin, is ionstraim lárnach é GTE-F ó thaobh margadh inmheánach Eorpach a fhorbairt agus tá gá leis chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a ghnóthú.

Na spriocanna aeráide agus fuinnimh atá ann faoi láthair, níl siad uaillmhianach go leor chun an sprioc aeráide de laghdú 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030, rud atá

1 *Stepping up Europe's 2030 climate ambition, Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people* [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa 2030, Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach ar son leas ár muintire], COM(2020) 562 final

2 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52018DC0773

beartaithe ag an gCoimisiún[3] mar chuid dá iarrachtaí chun aeráidneodracht a bhaint amach. Chun an laghdú sin ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach, tá gá le hathrú ó bhonn a dhéanamh ar chóras fuinnimh na hEorpa, ó thaobh soláthair mar aon le héileamh de.

Ní mór don Aontas borradh suntasach a chur faoi ghiniúint an leictreachais in-athnuaite chun sciar de níos mó ná 80 % de tháirgiúlacht leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach faoi 2050, fuinneamh a gheofar níos minice ó shuíomhanna amach ón gcósta[4]. Ba cheart acmhainneacht ghaoithe amach ón gcósta a mhéadú go 300 GW agus fuinneamh aigéin a mhéadú go 40 GW faoi 2050 chun aeráidneodracht a bhaint amach, rud arb ionann é agus méadú faoi 25 ar chúrsaí mar atá siad anois[5] agus a fhágann go bhfuil gá suntasach le comhordú ó thaobh phleanáil fhadtéarmach agus fhorbairt na n-eangach chliste leictreachais intíre agus amach ón gcósta, i gcomhréir le straitéis an Aontais i leith fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta[6]. Meastar go mbeidh costas EUR 800 billiún ag baint leis an méadú a dhéanfar ar fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta san Eoraip faoi 2050 agus go mbainfidh dhá thrian den chostas sin leis an mbonneagar eangaí a ghabhfaidh leis. Chun na costais a laghdú a mhéid is féidir, tá sé ríthábhachtach béim láidir a leagan ar fhorbairt eangaí réasúnta.

An sprioc a comhaontaíodh i gconclúidí Chomhairle Eorpach Barcelona i mí an Mhárta 2002 go mbeidh leibhéal idirnasc leictreachais ag na Ballstát atá coibhéiseach le 10 % ar a laghad dá n-acmhainneacht táirgthe suiteáilte, níor baineadh amach go fóill í. Ina conclúidí an 23 agus an 24 Deireadh Fómhair 2014, d’fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach le sprioc idirnaisc leictreachais de 15 % ar a laghad. Sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Samhain 2017 maidir le gréasáin fuinnimh na hEorpa a neartú, déantar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh na sprice idirnaisc de 10% a ghnóthú agus moltar bealaí chun an sprioc idirnaisc de 15 % le haghaidh 2030 a chur i gníomh.

Tá gá le hinfheistíocht bhliantúil mheánach mheasta de EUR 50.5 billiún le haghaidh traschur leictreachais agus eangacha dáileacháin chun na spriocanna le haghaidh 2030 a bhaint amach gan trácht ar na spriocanna eile. Comhlánófar an ról breise a bheidh ag an leictreachas le méadú coibhneasta ar an ról a bheidh ag na gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin sa mheascán fuinnimh dícharbónaithe, faoi mar a léiríonn na cásanna uile ina shamhaltaítear na bealaí ar féidir an aeráidneodracht a bhaint amach[7]. Ní úsáidtear mórán hidrigine faoi láthair ó thaobh táirgiúlachta, iompair agus ídithe de ach tá coinne leis gur hidrigin a bheidh i 46 % - 49 % de na gáis uile in-athnuaite agus ísealcharbóin faoi 2050. Faoi 2030, tá coinne leis gur idir EUR 24 bhilliún agus EUR 42 bhilliún a bheidh sna hinfheistíochtaí

3 *Stepping up Europe’s 2030 climate ambition, Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people* [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa 2030, Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach ar son leas ár muintire], COM(2020) 562 final

4 *A Clean Planet for all* [Pláinéad Glan do chách]. Fís fhadtéarmach straitéiseach Eorpach chun geilleagar rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch agus aeráidneodrach a bhaint amach’, COM(2018) 773

5 DOICIMÉAD INMHEÁNACH DE CHUID AN CHOIMISIÚIN, MEASÚNÚ TIONCHAIR, Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa 2030, SWD(2020) 176 final

6 *An EU Strategy to harness the potential of offshore renewable energy for a climate neutral future* [Straitéis de chuid an Aontais chun leas a bhaint as fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta le haghaidh todhchaí atá aeráidneodrach], COM(2020) 741 final

7 Áirítear sna cásanna sin na cinn atá i Straitéis Fhadtéarmach an Aontais (2018), na cinn atá sa Phlean Deich mBliana maidir le Forbairt Gréasáin 2020 a d’fhorbair an ENTSO le haghaidh Gáis agus an ENTSO le haghaidh Leictreachais (2020), na cinn i ‘Conairí dícharbónaithe’ de chuid *Eurelectric* (2018), nó na cinn a forbraíodh le haghaidh Ard-Stiúrthóireacht ENER faoi chuimsiú an staidéir *‘Impact of the use of the biomethane and hydrogen potential on trans-European infrastruture’* [Tionchar úsáid acmhainneacht an bhithmheatáin agus na hidrigine ar bhonneagar tras-Eorpach] (2019).

iomlána i leictrealóirí hidrigine. Beidh tuairim agus EUR 65 bhilliún ag teastáil le haghaidh iompar, dáileachán agus stóráil hidrigine[47].

Cé gur bailí fós den chuid is mó iad cuspóirí an Rialacháin atá ann faoi láthair, ní léirítear go hiomlán go fóill sa chreat GTE-F atá ann faoi láthair na hathruithe ionchasacha ar an gcóras fuinnimh a éireoidh as an gcóras polaitiúil nua, go háirithe spriocanna 2030 nuashonraithe agus sprioc aeráidneodrachta 2050 faoin gComhaontú Glas don Eoraip.

Go háirithe, ní leor cineál ná scála na bhforbairtí bonneagair trasteorann a d'eascair as an GTE-F atá i bhfeidhm faoi láthair, sa chaoi nach gcumhdaíonn sé na catagóirí bonneagair uile atá ábhartha le haghaidh an aistriú fuinnimh agus nach léiríonn sé forbairtí teicneolaíochta go leordhóthanach. Dá bhrí sin, sa chaoi a bhfuil sé faoi láthair, ní oireann GTE-F do ghnóthú chuspóir na haeráidneodrachta. Is mór an dul chun cinn atá déanta ó thaobh réitigh eangaí cliste le blianta beaga anuas, lena n-áirítear freagairt ar an éileamh, de bharr an dlúis a cuireadh le haistriú digiteach na hearnála leictreachais. Le comhtháthú cliste córais idir na córais chumhachta agus gháis, mar aon le hearnálacha eile amhail iompar agus tionscal, cruthófar deiseanna breise chun an eangach gháis a dhícharbónú agus chun an córas cumhachta a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla, trí hidrigin agus gáis shintéiseacha a tháirgeadh as foinsí in-athnuaite fuinnimh mar shampla. Leis an bpleanáil reatha le haghaidh an chórais gréasáin, tá an iomarca béime ar chur chuige earnála, rud nach bhfreastalaíonn ar an ngá le comhtháthú cliste córais, ó tharla gur trí phróisis éagsúla a dhéantar measúnú ar riachtanais infheistíochta le haghaidh na n-earnálacha gáis agus leictreachais. Chomh maith leis sin, tá gá leis an méadú ionchasach ar riachtanais eangaí amach ón gcósta a léiriú nuair a bheidh eangacha á mbeartú amach anseo. Sa bhreis air sin, beidh ról níos tábhachtaí ag leibhéal an chórais dáileacháin maidir le pleanáil bonneagair fuinnimh toisc go bhfuil cuid shuntasach den acmhainneacht giniúna fuinnimh in-athnuaite ceangailte leis an eangach ísealvoltais agus mheánvoltais. Thairis sin, léiríonn an mheastóireacht ar an gcreat GTE-F atá ann faoi láthair go mbíonn moilleanna ar chur chun feidhme na dtionscadal leasa choitinn a sainaithníodh mar thionscadail atá riachtanach chun cuspóirí bheartas fuinnimh agus aeráide an Aontais a ghnóthú. In 2020, cuireadh siar 27 % de thionscadail leasa choitinn leictreachais ar feadh tréimhse 17 mí ar an meán in aghaidh an dáta choimisiúnaithe a bhí acu i dtús báire.

Chuige sin, díreoidh an GTE-F athbhreithnithe go háirithe ar an méid seo a leanas:

- Sainaithint na dtionscadal agus na n-infheistíochtaí trasteorann ar fud an Aontais agus lena thíortha comharsanachta a éascú, tionscadail agus infheistíochtaí atá riachtanach chun an t-aistriú fuinnimh agus na spriocanna aeráide a ghnóthú
- Feabhas a chur ar phleanáil bonneagair le haghaidh comhtháthú córais fuinnimh agus eangacha amach ón gcósta
- Nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh tionscadail leasa choitinn a ghiorrú chun moilleanna a sheachaint i dtionscadail lena n-éascaítear an t-aistriú fuinnimh
- Úsáid iomchuí uirlisí roinnte costas agus dreasachtaí rialála a áirithiú

Leis an tionscnamh seo, sainaithníodh agus rinneadh measúnú ar shraith beart lena ndéanfaí éifeachtúlacht Rialachán GTE-F a shimpliú agus a fheabhsú agus lena ndéanfaí costais chomhlíonta agus rialála a laghdú más féidir. Leis an tionscnamh seo, beifear in ann *i) oibleagáidí tuairiscithe agus faireacháin a chuíchóiriú, ii) ceanglais réamhchomhairliúcháin a sheachaint má tá siad cumhdaithe cheana féin faoi rialacha náisiúnta, faoi chaighdeáin atá mar an gcéanna nó níos airde ná na cinn atá i Rialachán GTE-F, agus iii) cuimsiú na dtionscadal leasa choitinn sa phlean deich mbliana maidir le*

*forbairt gréasáin*. Eascróidh tairbhí díreacha as na bearta simplithe toisc go laghdófar na costais dhíreacha athfhillteacha a bhaineann leis an ualach riaracháin de thoradh oibleagáidí laghduithe maidir le faireachán agus tuairisciú. I gcás na dtairbhí díreacha seo, is tairbhí príobháideacha iad do pháirtithe leasmhara áirithe amhail tionscnóirí tionscadail den chuid is mó.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Ba é ba chonclúid na meastóireachta a rinne an Coimisiún ar Rialachán GTE-F chun a fheidhmíocht go nuige seo a mheas, nár léirigh an creat atá i bhfeidhm faoi láthair a dhóthain solúbthachta chun dul in oiriúint do chuspóirí beartais an Aontais, cuspóirí a bhíonn ag athrú de réir a chéile. Is ábhartha an méid seo go háirithe i bhfianaise na bhforbairtí atá tagtha chun cinn i mbeartas fuinnimh agus aeráide an Aontais – go háirithe an bhéim agus uaillmhian bhreise a leagtar ar chuspóirí dícharbónaithe. Éilíonn Comhaontú Pháras agus an Comhaontú Glas don Eoraip aistriú suntasach a dhéanamh ar na bonneagair fuinnimh atá ann faoi láthair chun córas fuinnimh carbón-neodrach atá go hiomlán comhtháite a bhaint amach faoi 2050. Cé gur bailí fós iad bunchuspóirí Rialachán GTE-F -cinnteacht an tsoláthair, comhtháthú margaidh, iomaíocht agus inbhuanaitheacht -faoi Rialachán GTE-F leasaithe, tabharfar isteach athruithe lena n-áiritheofar comhsheasmhacht leis na spriocanna dícharbónaithe agus ailíniú leis an gcuspóir aeráidneodrachta agus le prionsabal na neamhdhíobhála suntasaí, faoi mar a shainmhínítear sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht[8].

Freagraíonn prionsabail fhoriomlána Rialachán GTE-F leasaithe ar an ngá le bheith comhsheasmhach leis na spriocanna agus cuspóirí éagsúla a leagtar amach sa Phacáiste le haghaidh Fuinneamh Glan, go háirithe an Treoir agus an Rialachán maidir leis an Margadh Leictreachais, an Rialachán maidir le Rialachas, agus an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, agus go háirithe freisin trí mhórúsáid agus comhtháthú na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh a chumasú agus trí thacú le ról méadaithe le haghaidh oibreoirí córais dáileacháin.

Leis an gComhaontú Glas agus na cuspóirí ábhartha i leith laghdú astaíochtaí, cuirtear an earnáil iompair ar chonair dícharbónaithe atá níos dinimiciúla i gcomparáid leis na spriocanna a bhí ann roimhe seo. Ar an gcaoi sin, tá coinne leis go mbeidh laghdú ollmhór ar an éileamh ar ola agus go dtiocfaidh deireadh de réir a chéile le hídiú ola gan srian de gach saghas. Dá bhrí sin, i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, ní áireofar bonneagar an tsoláthair ola sa Rialachán seo.

Cé nár léirigh an mheastóireacht aon neamhréir díreach idir an Rialachán GTE-F atá i bhfeidhm faoi láthair agus na bearta sonracha sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, leis na forálacha leasaithe, neartófar bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh sa phleanáil bonneagair trasearnála amach anseo.

Tá an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) comhlántach le Rialachán GTE-F toisc go réitíonn sí an bhearna mhaoiniúcháin atá ag tionscadail leasa choitinn a bhfuil luach mór socheacnamaíoch agus sochaíoch ag baint leo ach nach bhfuil indéanta ó thaobh tráchtála de. Tá incháilitheacht le haghaidh cúnamh airgeadais faoi SCE nasctha le raon feidhme na gcatagóirí bonneagair atá cumhdaithe faoi Rialachán GTE-F athbhreithnithe ó tharla gur réamhchoinníoll é do thionscadail bhonneagair trasteorann stádas tionscadail leasa choitinn a bheith acu faoin GTE-F chun maoiniú a fháil ó SCE.

---

8 Rialachán (AE) 2020/852 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088, IO L 198, 22.6.2020, lch. 13

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tríd an measúnú inbhuanaitheachta atá ann faoi láthair a neartú le haghaidh tionscadail leasa choitinn sa GTE-F athbhreithnithe, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún freisin cur le comhleanúnachas an tionscnaimh le gnéithe ábhartha de thacsanomaíocht an Aontais le haghaidh an chreata um infheistíochtaí inbhuanaithe. Leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht[9], bunaítear an creat le haghaidh sainmhíniú na gcritéar lena gcinntítear incháilitheacht gníomhaíochta eacnamaíche ó thaobh a hinbhuanaitheachta i leith an chomhshaoil, agus sa chaoi sin cuirfear oibleagáidí nochta ar an earnáil phríobháideach maidir le gnóthais airgeadais agus gnóthais nach mbaineann le hairgeadas, rud a dhíríonn caipiteal ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá (níos) inbhuanaithe agus a shainmhínítear de réir sé chuspóir comhshaoil.

Comhlíonfaidh tionscadail leasa choitinn prionsabal na neamhdhíobhála suntasaí, faoi mar a léirítear sa Chomhaontú Glas agus i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Chun an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú, comhlíonfaidh pleanáil bonneagair agus sainaithint na mbearnaí sa bhonneagar bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, agus déanfar na réitigh ábhartha uile nach mbaineann le bonneagar a mheas, agus tosaíocht á tabhairt don mheas sin, chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a shainaithneofar. Sa bhreis air sin, le linn chur chun feidhme na dtionscadal, ba cheart do na tionscnóirí tionscadail tuairisc a dhéanamh faoi chomhlíonadh na reachtaíochta comhshaoil agus ba cheart dóibh a léiriú nach ndéanann na tionscadail aon dochar suntasach don chomhshaol. Tá an tuairisciú seo tábhachtach le haghaidh an phróisis faireacháin agus le haghaidh iarratais ar liostaí Aontais amach anseo. Thairis sin, leis an Rialachán, tabharfar isteach ceanglas maidir le bearta um oiriúnú aeráide a chomhtháthú i dtionscadail leasa choitinn. In Airteagal 171(3) CFAE, déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht go bhféadfaidh an tAontas a chinneadh comhoibriú le tríú tíortha chun tionscadail chomhleasa a chur ar aghaidh[10] agus chun idir-inoibritheacht na ngréasán i gcomharsanacht an Aontais a áirithiú. Le comhar den chineál sin, is féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú san Aontas agus i dtríú tíortha agus cabhrú ar an gcaoi sin le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a ghnóthú. Má chumhdaítear tionscadail leasa choitinn i Rialachán GTE-F athbhreithnithe, cuirfear san áireamh an ról atá ag idirnaisc le tríú tíortha, ról atá ag fás, agus ligfear do raon feidhme na dtairbhí a leathnú, na tairbhí a eascróidh as cur chun feidhme chreat rialála an Aontais thar a theorainneacha. Tabharfar aird chuí ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar[11].

Tá sé d’aidhm ag Rialachán GTE-F athbhreithnithe aghaidh a thabhairt ar chuid de na fadhbanna seasmhacha, amhail moilleanna ar chur chun feidhme tionscadail agus rochtain ar mhaoiniú le haghaidh tionscadail bhonneagair trasteorann, fadhbanna a géaraíodh mar gheall ar an ngéarchéim sláinte, sa chaoi go léirítear comhsheasmhacht le haidhmeanna na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Ag brath ar chuspóirí na mBallstát, is beag maoiniú a chuirfear ar fáil d’idirnaisc fuinnimh trasteorann atá cliste agus inbhuanaithe faoi SCE.

Bearta sonracha tacaíochta a d’fhéadfadh na Ballstáit a thabhairt do thionscadail leasa choitinn, d’fhéadfaí iad a mheas mar Státchabhair. Bheadh gá le measúnú sonrach a dhéanamh ar na bearta sin

9 Rialachán (AE) 2020/852 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088, IO L 198, 22.6.2020, lch. 13

10 Art. 171(3) CFAE: ‘Féadfaidh an tAontas a chinneadh comhoibriú le tríú tíortha chun tionscadail leasa choitinn a chur ar aghaidh agus idir-inoibritheacht na ngréasán a áirithiú.’

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar, SWD(2020) 223 final

de réir na rialacha maidir le Státchabhair. Tá stádas tionscadail leasa choitinn ábhartha faoi na rialacha maidir le Státchabhair, faoi Rialachán Ginearálta Blocdhíolúine 2014[12] agus faoi Threoirlínte 2014-2020 maidir le Státchabhair do Chosaint an Chomhshaoil agus don Fhuinneamh[13]. Bearta náisiúnta a dhéantar chun tacú le tionscadail leasa choitinn thar an leithdháileadh costas trasteorann agus na dreasachtaí infheistíochta dá dtagraítear i Rialachán GTE-F, tá sé tábhachtach a mheabhrú go bhféadfaí iad a mheas mar Státchabhair agus go bhféadfaí iad a bheith faoi réir measúnú faoi na rialacha maidir le Státchabhair. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo maidir le leictrealóirí agus tionscadail stórála a bhféadfadh tionchar níos dírí a bheith acu ar mhargaí giniúna fuinnimh.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

In Airteagal 170 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, foráiltear go rannchuideoidh an tAontas le gréasáin thras-Eorpacha a bhunú agus a fhorbairt, lena n-áirítear in earnáil an bhonneagair fuinnimh. Ní mór don Aontas idirnascadh na ngréasán náisiúnta a chur chun cinn. Tá Rialachán GTE-F bunaithe ar Airteagal 172 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a fhorálann maidir leis an mbunús dlí chun treoirlínte a ghlacadh, treoirlínte a chumhdaíonn cuspóirí, tosaíochtaí agus imlínte na ngníomhaíochtaí atá beartaithe i réimse na ngréasán tras-Eorpach, faoi mar a leagtar amach in Airteagal 171. Baineann na treoirlínte le tionscadail leasa choitinn a shainaithint, tionscadail atá riachtanach chun cuspóirí beartais an GTE-F a ghnóthú. Leis na treoirlínte, leagtar amach freisin na coinníollacha faoinar féidir leis an Aontas tacaíocht airgeadais a thabhairt do na tionscadail leasa choitinn.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tá breisluach Eorpach ag bonneagar tarchurtha fuinnimh (lena n-áirítear eangach idirnasctha amach ón gcósta agus bonneagar eangaí cliste) i ngeall ar na tionchair thrasteorann dá chuid agus tá sé ríthábhachtach chun córas fuinnimh atá aeráidneodrach a bhaint amach. Tá luach ag baint le Rialachán GTE-F agus thacaigh sé le torthaí a bhaint amach maidir le comhtháthú mhargadh fuinnimh an Aontais, iomaíocht agus cinnteacht an tsoláthair. Chun bonneagar fuinnimh trasteorann a fhorbairt, tá gá le creat le haghaidh comhar réigiúnach idir na Ballstáit. Ní leor rialacháin agus gníomhaíochtaí de chuid Ballstáit ar leith chun na tionscadail bhonneagair sin a sholáthar ina n-iomláine.

Tá bonneagar trasteorann ag teastáil ón margadh inmheánach fuinnimh agus chun é sin a fhorbairt tá gá le comhar idir dhá Bhallstát nó níos mó, agus a chreat rialála féin ag gach ceann acu. Tá breisluach ag baint le Rialachán GTE-F i gcomparáid lena bhféadfaí a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach amháin. Tá breis agus 40 tionscadal bonneagair fuinnimh lárnach curtha chun feidhme ó tháinig an Rialachán i bhfeidhm, rud a chabhraigh leis an gcuid is mó de na Ballstáit an sprioc idirnaisc de 10 % le haghaidh 2020 a ghnóthú mar aon le heangach gháis atá nasctha mar is ceart agus atá seasmhach ó thaobh suaite de. Tá margadh fuinnimh an Aontais níos comhtháite agus níos iomaíche ná

[12] Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh, *IO L 187, 26.6.2014, lch. 1*

[13] Teachtaireacht ón gCoimisiún — Treoirlínte maidir le Státchabhair do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh 2014-2020, *IO C 200, 28.6.2014, lch. 1*

mar a bhí sé in 2013 agus tá feabhas ar chinnteacht fuinnimh an Aontais. De bharr maoiniú spriocdhírithe faoi SCE, bhíothas in ann 95 thionscadal leasa choitinn a chur chun feidhme, tionscadail a mbeadh sé deacair maoiniú a rochtain ina leith faoi rialacha an mhargaidh.

Ní bheifí in ann an dul chun cinn a luaitear thuas a bhaint amach le gníomhaíocht na mBallstát ina n-aonair. Dheimhnigh páirtithe leasmhara éagsúla an breisluach a bhaineann le Rialachán GTE-F agus leag siad béim ar thábhacht an chomhair réigiúnaigh ó thaobh cur chun feidhme tionscadal trasteorann, trédhearcachta, cinnteacht rialála agus rochtain ar mhaoiniú.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an tionscnamh prionsabal na comhréireachta. Tagann sé faoin raon feidhme maidir le gníomhaíocht i réimse na ngréasán tras-Eorpach fuinnimh, mar a shainmhínítear in Airteagal 170 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tá an idirghabháil bheartais comhréireach le gné agus nádúr na bhfadhbanna arna sainmhíniú agus le gnóthú na gcuspóirí arna leagan amach.

Ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir ginearálta atá á shaothrú a ghnóthú, is é sin an cuspóir chun tacú le bonneagair fuinnimh leordhóthanacha a fhorbairt go tráthúil ar fud an Aontais agus ina chomharsanacht d'fhonn cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais a ghnóthú i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, go háirithe maidir le spriocanna 2030/50 lena n-áirítear an cuspóir aeráidneodrachta, comhlíonadh phrionsabal na neamhdhíobhála suntasaí, mar aon le comhtháthú margaidh, iomaíochas agus cinnteacht an tsoláthair.

Ag tógáil dó ar thorthaí na meastóireachta, rinne an Coimisiún measúnú ar roinnt roghanna beartais a bhaineann le ceithre réimse tionchair an chreata GTE-F atá i bhfeidhm faoi láthair, amhail an raon feidhme, rialachas/pleanáil bonneagair, ceadú agus rannpháirtíocht an phobail, agus láimhseáil rialála.

Léiríonn an measúnú agus an chomparáid a rinneadh ar na roghanna (féach go háirithe ranna 7 agus 8 den Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis seo) nach leor aon rogha aonair chun na cuspóirí arna sainaithint a chomhlíonadh. Sainaithint phacáiste na roghanna beartais is oiriúnaí do ghnóthú na gcuspóirí sonracha, is ar mheasúnú a bhfuil prionsabal na comhréireachta mar chuid de atá sé bunaithe.

Is é is aidhm don phacáiste seo Rialachán GTE-F a dhéanamh 'slán i bhfad na haimsire'. Cumhdaíonn na roghanna maidir le raon feidhme an Rialacháin amach anseo gach teicneolaíocht is gá le haghaidh an aistrithe fuinnimh agus na spriocanna aeráide. Tá na sainmhínithe sonrach ó thaobh ama de agus san am céanna tá siad leathan go leor chun freastal a mhéid is féidir ar fhorbairtí sa teicneolaíocht. Leis an gcreat roghnúcháin le haghaidh tionscadail leasa choitinn agus an cur chuige nua i leith pleanáil bonneagair thrasearnála, leagtar amach na príomhghnéithe ó thaobh cuspóirí agus critéar de. Leis an gcreat a bheidh ann amach anseo, coinneofar ról na ngrúpaí réigiúnacha sa phróiseas roghnúcháin chun na gnéithe seo a shonrú agus a choigeartú a thuilleadh in aghaidh tosaíochtaí nua beartais agus forbairtí sa teicneolaíocht, agus aird á tabhairt ar an gcomhthéacs réigiúnach freisin.

- **An rogha ionstraime**

Ag tógáil di ar mheastóireacht fhoriomlán dhearfach an Rialacháin atá i bhfeidhm faoi láthair, is Rialachán í an ionstraim a roghnaíodh, ionstraim éifeachtach a bhfuil feidhm dhíreach aici agus atá ceangailteach ina hiomláine, rud a áirithíonn cur chun feidhme aonfhoirmeach agus deimhneacht dhlíthiúil.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

I mí an Mhárta 2019, mar chuid den chomhaontú polaitiúil páirteach idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa le haghaidh na tréimhse 2021-2027, chomhaontaigh na comhreachtóirí go raibh gá ann meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar chomhleanúnachas beartais Rialachán 347/2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh (Rialachán GTE-F), agus é a dhéanamh faoin 31 Nollaig 2020[14]. I mí na Nollaig 2019, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[15], rinneadh tagairt shainráite don ghá atá ann le hathbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán GTE-F chun comhsheasmhacht le cuspóirí aeráidneodrachta a áirithiú.

I bhfianaise na hamlíne le haghaidh na meastóireachta agus an athbhreithnithe ar Rialachán GTE-F, roghnaigh an Coimisiún ‘meastóireacht agus measúnú tionchair i ndiaidh a chéile’ a dhéanamh. Rinneadh an mheastóireacht ar Rialachán GTE-F idir mí Eanáir 2019 agus mí Mheán Fómhair 2020. Leis an meastóireacht, rinneadh measúnú ar a mhéid a d’éirigh le Rialachán GTE-F na cuspóirí sonracha a bhí aige a ghnóthú go dtí seo, agus sainaithníodh na fachtóirí a chabhraigh lena ngnóthú nó a chur bac orthu. Go sonrach, rinneadh measúnú ar éifeachtacht an Rialacháin i gcomparáid le bunlíne (i.e. an staid ceal an Rialacháin), chun breithmheas a dhéanamh ar cé acu an raibh tionchar suntasach agus breisluach ag baint leis nó nach raibh.

Go bunúsach, d’fhéach an mheastóireacht ar an méid seo a leanas:

- Conas a d’éirigh leis an Rialachán GTE-F atá i bhfeidhm faoi láthair agus cén fáth ar éirigh leis nó nár éirigh, agus cé na fachtóirí a chabhraigh lena chuspóirí a ghnóthú nó a chur bac orthu;
- Tionchar an Rialacháin, go háirithe maidir leis an dul chun cinn atá déanta aige ó thaobh a chuspóirí a ghnóthú.

Leis an gcur chuige ‘ceann i ndiaidh a chéile’, áirithíodh go mbainfí na gnéithe múnlaitheacha as torthaí na meastóireachta chun conclúid a dhéanamh ar a mhéid a leanfaidh an Rialachán de bheith oiriúnach agus ábhartha san am amach anseo, i bhfianaise na dtionscnamh beartais arna nglacadh nó atá á mbeartú agus a chuirfidh dlús leis an dícharbónú meántéarmach agus fadtéarmach. Leis na gnéithe réamhbhreathnaitheacha, féachadh ar conas a áirithiú go bhfuil bonneagar fuinnimh cumasúcháin i bhfeidhm atá in oiriúint do na huaillmhianta maidir le dícharbónú méadaithe agus úsáid an fhuinnimh in-athnuaite, agus léiríonn siad réimsí inar féidir idirghabháil a dhéanamh.

I gcomhréir le raon feidhme agus infheidhmeacht Rialachán GTE-F, chumhdaigh an mheastóireacht gach Ballstát. I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, féachadh ar chúig chritéar chun feidhmiú Rialachán GTE-F a mheas: éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas, agus breisluach an Aontais.

[14] https://www.consilium.europa.eu/media/38507/st07207-re01-en19.pdf
http://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-8-2019-0420_EN.pdf
[15] COM(2019) 640

Léirigh an mheastóireacht go bhfuil méadú ar idirnaisc fuinnimh ar fud an Aontais ó 2013 i leith de thoradh chur chun feidhme Rialachán GTE-F agus tionscadal leasa choitinn i ngach réigiún. Tháinig feabhas ar chomhtháthú ghréasáin na mBallstát mar gheall ar an idirnasc méadaithe, rud ba chúis le margadh fuinnimh an Aontais a bheith níos comhtháite agus níos iomaíche ná mar a bhí roimh chur chun feidhme Rialachán GTE-F. Tháinig praghsanna mórdhíola leictreachais le chéile i mbeagnach gach Ballstát. Tháinig praghsanna gáis le chéile chomh maith. Tháinig méadú suntasach ar chinnteacht an tsoláthair gáis ó 2013 i leith trí idirnaisc nua agus críochfoirt nua le haghaidh gás nádúrtha leachtaithe. Chabhraigh tionscadail leasa choitinn le cuspóirí reatha Rialachán GTE-F mar a ceapadh é in 2013 a chomhlíonadh. Mar sin féin, ní léiríonn catagóirí bonneagair sa Rialachán GTE-F atá i bhfeidhm faoi láthair na huaillmhianta nua aeráide ná an cuspóir aeráidneodrachta, agus ní léiríonn siad na forbairtí is déanaí sa teicneolaíocht ach oiread. Ba cheart aird a thabhairt ar an dul chun cinn sin sna catagóirí bonneagair a chumhdaítear faoin Rialachán, agus sna critéir roghnúcháin le haghaidh na dtionscadal leasa choitinn mar aon leis na conairí agus réimsí téamacha tosaíochta.

Léiríodh gur éifeachtach é an próiseas sainaitheanta agus roghnúcháin le haghaidh na dtionscadal leasa choitinn sna Grúpaí Réigiúnacha ó thaobh comhordú a fheabhsú agus cinntí a chumasú i leith tionscadail trasteorann ar bhonn cur chuige réigiúnach agus Eorpach. Léiríodh gur éifeachtach é próiseas an phlean deich mbliana maidir le forbairt gréasáin chun tús a chur le sainaithint na dtionscadal leasa choitinn. Mar sin féin, cé go bhfuil ról tábhachtach ag na Líonraí Eorpacha d'Oibreoirí Córais Tharchurtha (ENTSO) agus ag Oibreoirí Córais Tharchurtha sa phróiseas, tá gá le tuilleadh cuimsitheachta agus tuilleadh grinnscrúdú a dhéanamh ar na príomhionchuir agus na príomhthoimhdí chun muinín as an bpróiseas a fheabhsú.

Is rud tábhachtach é an sásra um leithdháileadh costas trasteorann chun cur chun feidhme na dtionscadal a chumasú. Mar sin féin, is minic nach ndeachaigh an leithdháileadh costas trasteorann chun an bhearna airgeadais a laghdú de réir mar a bhí beartaithe.

Cé go ndearnadh na nósanna imeachta ceadaithe níos giorra, tá nósanna imeachta fada fós ann i gcásanna áirithe. Mar sin féin, baineann na bunchúiseanna leis an gcur chun feidhme náisiúnta den chuid is mó agus tá siad lasmuigh de raon feidhme Rialachán GTE-F.

Bhíothas in ann 95 thionscadal a chur chun feidhme go héifeachtach de thoradh an chúnaimh airgeadais ó SCE a deonaíodh dóibh. Le deontais le haghaidh staidéir, bhíothas in ann rioscaí a laghdú le linn na gcéimeanna luatha forbartha, agus le deontais le haghaidh oibreacha, tacaíodh le tionscadail lena dtugtar aghaidh ar na príomhscrogaill, rud nach rabhthas in ann a dhéanamh go leordhóthanach le maoiniú bunaithe ar an margadh.

Ba é conclúid na meastóireachta gur mó na tairbhí a bhain leis an Rialachán ná na costais, rud a léirigh go raibh sé éifeachtúil. Baineadh tairbhí socheacnamaíocha as Rialachán GTE-F trí mhéadú ar chinnteacht an tsoláthair agus trí mhargaí fuinnimh atá níos comhtháite agus níos iomaíche. Chomh maith leis sin, chuir an Rialachán leis an méid faisnéise atá ar fáil agus le comhordú agus trédhearcacht fheabhsaithe.

Is ábhartha fós iad bunchuspóirí Rialachán GTE-F -cinnteacht an tsoláthair, comhtháthú margaidh, iomaíocht agus inbhuanaitheacht. Mar sin féin, leis an méadú ar na huaillmhianta aeráide faoi Chomhaontú Pháras agus faoin gComhaontú Glas don Eoraip, éilítear athchothromú a dhéanamh ar na cuspóirí chun na spriocanna dícharbónaithe a chomhlíonadh agus chun cur leis an aeráidneodracht.

Níor léirigh an mheastóireacht mórán fianaise maidir le himní faoi chomhleanúnachas inmheánach Rialachán GTE-F seachas athruithe meicníocha agus easpa solúbthachta ó thaobh oiriúnú do réimsí beartais atá ag athrú go gasta.

Bhain Rialachán GTE-F torthaí amach nach mbeifí in ann iad a ghnóthú trí ghníomhaíocht ar leibhéal na mBallstát, rud a léiríonn go bhfuil breisluach an Aontais ag baint leis.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr le haghaidh 'meastóireachtaí agus measúnuithe tionchair i ndiaidh a chéile', rinne an Coimisiún comhairliúchán cuimsitheach le páirtithe leasmhara a bhí bunaithe ar straitéis comhairliúcháin lenar baineadh leas as réimse modhanna agus uirlisí. Bhí sé d'aidhm ag an straitéis comhairliúcháin a áirithiú go dtabharfaí aird ar an bhfianaise ábhartha uile, lena n-áirítear sonraí maidir le costais, an tionchar ar an tsochaí agus na tairbhí a d'fhéadfaí a bhaint as an tionscnamh. Ceapadh an straitéis i gcomhréir leis an loighic idirghabhála agus tugadh le chéile gnéithe siarbhreathnaitheacha mar aon le gnéithe réamhbhreathnaitheacha. Baineadh úsáid as roinnt uirlisí comhairliúcháin: comhairliúchán poiblí ar líne, suirbhé spriocdhírithe ar líne, agallaimh chuimsitheacha agus físchomhdhálacha ar líne le páirtithe leasmhara (ceithre cinn).

Fuair an Coimisiún 215 fhreagra ar an gcomhairliúchán poiblí oscailte agus ar na ceistneoirí spriocdhírithe mar aon le 169 n-aighneacht bhreise trí ríomhphost a tháinig go príomha ó shaoránaigh, tionscnóirí tionscadail agus comhlachais tionscail. Le tacaíocht ó chomhairleoir, rinneadh tuairim agus 80 agallamh cuimsitheach le páirtithe leasmhara de chuid Rialachán GTE-F chun faisnéis mhionsonraithe agus fianaise i leith príomhghnéithe a chur ar fáil, faisnéis níos faide ná mar a bhíothas in ann a fháil leis an gceistneoir spriocdhírithe. Tugadh aghaidh ar phríomhghnéithe an athbhreithnithe le linn ceithre fhíschomhdháil le páirtithe leasmhara ar fhreastal breis agus 40 painéalaí agus 300 rannphpáirtí orthu.

Go ginearálta, dhearbhaigh na páirtithe leasmhara na tairbhí a bhain le GTE-F go nuige seo ó thaobh na gcuspóirí foriomlána a ghnóthú: chuir sé le comhtháthú an mhargaidh fuinnimh, bhain sé leibhéal leormhaith amach ó thaobh chinnteacht an tsoláthair de, agus chuir sé le hiomaíochas i margadh fuinnimh an Aontais. Maidir leis a mhéid a chabhraigh sé le spriocanna 2020 i leith fuinnimh agus na haeráide a ghnóthú, bhí na tuairimí roinnte idir an breithmheas dearfach ó oibreoirí córais tharchurtha agus údaráis inniúla náisiúnta, arb as an Eoraip Láir agus Thoir dóibh go minic, agus na tuairimí diúltacha ó roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha i leith ról an gháis go háirithe.

Go ginearálta, creideann páirtithe leasmhara den chuid is mó gurb é próiseas na dtionscadal leasa choitinn a ligeann do roghnú na dtionscadal is ábhartha le haghaidh ghnóthú chuspóirí GTE-F trí bhíthin comhar réigiúnach sna Grúpaí Réigiúnacha. Cé go meastar gur iomchuí iad na critéir roghnúcháin i bprionsabal, d'iarr na páirtithe leasmhara ar chomhsheasmhach leis na spriocanna aeráide trí scrúdú inbhuanaitheachta críochnúil a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, measann roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe leasmhara ón earnáil go bhfuil na critéir rótheoranta le haghaidh tionscadail eangaí cliste.

Bhí páirtithe leasmhara den tuairim nach bhfuil Rialachán GTE-F ag tabhairt aghaidh go hiomlán ar phríomhcheisteanna amhail comhtháthú níos doimhne an fhuinnimh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus athrú aeráide a mhaolú. Dhírigh an t-ionchur ar neamhréireanna áirithe idir Rialachán GTE-F agus beartais nó tionscnaimh eile ar leibhéal an Aontais amhail an Comhaontú Glas don Eoraip / an Straitéis Fhadtéarmach um Dhícharbónú. Mar fhreagairt ar na dúshláin sin, measadh gur ábhartha iad na catagóirí bonneagair seo a leanas lena gcuimsiú i gcreat GTE-F: bonneagair hidrigine agus eangacha cliste dáileacháin le haghaidh an gháis, cumhacht a dhéantar as gás, gréasán fuinnimh chun tacú le bonneagair lochtaithe leictrigh nó athbhreoslaithe hidrigine, agus gréasán fuinnimh i dtionscadail hibrideacha gaoithe amach ón gcósta. Mar sin féin, ba mheasctha an tacaíocht a léiríodh, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha go sonrach, i leith bonneagar tiomanta hidrigine, eangacha cliste gáis agus teicneolaíochtaí lena ndéantar cumhacht as gás. Léirigh páirtithe leasmhara, go háirithe an tsochaí shibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhlachais tionscadail leictreachais,

leibhéal measartha íseal tacaíochta le haghaidh ghréasáin $CO_2$ agus le haghaidh stóráil $CO_2$ go háirithe. Mar sin féin, nuair a rinneadh tuilleadh anailíse ar an ionchur a fuarthas maidir le gréasáin $CO_2$ a chuimsiú mar chatagóir bonneagair, léiríodh gur beag an fhianaise a bhí ann chun gréasáin $CO_2$ a bhaint de Rialachán GTE-F.

Maidir le rialachas agus ról gníomhaithe éagsúla, d'iarr páirtithe leasmhara ar ról na ENTSOanna a lagú agus, san am céanna, ról oibreoirí córais daileacháin (OCDanna) agus páirtithe leasmhara eile amhail eagraíochtaí neamhrialtasacha a neartú.

Cé go bhfuil nósanna imeachta um dheonú ceadanna níos giorra ó tháinig Rialachán GTE-F i bhfeidhm, tá a n-éifeachtacht ag brath go mór ar an gcur chun feidhme náisiúnta, faoi mar a thug páirtithe leasmhara éagsúla le fios. Cé gur cúis amháin leis seo iad nósanna imeachta náisiúnta atá casta i gcónaí, is cúiseanna eile a chuireann síneadh le tréimhsí ceadaithe iad saincheisteanna comhshaoil a bhaineann le tionscadail leasa choitinn agus cur i gcoinne an phobail a thionscnaíonn cásanna cúirte fadálacha in aghaidh na dtionscadal. Is cosúil gur méadaíodh an fheasacht atá ann ar thionscadail leasa choitinn agus gur feabhsaíodh rannpháirtíocht an phobail agus muinín as an bpróiseas mar gheall ar na ceanglais maidir le comhairliúchán poiblí faoin GTE-F. Mar sin féin, is cosúil gur beag tionchar atá ag na forálacha ar ghlacadh an phobail a mhéadú, rud atá mar thoradh, den chuid is mó, ar an easpa faisnéise (cothrom le dáta) a mheastar a bheith ann ar na riachtanais bhonneagair agus ar an easpa aiseolais ar dhearadh na dtionscadal.

An cur chuige a tugadh isteach leis an GTE-F chun costais a roinnt idir na Ballstáit d'fhonn tionscadail a raibh tairbhí thar theorainneacha ag baint leo a chumasú, is é sin an sásra um leithdháileadh costas trasteorann, meastar den chuid is mó gur tugadh aghaidh ar an éagothroime idir costais agus tairbhí a bhí ann roimhe sin de thoradh an tsásra sin. Léiríodh gur féidir le sásraí um leithdháileadh costas trasteorann a bheith éifeachtach i gcásanna áirithe, cé go bhfuil fachtóirí ann a laghdaíonn sásamh na bpáirtithe leasmhara leis an bpróiseas amhail luacháil an tsásra agus a chasta atá sé sonraí a fháil, an t-am breise atá ann sular féidir cinneadh infheistíochta a dhéanamh agus easpa torthaí soiléire ar féidir cinneadh a dhéanamh ar a mbun.

Tá comhaontú forleathan i measc na bpáirtithe leasmhara go bhfuil breisluach an Aontais ag baint le Rialachán GTE-F agus nárbh fhéidir na torthaí a ghabhann leis a bhaint amach ag na Ballstáit agus iad ag gníomhú astu féin. Léirigh mórchuid den mhéid céanna go bhfuil gá fós ann le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais maidir leis na saincheisteanna a dtugann Rialachán GTE-F aghaidh orthu. Thairis sin, creideann formhór na bhfreagróirí gur mó iad na tairbhí ná na costais a bhaineann le Rialachán GTE-F.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Baineann an togra agus an measúnú tionchair foluiteach leas as fianaise ón meastóireacht a rinneadh ar Rialachán 347/2013 maidir le treoirlínte le haghaidh gréasáin thras-Eorpacha fuinnimh, idir ionchur ó na páirtithe leasmhara agus na comhairliúcháin chuimsitheacha a rinneadh maidir leis sin, mar aon leis an athbhreithniú litríochta, anailís ar phunann na dtionscadal leasa choitinn agus samhaltú. Mar chuid den athbhreithniú litríochta, féachadh ar na torthaí ó shraith staidéar a rinneadh ar phríomhghnéithe Rialachán GTE-F, torthaí ó mheastóireacht lártéarma a rinneadh ar Rialachán GTE-F mar aon le meastóireachtaí agus measúnuithe a rinneadh faoi chuimsiú tionscnamh ábhartha eile ón gCoimisiún.

Mar chuid den anailís, féachadh freisin ar chonclúidí foirmiúla a glacadh faoi chuimsiú fhóraim na bpáirtithe leasmhara maidir le bonneagar fuinnimh agus an beartas a bhaineann leis. Chomh maith leis sin, tugadh an aird chéanna ar na tuarascálacha comhdhlúithe faireacháin bliantúla ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtionscadail leasa choitinn leictreachais agus gáis, tionscadail acmhainneachta incrimintí agus pointí teagmhála fíorúla mar aon le nuashonruithe eile maidir le cinntí i leith leithdháileadh costas trasteorann agus dreasachtaí bunaithe ar riosca atá sonrach do thionscadal ar leith.

- **Measúnú tionchair**

De bhun na dtreoirlínte um Rialáil Níos Fearr, rinne an Coimisiún Measúnú Tionchair ar roinnt roghanna beartais. Chun tacú leis an obair sin rinneadh comhairliúchán struchtúrtha laistigh den Choimisiún trí Ghrúpa Stiúrtha Idirsheirbhíse.

Cuireadh an measúnú tionchair faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála (RSB), agus pléadh leis an mBord é. Rinne RSB moltaí ina chéad tuairim (dhiúltach) an 25 Meán Fómhair 2020 agus tugadh aghaidh orthu go sonrach leis na bearta seo a leanas: (i) tuilleadh soiléiriú a dhéanamh ar an gcúlra agus ar phríomhghnéithe an Rialachán GTE-F atá i bhfeidhm faoi láthair, (ii) béim a leagan ar phríomhchonclúidí na meastóireachta ar rudaí ar éirigh leo agus ar rudaí nár éirigh leo sa Rialachán GTE-F atá i bhfeidhm faoi láthair agus iad a nascadh go córasach le sainmhíniú na faidhbe, iii) tuilleadh soiléiriú a dhéanamh ar shainmhíniú na faidhbe chun míniú níos fearr a thabhairt ar an mbealach a mbaineann creat GTE-F le comhthéacs beartais nua an Chomhaontaithe Ghlais agus ar an mbealach a mbaineann na cuspóirí agus na roghanna leis na fadhbanna agus na bunchúiseanna, iv) míniú níos fearr a thabhairt ar an bhfáth a meastar go bhfuil an pacáiste de roghanna tosaíochta ar an mbealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh (agus béim a leagan ar roghanna malartacha féideartha), agus v) táscairí ratha a shonrú. Ba dhearfach an dara tuairim a d’eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála an 1 Nollaig agus bhí forchoimeádais inti a dtugadh aghaidh orthu go sonrach leis na bearta seo a leanas: (i) tuilleadh soiléiriú a dhéanamh ar an raon feidhme agus ar an cuspóir éagsúil atá ag Rialachán GTE-F agus ag an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, ii) míniú a thabhairt ar an mbealach a ndéanfar roghnúchán na dtionscadal leasa choitinn a ailíniú le cuspóirí beartais an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú Glas, de thoradh thionchair chomhcheangailte na n-athruithe atá beartaithe, iii) tuilleadh soiléiriú a dhéanamh ar an bhfáth a meastar go bhfuil an pacáiste de roghanna tosaíochta ‘slán i bhfad na haimsire’, agus iv) míniú níos fearr a thabhairt ar an mbealach a bhfuil cur chun feidhme agus forfheidhmiú náisiúnta ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna ar dheonú ceadanna, agus ar an mbealach ar féidir leis an rogha thosaíochta cabhrú le cur chun feidhme tráthúil na dtionscadal leasa choitinn.

I rith na hoibre le haghaidh an mheasúnaithe tionchair, féachadh ar réimse beart ar fud gach réimse chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna agus na bunchúiseanna arna sainaithint d’fhonn cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach. Tar éis measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas agus comhréireacht na mbeart, cinneadh go raibh pacáiste de roghanna tosaíochta ar an mbealach is fearr chun cur leis na cuspóirí arna leagan amach. Áirítear sa phacáiste de roghanna tosaíochta na príomhfhorálacha seo a leanas:

- Nuashonrú a dhéanamh ar chritéir incháilitheachta le haghaidh eangacha cliste leictreachais

- Bonneagar gáis nádúrtha a eisiamh ach hidrigin, cumhacht a dhéantar as gás agus eangacha cliste gáis a chuimsiú
- Tionscadail leasa choitinn a chuimsiú
- Pleananna comhtháite maidir le forbairt amach ón gcósta
- Rialachas agus inbhuanaitheacht neartaithe
- Dlús a chur le cur chun feidhme na dtionscadal
- Ionad ilfhreastail in aghaidh an imchuach farraige le haghaidh tionscadail in-athnuaite amach ón gcósta
- Costais iomlána infheistíochta a chuimsiú

Maidir le raon feidhme iomlán GTE-F, is ceist thábhachtach é bonneagar gáis nádúrtha a choimeád mar chatagóir bonneagair incháilithe nó gan é a choimeád. Bunaithe ar an anailís i ranna 6 agus 7 den mheasúnú tionchair, dealraíonn sé gurb é an cur chuige is éifeachtaí agus is comhleanúnaí bonneagar gáis miotáin a eisiamh. San am céanna, meastar go bhfuil údar cuí le bonneagar hidrigine a chuimsiú i raon feidhme an chreat GTE-F toisc go bhfuil coinne leis go mbeidh ról méadaithe aige maidir le dícharbónú earnálacha áirithe agus go bhféadfaí í a mhalartú thar theorannacha. I dteannta a chéile, áiritheofaí leis na hathruithe sin go gcuimseofaí sa GTE-F amach anseo na catagóirí bonneagair uile sin a bhfuil gá leo chun cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais a bhaint amach i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, go háirithe na spriocanna le haghaidh 2030/50. Maidir leis an gcur chuige a bheidh ann amach anseo i leith pleanáil bonneagair, ní léir go bhfuil údar cuí le hathrú ó bhonn a dhéanamh ar phleanáil bonneagair i bhfianaise a lú is a bheadh na tairbhí breise a bhainfí as agus i bhfianaise an mhéadaithe shuntasaigh ar chostais idirbhearta a chruthódh sé, rudaí a laghdódh éifeachtúlacht agus a d’fhéadfadh a bhaint d’éifeachtacht na hionstraime i gcomparáid leis an gcur chuige atá ann faoi láthair a neartú. Mar sin féin, i bhfianaise na sonraíochtaí ó thaobh cúrsaí mar atá siad faoi láthair agus an rannchuidithe a bhfuiltear ag súil leis ó thaobh na gcuspóirí fadtéarmacha i leith fuinnimh agus na haeráide, dealraítear go bhfuil údar cuí le hathrú níos radacaí a dhéanamh ar eangacha amach ón gcósta.

Leis na roghanna a bhaineann le ‘eangacha amach ón gcósta’ agus ‘pleanáil bonneagair thrasearnála’, cuirfear feabhas ar rialachas agus ar an gcreat um phleanáil bonneagair chun go mbeifear in ann na tionscadail is gá le haghaidh an aistrithe fuinnimh agus na spriocanna aeráide a shainaithint i gcomhréir leis an acmhainneacht in-athnuaite amach ón gcósta a bhaineann le gach imchuach farraige agus le cosaint an chomhshaoil agus úsáidí eile na farraige. Tá dhá phríomhfheabhas ann: Sa chéad dul síos, tabharfar isteach plean comhtháite maidir le forbairt gréasáin le haghaidh bonneagair amach an gcósta, plean atá bunaithe ar ghealltanais chomhpháirteacha na mBallstát i leith an mhéid fuinnimh in-athnuaite amach an gcósta a mbainfear as gach imchuach farraige (cur chuige ón mbarr aníos le haghaidh pleanáil amach ón gcósta); sa dara dul síos, déanfar coigeartú ar róil na bpríomhghníomhaithe atá páirteach i bhforbairt an phlean deich mbliana maidir le forbairt gréasáin mar aon le formhaoirseacht neartaithe ón gCoimisiún agus ó ACER ar na ENTSOanna. Comhlánóidh roghanna beartais maidir le ‘ceadú’ agus ‘cóir rialála’ na feabhsaithe seo chun forbairt thráthúil na dtionscadal leasa choitinn arna sainaithint a éascú: a) tabhairt isteach ionaid ilfhreastail le haghaidh bonneagar amach an gcósta in aghaidh an imchuach farraige, b) rochtain ar nósanna imeachta cúirte práinneacha, más ann dóibh, agus c) costais iomlána infheistíochta a chuimsiú sa leithdháileadh costas trasteorann. Sa bhreis ar na hathruithe a bhaineann go sonrach le heangacha amach ón gcósta, beidh feidhm ag na

hathruithe maidir le raon feidhme Rialachán GTE-F athbhreithnithe agus leis na catagóirí bonneagair incháilithe uile. Ar deireadh, leathnófar na tairbhí a luaitear thuas chun tionscadail a nascann an tAontas le tríú tíortha a chumhdach toisc go bhfuiltear ag súil leis go mbeidh ról méadaithe acu ó thaobh na gcuspóirí aeráide a ghnóthú.

Sa bhreis air sin, tá roinnt roghanna teicniúla (féach Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis an measúnú tionchair) mar chuid den phacáiste beartais: dlús a chur leis an bpróiseas ceadaithe, trédhearcacht na dtionscadal leasa choitinn a mhéadú, an deis a thabhairt do thionscadail eangaí cliste leithdháileadh costas trasteorann a fháil, forálacha an leithdháilte costas trasteorann a shoiléiriú, agus dreasachtaí infheistíochta a nuashonrú. Thairis sin, ní bheidh píblínte ola agus mórbhealaí leictreachais ina gcatagóirí bonneagair ná ina réimsí téamacha a thuilleadh.

Tá an measúnú tionchair ag brath ar chur chuige cáilíochtúil den chuid is mó. Níorbh fhéidir an tionchar ar gach rogha a mheas mar gheall ar an easpa sonraí a bhaineann go sonrach le tionscadal, go háirithe i gcás na gcatagóirí nua bonneagair. Thairis sin, is feabhais de réir a chéile iad na hathruithe beartaithe ar an gcreat atá ann faoi láthair, agus meastar go n-oibríonn sé go sásúil.

Má dhéantar raon feidhme na hionstraime a oiriúnú trí dheimhin a dhéanamh de go bhfuil na catagóirí bonneagair comhsheasmhach leis an gcuspóir aeráidneodrachta, laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus tacófar leis sin le pleanáil chomhtháite bonneagair atá optamach agus éifeachtúil, rud a íoslaghdóidh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an gcomhshaol chomh maith. Chomh maith leis sin, má chuirtear dlús leis an bpróiseas deonaithe ceadanna, is tapúla a chuirfear tionscadail lárnacha chun feidhme, agus is tapúla a gheofar na tairbhí socheacnamaíocha agus comhshaoil dá bharr.

Leis an measúnú tionchair, sainaithníodh na spriocghrúpaí lárnacha seo a leanas a mbeidh tionchar ag an tionscnamh seo orthu: Saoránaigh agus tomhaltóirí Eorpacha, eagraíochtaí neamhrialtasacha, Rialtóirí an Aontais Eorpaigh, Údaráis Rialála Náisiúnta, Údaráis Náisiúnta Inniúla agus a n-ionadaithe áitiúla agus réigiúnacha, na Líonraí Eorpacha d'Oibreoirí Córais Tharchurtha (an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis), eagraíochtaí brainse OCD, tionscnóirí tionscadail lena n-áirítear Oibreoirí Córais Tharchurtha, táirgeoirí nó tionscal fuinnimh, lucht léinn agus saineolaithe téamacha.

Baineann *tairbhí díreacha* an phacáiste de roghanna beartais tosaíochta le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus éifeachtúlacht fheabhsaithe ar mórscála go príomha trí chur chuige níos comhordaithe i leith pleanáil bonneagair ar an leibhéal Eorpach agus ceadú cuíchóirithe le haghaidh forbairtí amach ón gcósta. Cuimsíonn na tairbhí díreacha seo tairbhí sóisialta, e.g. baineann an tsochaí i gcoitinne tairbhí as astaíochtaí gás ceaptha teasa laghdaithe agus as gnóthú an chuspóra aeráidneodrachta, chomh maith le tairbhí príobháideacha, e.g. costais riaracháin laghdaithe mar gheall ar nósanna imeachta ceadaithe atá níos giorra.

Eascróidh tairbhí díreacha ó na bearta simplithe toisc go laghdófar na costais dhíreacha thréimhsiúla atá ann mar gheall ar an ualach riaracháin ó tharla go mbeidh oibleagáidí laghdaithe ann maidir le faireachán agus tuairisciú. I gcás na dtairbhí díreacha seo, is tairbhí príobháideacha iad do pháirtithe leasmhara áirithe amhail tionscnóirí tionscadail den chuid is mó.

Cuimsíonn *tairbhí indíreacha* tairbhí earnála trí éileamh margaidh a spreagadh le haghaidh teicneolaíochtaí nuálacha áirithe, rud a d'fhéadfadh cur leis an ráta fostaíochta atá ann.

Léirigh an measúnú ar na roghanna tosaíochtaí go mbeadh tionchar dearfach ann ó thaobh leas sóisialta agus tairbhí eacnamaíocha de le haghaidh catagóirí éagsúla páirtithe leasmhara. Mar sin féin, níorbh fhéidir luach airgid a chur ar an tionchar a bhaineann leis an bpacáiste de roghanna beartais tosaíochta nó níorbh fhéidir é a mheas, mar chun é sin a dhéanamh, bheadh gá le faisnéis maidir leis an ráta úsáide le haghaidh tionscadail leasa choitinn amach anseo nó méadú margaidh le haghaidh catagóirí bonneagair atá nua nó atá ag teacht chun cinn, faisnéis nach bhfuil ar fáil agus nach féidir í a thomhais ar leibhéal cinnteachta sásúil.

Tá sé tábhachtach a lua gurb é atá i gceann amháin de na critéir roghnúcháin ghinearálta le haghaidh gach tionscadail leasa choitinn go mba cheart gur mó iad na tairbhí foriomlána a d’fhéadfaí a bhaint as an tionscadal ná na costais a bhaineann leis, lena n-áirítear san fhadtéarma[16].

Ní thugann Rialachán GTE-F aon mhuirir rialála isteach amhail táillí, tobhaigh, cánacha, etc. Cruthaíonn an pacáiste de roghanna beartais tosaíochta *costais dhíreacha* ó thaobh costais chomhlíonta agus an ualaigh riaracháin de le haghaidh gnólachtaí (tionscnóirí tionscadail go príomha) agus riarachán (údaráis náisiúnta inniúla, údaráis rialála náisiúnta, an Coimisiún, ACER) ionas go gcomhlíonfar na hoibleagáidí substainteacha nó na ceanglais atá ann. Cruthaíonn cur i bhfeidhm an phacáiste de roghanna tosaíochta *costais indíreacha* le haghaidh saoránach/tomhaltóirí, gnólachtaí agus riarachán trí mhéadú ar tharaifí gréasáin chun infheistíochtaí sa sócmhainnbhunú rialála a mhaoiniú. Mar sin féin, is féidir le cúnamh airgeadais SCE an tionchar ar tharaifí gréasáin a laghdú i gcás ina léiríonn tionscadal leasa choitinn seachtrachtaí suntasacha ó thaobh chinnteacht an tsoláthair, dlúthpháirtíochta, nó nuálaíochta de.

Níorbh fhéidir na costais sin a mheas i gcás gach gnímh ag an bpointe seo ach meastar nach bhfuil siad suntasach. Bheadh na costais bhreise imeallach i gcomparáid leis na costais atá ann faoi láthair[17]. Maidir le *costais fhorfheidhmithe* bhreise ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, braithfidh sé ar an gcur chun feidhme.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is é is aidhm do Rialachán GTE-F athbhreithnithe oibleagáidí tuairiscithe a laghdú trí shineirgí a aimsiú idir tuairisciú na n-údarás inniúil agus na dtionscnóirí tionscadail. Chun trédhearcacht agus rochtain na nGrúpaí Réigiúnach ar an stádas cuir chun feidhme tionscadail is déanaí a choimirciú agus coigiltis ar chostais athfhillteacha a dhéanamh san am céanna, d’fhéadfaí tuarascáil bhliantúil na n-údarás inniúil a chomhcheangal le tuarascáil na dtionscnóirí tionscadail. Sa dara dul síos, laghdófar oibleagáidí faireacháin ACER go dtí tuairisciú débhliantúil in am don mheasúnú ar na tionscadail leasa choitinn nua is iarrthóir[18], rud a chruthóidh gnóthachain éifeachtúlachta de thuairim agus 20 % d’ualach oibre ACER ó thaobh tuairiscithe de, rud a bheadh coibhéiseach le coigiltis bhliantúla de EUR 60 000 (nó 0.4 FTE in aghaidh na bliana). Sa tríú dul síos, le Rialachán GTE-F athbhreithnithe, beifear in ann an réamhchomhairliúchán roimh sheoladh an nóis imeachta cheadaithe le haghaidh tionscadail leasa choitinn a dhéanamh roghnach má tá sé cumhdaithe cheana féin faoi rialacha náisiúnta, faoi chaighdeáin atá mar an gcéanna nó níos airde ná na cinn i Rialachán GTE-F. Rannpháirtíocht an

[16] Rialachán GTE-F, Airteagal 4(1)(b)

[17] Ecorys et al. (2020) *Support to the evaluation of Regulation (EU)No 347/2013 on guidelines for trans-European energy infrastructure* [Tacaíocht don mheastóireacht ar Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh] Dréacht-tuarascáil chríochnaitheach, lch. 122

[18] Comhfhreagraíonn an rogha seo le ionchur ACER don chomhairliúchán le páirtithe leasmhara.

phobail agus teagmháil le pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara a bhfuil tionchar ag tógáil tionscadail leasa choitinn orthu, déanfar an rannpháirtíocht agus an teagmháil sin a choimirciú agus san am céanna seachnófar oibleagáidí a chuirfeadh leis na nósanna imeachta náisiúnta atá ann cheana féin. Sa cheathrú dul síos agus ar deireadh, molann na forálacha nua na tionscadail leasa choitinn atá ann faoi láthair a chuimsiú ar bhealach simplithe sna Pleananna Deich mBliana maidir le Forbairt Gréasáin, i gcás inar féidir le tionscadail atá ar an liosta Aontais de thionscadail leasa choitinn cheana féin tairbhe a bhaint as a gcuimsiú uathoibríoch sna pleananna amach anseo, tar éis dóibh na sonraí riaracháin agus teicniúla is gá a thabhairt do phróiseas an phlean deich mbliana agus ar choinníoll nach n-athraíonn na sonraí sin.

Ní shainaithnítear aon tionchar díreach ó thaobh comhlíonta nó costais riaracháin de le haghaidh fiontair bheaga nó mheánmhéide (FBManna). D'fhéadfadh FBManna tairbhe a bhaint as tuilleadh iomaíochais sna réimsí teicneolaíochta sin a áireofar nó a neartófar sa chreat GTE-F amach anseo (e.g. tionscal an fhuinnimh in-athnuaite, seirbhísí digiteacha, nó hidrigin).

Tá an tionscnamh seo comhleanúnach leis an Margadh Aonair Digiteach agus le straitéis an Aontais um shonraí.

- **Cearta bunúsacha**

Ní mheastar go mbeidh tionchar ag an togra seo ar chearta bunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Baineann an impleacht bhuiséadach atá ag an togra seo le hacmhainní na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER). Glacfaidh ACER freagracht bhreise air féin ó thaobh formhaoirseacht ar an bPlean Deich mBliana maidir le bhForbairt Gréasáin. Chuige sin tá gá le líon teoranta acmhainní breise (1 FTE breise, féach an Ráiteas Airgeadais Reachtach).

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ag cur leis na próisis atá ann cheana chun faireachán a dhéanamh ar shonraí ó thuarascálacha rialta a ullmhaíonn na tionscnóirí tionscadail agus na rialtóirí náisiúnta, forbraíodh roinnt táscairí chun gnóthú gach cuspóra shonraigh de chuid Rialachán GTE-F athbhreithnithe a thomhais. Déanfar faireachán agus meastóireacht ar fhíorthionchar na reachtaíochta in aghaidh sraith táscairí atá ceaptha chun a bheith in oiriúint do na cuspóirí beartais sonracha atá le gnóthú tríd an reachtaíocht. Sa bhreis air sin, déanfar ceithre chuspóir oibríochtúla a bhaineann leis an bpacáiste de roghanna beartais a thomhais in aghaidh sraith táscairí. Déanfar faireachán ar na sonraí uile ar bhonn tuarascálacha rialta ó na tionscnóirí tionscadail agus na rialtóirí náisiúnta.

Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na reachtaíochta nua in 2026, nuair ba cheart don dara próiseas roghnúcháin le haghaidh tionscadal leasa choitinn faoin gcreat nua a bheith curtha i gcrích.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Déanfar an Rialachán a chur chun feidhme go díreach agus go haonfhoirmeach sna Ballstáit agus níl gá le Doiciméad Míniúcháin dá bhrí sin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

I gCaibidil I den Rialachán athbhreithnithe, déantar achoimre ar na cuspóirí ginearálta, ábhar agus raon feidhme na gcatagóirí nua bonneagair go sonrach a bhfuil athbhreithniú déanta orthu chun an cuspóir ginearálta a léiriú, cuspóir arb é is aidhm dó forbairt thráthúil bonneagar leordhóthanach fuinnimh a éascú ar fud an Aontais agus ina chomharsanacht d'fhonn cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais a ghnóthú i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, go háirithe maidir le spriocanna 2030/50 lena n-áirítear an cuspóir aeráidneodrachta, mar aon le comhtháthú an mhargaidh, iomaíochas agus cinnteacht an tsoláthair ar an gcostas is lú do thomhaltóirí agus gnólachtaí.

Rinneadh nuashonrú ar Airteagail reatha 2(7), 4(2)(c), 4(4) agus ar Iarscríbhinní reatha I, II, IV a shainmhíníonn na critéir le haghaidh eangacha cliste leictreachais chun athrú teicneolaíochta a léiriú agus ionas go gcuimseofar eilimintí maidir le gnéithe nuálaíochta agus digiteacha a d'fhéadfaí a mheas i measc an trealaimh nó na suiteála le haghaidh eangacha cliste. Léiríonn an coigeartú a rinneadh ar na critéir roghnúcháin raon feidhme leathnaithe na n-eangacha cliste leictreachais. Ina theannta sin, rinne tuilleadh soiléiriú ar an ról atá ag na tionscnóirí tionscadail. Ba cheart go gcabhródh teicneolaíochtaí eangaí cliste le feabhas a chur ar thacaíocht an chórais fuinnimh d'athluchtú ardacmhainneachta trasteorann d'fhonn cabhrú le dícharbónú na n-earnála iompair.

Na forálacha maidir le gnéithe a bhaineann leis an ngás nádúrtha a chuimsiú i raon feidhme GTE-F, go sonrach Airteagal 4 agus Iarscríbhinní I, II, IV, léiríonn siad anois na feabhsuithe suntasacha atá ann ó thaobh chinnteacht an tsoláthair de a bhuí le cur chun feidhme bheartas GTE-F go nuige seo. Faoi na 2020idí luatha, nuair a bheidh na tionscadail leasa choitinn gáis i bhfeidhm, na tionscadail sin atá á dtógáil faoi láthair, ba cheart go bhfaigheadh an Eoraip eangach gháis a bheidh nasctha mar is ceart agus seasmhach ó thaobh suaite de, agus beidh rochtain ag gach Ballstát ar thrí fhoinse gháis ar a laghad. Ó tharla go meastar go mbeidh laghdú suntasach ar an éileamh ar an ngás nádúrtha amach anseo i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais, ní theastaíonn tacaíocht trí bheartas GTE-F ó bhonneagar gáis nádúrtha a thuilleadh.

Ar an taobh eile, léiríonn GTE-F athbhreithnithe an tírdhreach gáis athraithe ina mbeidh ról méadaithe ag gáis in-athnuaite agus íseal-charbóin in Airteagail 2, 4 agus in Iarscríbhinní I, II, IV trí chatagóir nua bonneagair a chruthú le haghaidh eangacha cliste gáis. Thacódh sé sin le hinfheistíochtaí ar leibhéal an leithdháilte nó an tarchuir chun gáis ghlasa a chomhtháthú (bithghás agus bithmheatán de ghnáth ach hidrigin chomh maith) sa ghréasán agus chabhródh sé leis an gcóras níos casta a éireoidh as sin a bhainistiú agus leas á bhaint as teicneolaíochtaí nuálacha. Is é a bheidh sna tionscadail is iarrthóir réimse infheistíochtaí atá dírithe ar ghréasán gáis áirithe a dhícharbónú agus a dhéanamh 'níos cliste'.

Chun tacú le riachtanais dícharbónaithe na n-earnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur leo, áireofar sa GTE-F gréasáin nua atá tiomnaithe do hidrigine, a bhfuil cuspóir athraithe agus tábhacht trasteorann acu (lena n-áirítear píblínte traschuir hidrigine agus an trealamh a bhaineann leis sin amhail comhbhrúiteoirí, áiseanna stórála agus áiseanna le haghaidh hidrigin leachtaithe) agus áiseanna le haghaidh cumhacht a dhéantar as gás os cionn tairseach áirithe a bhfuil tábhacht trasteorann acu (i.e. tá sé d'aidhm acu ar a laghad dhá Bhallstát a sholáthar). Beidh léiriú iomchuí ar ghréasáin hidrigine i bpleananna uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin a ullmhaíonn an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tharchurtha Gáis.

Cuireadh critéir ghinearálta roghnúcháin nua le hAirteagal 4(2) ionas go léireofar cuimsiú na dtionscadal comhleasa i raon feidhme an Rialacháin i gcás inar féidir leo glantairbhí socheacnamaíocha suntasacha a léiriú le haghaidh ar a laghad dhá Bhallstát agus ar a laghad tríú tír amháin. Bheadh tionscadail den chineál sin incháilithe le bheith curtha san áireamh sa liosta Aontais má chomhlíonann siad coinníollacha an chomhfhogasaithe rialála leis an Aontas agus má léirítear go dtacóidh siad le cuspóirí foriomlána fuinnimh agus aeráide an Aontais ó thaobh chinnteacht an tsoláthair agus dícharbónú de.
Ní áireofar píblínte trasteorann ola sa Rialachán a thuilleadh ó tharla nach bhfuil siad i gcomhréir le cuspóirí fadtéarmacha dícharbónaithe an Chomhaontaithe Ghlais.

I gCaibidil II déantar achoimre ar na forálacha maidir leis an bpróiseas lena n-ullmhaítear na liostaí Aontais de thionscadail leasa choitinn sna Grúpaí Réigiúnacha, na critéir roghnúcháin, agus an faireachán ar chur chun feidhme na dtionscadail.

Cumhdaíonn critéir roghnúcháin na dtionscadal critéar riachtanach inbhuanaitheachta anois le haghaidh gach catagóir bonneagair mar aon le critéar amháin eile ar a laghad (comhtháthú margaidh, cinnteacht an tsoláthair, iomaíocht) ag céim roghnúcháin na dtionscadal ionas go n-áiritheofar an comhleanúnachas le forbairt riachtanais bhonneagair an Aontais agus leis na cuspóirí dícharbónaithe. Sa bhreis air sin, an dul chun cinn atá déanta ag an tionscadal mar aon le fianaise i leith trédhearcachta agus oibleagáidí tuairiscithe, measfaidh an grúpa réigiúnach iad anois mar chuid den phróiseas roghnúcháin le haghaidh na dtionscadal leasa choitinn.

Is é is aidhm do na forálacha nua i gCaibidlí II agus IV feabhas a chur ar phleanáil bonneagair le haghaidh comhtháthú córais fuinnimh. Chuige sin, neartaíonn GTE-F athbhreithnithe rialachas an phlean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin, rud atá ina bhonn chun tionscadail leasa choitinn a shainaithint i gcatagóirí an leictreachais agus an gháis. Tá ról tábhachtach ag na ENTSOanna agus ag oibreoirí córais tharchurtha sa phróiseas, tá gá le tuilleadh grinnscrúdaithe chun muinín as an bpróiseas a fheabhsú, go háirithe a mhéid a bhaineann le cásanna a shainmhíniú le haghaidh an ama amach anseo, bearnaí agus scrogaill fhadtéarmacha sa bhonneagar a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar thionscadail ar leith. Dá bhrí sin, i bhfianaise an ghá atá ann le bailíocht neamhspleách, ba cheart ról níos mó a bheith ag an nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialaithe Fuinnimh (‘an Ghníomhaireacht’) agus ag an gCoimisiún sa phróiseas.

Is é is aidhm d’fhorálacha faoi Chaibidil III nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh tionscadail leasa choitinn a ghiorrú chun moilleanna ar thionscadail lena n-éascaítear an t-aistriú fuinnimh a sheachaint. Mar sin, éilíonn GTE-F athbhreithnithe ar údaráis inniúla comhoibriú le chéile agus sineirgí le tíortha comharsanachta a aimsiú nuair atá a lámhleabhar nóis imeachta á fhorbairt acu mar aon le ceanglais bhreise nó leasuithe reachtacha a sheachaint le linn an phróisis deonaithe ceadanna agus solúbthacht a léiriú ó thaobh chur i bhfeidhm na gcéimeanna ceadaithe, ag brath ar an gcatagóir bonneagair, d’fhonn dlús a chur le tréimhse fhoriomlán an cheadaithe nó chun í a ghiorrú. Le GTE-F athbhreithnithe, tugtar isteach ‘ionad ilfhreastail amach ón gcósta’ chun an próiseas ceadaithe a shimpliú agus a bhrostú le haghaidh eangacha fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, ionad a bheidh ina thaisclann le haghaidh staidéir ar an imchuach farraige atá ann cheana agus léarscáileanna de, d’fhonn an próiseas ceadaithe le haghaidh tionscadail leasa choitinn aonair a éascú agus na cinntí cuimsitheacha i leith na dtionscadal sin a eisiúint. Chun an gá le roinnt comhairliúcháin a dhéanamh ag céim luath a sheachaint, ba cheart don réamhchomhairliúchán a bheith roghnach má tá sé cumhdaithe cheana féin faoi rialacha náisiúnta, faoi chaighdeáin atá mar an gcéanna nó níos airde ná na cinn atá sa Rialachán GTE-F atá i bhfeidhm faoi láthair. Faoi GTE-F athbhreithnithe, bheadh ar na Ballstát a áirithiú go mbeadh feidhm ag nósanna imeachta dlíthíochta brostaithe maidir le tionscadail leasa choitinn faoi reachtaíochtaí náisiúnta (más ann dóibh).

Ar an gcaoi chéanna, neartaíonn na forálacha nua an oibleagáid trédhearcachta atá ar na tionscnóirí tionscadail, mar úinéir na faisnéise maidir le cur chun feidhme na dtionscadal leasa choitinn, chun leathanaigh ghréasáin tiomnaithe a fhoilsiú agus a nuashonrú i dteangacha uile na mBallstát a dtéann na tionscadail leasa choitinn tríothu nó a bhfuil tionchar ag na tionscadail sin orthu. Thairis sin, tá oibleagáid ar an tionscnóir tionscadail aird a thabhairt ar na tuairimí arna gcur in iúl sna comhairliúcháin phoiblí agus an bealach ina bhfuil sin déanta aige a léiriú.

Foilseoidh an tionscnóir tionscadail ar a shuíomh gréasáin tuarascáil ina léireofar conas a cuireadh na tuairimí a cuireadh in iúl sna comhairliúcháin phoiblí san áireamh trí léiriú a thabhairt ar na leasuithe a rinneadh ar shuíomh, bealach agus dearadh an tionscadail nó údar cuí a thabhairt maidir le cén fáth nár cuireadh na tuairimí sin san áireamh.

Tacaíonn na forálacha faoi Chaibidil V leis an ngá le forbairt na heangaí atá ag teastáil le haghaidh an mhéadaithe shuntasaigh ar ghiniúint leictreachais ó eangacha amach ón gcósta le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh. Áiritheoidh GTE-F pleanáil agus forbairt chomhordaithe fhadtéarmach le haghaidh eangacha leictreachais amach ón gcósta agus intíre sa chaoi go n-athrófar ó chur chuige tionscadail ar thionscadal agus go ndéanfar tionchar comhshaoil agus aeráide a íoslaghdú san am céanna.

Chun úsáid iomchuí na n-uirlisí leithdháilte costas agus dreasachtaí rialála a áirithiú, i gCaibidil VI déantar athbhreithniú ar na forálacha atá i bhfeidhm faoi láthair chun an tsoiléireacht agus an trédhearcacht a mhéadú i leith leithdháileadh costas thar theorainneacha agus chun dlús a chur le hinfheistíocht i mbonneagar trasteorann. Mar sin, forálann an GTE-F maidir leis an oibleagáid chun na costais iomlána infheistíochta a chuimsiú sna taraifí tar éis measúnú inacmhainneachta a dhéanamh ar thomhaltóirí. I gcás tionscadal sonrach ar dócha go mbeidh rioscaí níos airde ag baint leo amhail teicneolaíochtaí traschuir le haghaidh leictreachais lena gcumasaítear comhtháthú mórscála an fhuinnimh in-athnuaite, acmhainní fuinnimh dáilte nó an fhreagairt ar an éileamh i ngréasáin idirnasctha, mar aon le tionscadail teicneolaíochta fuinnimh agus tionscadail digitithe, sin nó tionscadail a bhfuil leibhéal ard caiteachais oibríochtúil ag baint leo, ba cheart do chreata rialála dreasachtaí iomchuí comhréireacha le haghaidh infheistíochta a chur ar fáil.

Leis na forálacha nua faoi Chaibidil VII, déantar nuashonrú ar incháilitheacht na dtionscadal le haghaidh cúnamh airgeadais ón Aontas do na catagóirí nua bonneagair. Cé go mbeidh tionscadail chomhleasa incháilithe le haghaidh cúnamh airgeadais ón Aontas, ní bheidh ach na hinfheistíochtaí atá lonnaithe ar chríoch an Aontais incháilithe le haghaidh cúnamh airgeadais ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa i bhfoirm deontas le haghaidh oibreacha faoi choinníollacha áirithe.

2020/0360 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 172 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[19],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[20],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019, dar teideal 'An Comhaontú Glas don Eoraip'[21], straitéis nua fáis arb é is aidhm di an tAontas Eorpach a chlaochlú ina shochaí chóir rathúil, ag a bhfuil geilleagar nua-aimseartha iomaíoch atá tíosach ar acmhainní, geilleagar nach mbeidh aon ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ann in 2050, agus nach mbeidh an fás eacnamaíoch ceangailte le húsáid acmhainní. An teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bPlean um Sprioc Aeráide[22] ina moltar leibhéal laghdaithe na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhéadú go 55 % ar a laghad faoi 2030 - uaillmhian a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an 11 Nollaig 2020 - agus an measúnú tionchair foluiteach dá cuid, deimhnítear leo go mbeidh an meascán fuinnimh san am atá le teacht an-éagsúil lena bhfuil ann faoi láthair agus beidh siad mar bhonn taca leis an ngá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht fuinnimh agus lena leasú más gá. Is léir nach leor na hinfheistíochtaí bonneagair atá ann faoi láthair chun bonneagar fuinnimh san am amach

19 IO C , , lch. .
20 IO C , , lch. .
21 Teachtaireacht ón gCoimisiún - An Comhaontú Glas don Eoraip, COM(2019) 640 final an 11 Nollaig 2019.
22 *Commission Communication - Stepping up Europe's 2030 climate ambition, Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people* [Teachtaireacht ón gCoimisiún - Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa 2030, Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach ar son leas ár muintire], COM(2020) 562 final an 17 Meán Fómhair 2020.

romhainn a athrú agus a thógáil. Chomh maith leis sin, is é is brí leis sin nach mór bonneagar a bheith i bhfeidhm chun tacú leis an aistriú fuinnimh san Eoraip, lena n-áirítear mearleictriú, borradh a chur faoi ghiniúint an leictreachais in-athnuaite, méadú ar úsáid na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin, comhtháthú córais fuinnimh agus níos mó úsáide a bhaint as réitigh nuálacha.

(2) I ndiaidh mholtaí an Choimisiúin mar chuid den phacáiste ‘Fuinneamh Glan do Gach Eorpach’, thángthas ar chomhaontú maidir le sprioc cheangailteach ar leibhéal an Aontais i leith fuinneamh in-athnuaite le haghaidh 2030 dar méid ar a laghad 32 % d’ídiú fuinnimh críochnaitheach agus maidir le sprioc cheannlíne ar leibhéal an Aontais i leith éifeachtúlacht fuinnimh dar méid ar a laghad 32.5 % .

(3) I gComhaontú Pháras 2015 maidir leis an Athrú Aeráide, comhaontú a rinneadh tar éis an 21ú Comhdháil de na Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide (‘Comhaontú Pháras’), leagtar amach sprioc fhadtéarmach chun an méadú ar an teocht dhomhanda a choimeád i bhfad faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus chun iarrachtaí a dhéanamh í a choimeád 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le hoiriúnú do drochthionchar an athraithe aeráide, agus sreafaí airgeadais a chur in oiriúint do chonair le haghaidh astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus forbairt atá aeráid-díonach. An 12 Nollaig 2019, d’fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an cuspóir Aontas Eorpach aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050, i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras.

(4) I Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23], Rialachán GTE-F atá i bhfeidhm faoi láthair, leagtar síos rialacha maidir le forbairt agus idir-inoibritheacht thráthúil gréasán tras-Eorpach fuinnimh chun cuspóirí bheartas fuinnimh an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a ghnóthú d’fhonn feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh, cinnteacht an tsoláthair agus margaí fuinnimh iomaíocha san Aontas a áirithiú, d’fhonn éifeachtúlacht fuinnimh agus coigilt fuinnimh agus forbairt cineálacha nua fuinnimh agus cineálacha in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn, agus d’fhonn idirnascadh gréasán fuinnimh a chur chun cinn. Le Rialachán (AE) Uimh. 347/2013, cuirtear creat i bhfeidhm faoinar féidir leis na Ballstáit agus páirtithe leasmhara ábhartha oibriú le chéile i suíomh réigiúnach d’fhonn gréasáin fuinnimh a fhorbairt atá nasctha le chéile mar is ceart, rud arb é is aidhm dó réigiúin atá scoite amach faoi láthair ó mhargaí fuinnimh na hEorpa a cheangal le chéile, na hidirnaisc thrasteorann atá ann faoi láthair a neartú agus cabhrú le fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú. Trí na cuspóirí sin a shaothrú, cuidíonn Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 le fás atá cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach agus téann sé chun tairbhe don Aontas ar fad ó thaobh iomaíochais de agus ó thaobh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach de.

(5) Sa mheastóireacht a rinneadh ar Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 atá i bhfeidhm faoi láthair, is léir gur chuir an creat feabhas éifeachtach ar chomhtháthú ghréasáin na mBallstát agus gur spreag sé an trádáil fuinnimh, rud a thacaigh le hiomaíochas an Aontais. Thacaigh tionscadail leasa choitinn i leith leictreachais agus gáis go mór le cinnteacht an tsoláthair. I gcás an gháis, tá

[23] Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1364/2006/CE agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 713/2009, Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, IO L 115, 25.4.2013, lgh. 39–75

an bonneagar nasctha le chéile mar is ceart anois agus tá feabhas substaintiúil ar athléimneacht an tsoláthair ó bhí 2013 ann. An comhar réigiúnach i nGrúpaí Réigiúnacha nó trí leithdháileadh costas trasteorann, is bealach tábhachtach é lena ndéantar cur chun feidhme na dtionscadal a éascú. Mar sin féin, is minic nár laghdaíodh an bhearna airgeadais sa tionscadal, mar a bhí beartaithe, de bharr leithdháileadh costas trasteorann. Cé go ndearnadh formhór na nósanna imeachta ceadaithe níos giorra, i gcásanna áirithe bíonn próiseas fada fós i gceist. Ba thábhachtach an fachtóir é an cúnamh airgeadais ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) ós rud é go rabhthas in ann rioscaí a laghdú le linn na gcéimeanna luatha i bhforbairt na dtionscadal mar gheall ar na deontais a fuarthas chun staidéir a dhéanamh, agus thug deontais le haghaidh oibreacha tacaíocht do thionscadail lena dtugtar aghaidh ar na príomhscrogaill, rud nach raibh maoiniú margaidh in ann tabhairt faoi go leordhóthanach.

(6) Is ionstraim lárnach é beartas GTE-F ó thaobh margadh inmheánach fuinnimh Eorpach a fhorbairt agus tá gá leis chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a ghnóthú. Chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, agus chun leibhéil níos airde laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a ghnóthú faoi 2030, beidh córas fuinnimh níos comhtháite ag teastáil ón Eoraip, rud a bheidh ag brath ar leibhéil níos airde leictrithe atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite agus ar dhícharbónú na hearnála gáis. Le beartas GTE-F, is féidir a áirithiú go dtacóidh bonneagar fuinnimh an Aontais leis an aistriú fuinnimh chuig an aeráidneodracht is gá, i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh.

(7) Cé gur bailí fós den chuid is mó iad cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 347/2013, na hathruithe ar an gcóras fuinnimh a bhfuil coinne leo, athruithe a tharlóidh de bharr an chomhthéacs pholaitiúil nua, na spriocanna nuashonraithe le haghaidh 2030 agus sprioc 2050 i leith aeráidneodracht faoin gComhaontú Glas don Eoraip go háirithe, ní léiríonn creat GTE-F na hathruithe sin go hiomlán go fóill. I dteannta an chomhthéacs pholaitiúil nua, rinneadh forbairt thapa ar an teicneolaíocht le deich mbliana anuas. Ba cheart aird a thabhairt ar an bhforbairt sin sna catagóirí bonneagair a chumhdaítear faoin Rialachán, agus sna critéir roghnúcháin le haghaidh na dtionscadal leasa choitinn mar aon leis na conairí tosaíochtaí agus na réimsí téamacha.

(8) Le Treoracha (AE) 2019/944[24] agus 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [25], déantar foráil maidir le margadh inmheánach fuinnimh. Cé go bhfuil dul chun cinn an-suntasach déanta ó thaobh an margadh inmheánach fuinnimh a chur i gcrích, tá feabhsúcháin le déanamh fós maidir le húsáid níos fearr a bhaint as an mbonneagar fuinnimh atá ann faoi láthair, tuilleadh méideanna fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú agus comhtháthú córais a bhaint amach.

(9) Ba cheart bonneagar fuinnimh an Aontais a uasghrádú chun cliseadh teicniúil a chosc agus chun cur lena athléimneacht in aghaidh cliseadh den sórt sin agus in aghaidh tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine, in aghaidh éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide agus in

[24] Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE IO J 158, 14.6.2019, lch. 125.

[25] Treoir (AE) 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/AE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94).

aghaidh bagairtí ar a shláine, go háirithe a mhéid a bhaineann le bonneagair ríthábhachtacha na hEorpa de bhun Threoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008[26].

(10) Ba cheart bonneagar fuinnimh an Aontais a bheith athléimneach in aghaidh éifeachtaí an athraithe aeráide a mheastar a bheidh ann san Eoraip, éifeachtaí nach féidir a sheachaint d'ainneoin na n-iarrachtaí a dhéantar iad a mhaolú. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach na hiarrachtaí a neartú maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, forbairt seasmhachta, agus ullmhacht.

(11) Tá cinnteacht an tsoláthair mar cheann de na príomhspreagthaí taobh thiar de Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 atá i bhfeidhm faoi láthair, agus tá feabhas suntasach tagtha uirthi de bharr tionscadail leasa choitinn. Thairis sin, sa mheasúnú tionchair ón gCoimisiúin i leith na sprice aeráide[27], tá coinne leis go mbeidh laghdú mór ar ídiú an gháis nádúrtha toisc nach bhfuil a úsáid gan srian comhoiriúnach leis an neodracht carbóin. Ar an taobh eile, tiocfaidh méadú mór ar ídiú an bhithgháis, na hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin agus breoslaí gásacha sintéiseacha i dtreo 2050. Dá bhrí sin, ní gá tacaíocht a chur ar fáil a thuilleadh do bhonneagar an gháis nádúrtha trí bheartas GTE-F. Ba cheart an tírdhreach gáis athraithe sin a léiriú nuair atá an bonneagar fuinnimh á bheartú.

(12) Sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le comhtháthú córais fuinnimh, aithnítear an tábhacht a bhaineann le heangacha leictreachais cliste ó thaobh chuspóirí bheartas fuinnimh agus aeráide an Aontais a ghnóthú[28]. Ba cheart forbairtí teicneolaíochta ó thaobh gnéithe nuálaíochta agus digiteacha a áireamh i measc na gcritéar le haghaidh na catagóire. Ina theannta sin, ba cheart an ról atá ag tionscnóirí na dtionscadal a shoiléiriú. I bhfianaise an mhéadaithe shuntasaigh ar an éileamh ar chumhacht a bhfuil coinne leis san earnáil iompair, go háirithe le haghaidh feithiclí leictreacha ar mhórbhealaí agus i gceantair uirbeacha, ba cheart go gcabhródh teicneolaíochtaí eangaí cliste le feabhas a chur ar thacaíocht a bhaineann leis an gcóras fuinnimh le haghaidh athluchtú ardacmhainneachta trasteorann d'fhonn tacú le dícharbónú na hearnála iompair.

(13) I dTeachtaireacht ón gCoimisiún maidir le comhtháthú córais fuinnimh, leagtar béim ar an ngá atá ann le pleanáil chomhtháite le haghaidh bonneagar fuinnimh ar fud earnálacha iompróirí fuinnimh, bonneagair agus ídithe. Nuair a chuirtear bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh i bhfeidhm agus nuair a ghlactar cur chuige iomlánach thar earnálacha ar leith, sin an chéad chéim lena gcuirtear tús le comhtháthú córais den chineál sin. Chomh maith leis sin, tugann sé aghaidh ar riachtanais dícharbónaithe na n-earnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur leo, earnálacha ar nós codanna áirithe tionscail nó modhanna áirithe iompair ina bhfuil dúshlán teicniúil nó eacnamaíoch ag baint le leictriú díreach faoi láthair. I measc na n-infheistíochtaí sin tá hidrigin agus leictrealóirí agus de réir a chéile déanfar iad a chur in úsáid ar scála mór. Le Straitéis Hidrigine an Choimisiúin, tugtar tosaíocht do hidrigin a ghiniúint as leictreachas in-athnuaite, an réiteach is glaine agus is comhoiriúnaí do chuspóir aeráidneodrachta an Aontais. In idirthréimhse, áfach, bíonn gá le cineálacha eile hidrigine ísealcharbóin chun an hidrigin atá ann cheana a ionadú ar bhealach níos gasta agus chun tús a chur le barainneacht scála.

---

26 IO L 345, 23.12.2008, lch. 75.

27 SWD(2020) 176 final

28 COM(2020) 299 final

(14) Thairis sin, ba é an chonclúid a baineadh as an Straitéis Hidrigine ón gCoimisiún[29] go bhfuil gréasán bonneagair mórscála ag teastáil chun an hidrigin a úsáid mar is gá agus gur gné thábhachtach é sin a bhfuil an tAontas agus an margadh aonair, agus iad sin amháin, in ann a chur ar fáil. Faoi láthair, is beag bonneagar tiomanta atá ann chun an hidrigin a iompar agus a thrádáil thar theorainneacha. Ba cheart gurb é is mó a bheidh i mbonneagar den chineál sin acmhainní arna dtiontú ón ngás nádúrtha agus, mar chomhlánú air sin, sócmhainní nua atá tiomanta don hidrigin. Thairis sin, leagtar sprioc straitéiseach amach sa Straitéis Hidrigine maidir le hacmhainneacht leictrealaithe suiteáilte a mhéadú go 40 GW faoi 2030 d'fhonn borradh a chur faoi tháirgiúlacht na hidrigine in-athnuaite agus éascú a dhéanamh ar dhícharbónú na n-earnálacha atá ag brath ar bhreoslaí iontaise, na hearnálacha ar nós an tionscail nó iompair. Dá bhrí sin, mar chuid de bheartas GTE-F, ba cheart bonneagar nua athchuspóra le haghaidh tarchur agus stóráil hidrigine mar aon le háiseanna le haghaidh leictrealaithe a chur san áireamh. Ba cheart bonneagar le haghaidh tarchur agus stóráil hidrigine a chur san áireamh freisin sa phlean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin ionas go mbeifear in ann measúnú cuimsitheach comhsheasmhach a dhéanamh ar na costais agus na tairbhí a bhaineann leo ó thaobh an chórais fuinnimh de, lena n-áirítear an méid a thacaíonn siad le comhtháthú agus dícharbónú earnála, d'fhonn cnámh droma hidrigine a chruthú don Aontas.

(15) Thairis sin, ba cheart catagóir nua bonneagair a chruthú le haghaidh eangacha cliste gáis chun tacú le hinfheistíochtaí lena ndéantar gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a chomhtháthú, gáis ar nós an bhithgháis, an bhithmheatáin, agus na hidrigine, agus chun cuidiú le bainistiú an chórais a éiríonn as sin, córas atá níos casta, trí leas a bhaint as na teicneolaíochtaí digiteacha nuálacha atá ann.

(16) Le Rialachán (AE) Uimh. 347/2013, cuirtear de cheangal ar thionscadal leasa choitinn is iarrthóir a chruthú gur mór an rannchuidiú a dhéanfaidh sé le ar a laghad critéar amháin de shraith critéar sa phróiseas chun cur leis an liosta Aontais, critéir arbh fhéidir an inbhuanaitheacht a bheith ina measc cé nach gá di a bheith. Leis an gceangal sin, i gcomhréir leis na riachtanais shonracha atá ag an margadh inmheánach fuinnimh faoi láthair, bhíothas in ann tionscadail leasa choitinn a fhorbairt mar shampla, tionscadail lenar tugadh aghaidh ar na rioscaí a bhaineann le cinnteacht an tsoláthair, cé nár léirigh siad tairbhí ó thaobh inbhuanaitheachta de. Mar sin féin, i bhfianaise riachtanais bhonneagair an Aontais agus na spriocanna dícharbónaithe, ba cheart measúnú a dhéanamh ar Chonclúidí na Comhairle Eorpaí ó mhí Iúil 2020 ina leagtar amach 'go mba cheart do chaiteachas an Aontais a bheith i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras agus prionsabal neamhdhíobhála an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, ar inbhuanaitheacht ó thaobh foinsí fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú san eangach nó ar laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa, de réir mar is ábhartha, chun a áirithiú go bhfuil beartas GTE-F i gcomhréir le cuspóirí bheartas fuinnimh agus aeráide an Aontais. Tugtar aghaidh ar inbhuanaitheacht ghréasáin iompair CO2 maidir lena gcuspóir dé-ocsaíd charbóin a iompar.

(17) Tionscadail bhonneagair a nascann gréasáin fuinnimh an Aontais le gréasáin fuinnimh tríú tíortha, go háirithe tíortha comharsanachta agus tíortha lena bhfuil comhar sonrach i leith fuinnimh curtha ar bun ag an Aontas, ba cheart don Aontas na tionscadail sin a éascú má tá leas frithpháirteach ag baint leo agus má tá siad riachtanach le haghaidh an aistrithe fuinnimh agus

29 *A hydrogen strategy for a climate-neutral Europe,* [Straitéis Hidrigine le haghaidh Eoraip aeráidneodrach] COM(2020) 301 final.

chun na spriocanna aeráide a ghnóthú, agus má chomhlíonann siad sainchritéir na gcatagóirí bonneagair ábhartha de bhun an Rialacháin seo freisin. Dá bhrí sin, ba cheart do thionscadail chomhleasa a bheith mar chuid de raon feidhme an Rialacháin seo má tá na tionscadail sin inbhuanaithe agus más féidir leo glantairbhí socheacnamaíocha suntasacha a léiriú le haghaidh ar a laghad dhá Bhallstát agus ar a laghad tríú tír amháin. Bheadh tionscadail den chineál sin incháilithe le bheith curtha san áireamh sa liosta Aontais má chomhlíonann siad coinníollacha an chomhfhogasaithe rialála leis an Aontas agus má léirítear go dtacóidh siad le cuspóirí foriomlána an Aontais i leith fuinnimh agus na haeráide ó thaobh chinnteacht an tsoláthair agus dícharbónú de. Ba cheart comhréir nó cóineasú rialála den chineál sin a thoimhdiú i gcás Pháirtithe Conarthacha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch nó an Chomhphobail Fuinnimh. Sa bhreis air sin, i gcás an tríú tír lena gcomhoibríonn an tAontas ó thaobh forbairt tionscadal comhleasa de, ba cheart di amlíne den chineál céanna a éascú chun dlús a chur le cur chun feidhme na dtionscadal, agus chun bearta tacaíochta beartais eile a chur i bhfeidhm, faoi mar a shonraítear sa Rialachán seo. Dá bhrí sin, sa Rialachán seo, ba cheart tionscadail chomhleasa a mheas sa bhealach céanna agus a mheastar tionscadail leasa choitinn, agus gach foráil a bhaineann le tionscadail leasa choitinn, ba cheart feidhm a bheith acu maidir le tionscadail chomhleasa, mura sonraítear a mhalairt.

(18) Thairis sin, chun spriocanna 2030 agus 2050 an Aontais i leith fuinnimh agus na haeráide a ghnóthú mar aon leis an gcuspóir ó thaobh aeráidneodrachta, ní mór don Eoraip borradh suntasach a chur faoi ghiniúint an leictreachais in-athnuaite. Tá na catagóirí bonneagair atá ann faoi láthair le haghaidh traschur agus stóráil leictreachais ríthábhachtach le haghaidh chomhtháthú an mhéadaithe shuntasaigh ar ghiniúint leictreachais in-athnuaite san eangach chumhachta. Sa bhreis air sin, tá gá le tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i bhfuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta[30]. Chomh maith leis sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar phleanáil fhadtéarmach a chomhordú agus ar fhorbairt na n-eangach leictreachais eischósta agus intíre. Go háirithe, ba cheart an phleanáil le haghaidh bonneagar amach ón gcósta a athrú ó chur chuige tionscadal ar thionscadal i dtreo cur chuige cuimsitheach comhordaithe lena n-áireofaí forbairt inbhuanaithe na n-eangach comhtháite amach ón gcósta i gcomhréir le hacmhainneacht in-athnuaite amach ón gcósta gach imchuach farraige, cosaint an chomhshaoil agus úsáidí eile na farraige.

(19) Ba cheart do Bhallstáit ábhartha a bheith in ann measúnú a dhéanamh ar na tairbhí agus na costais a bhaineann le heangacha eischósta le haghaidh fuinneamh in-athnuaite ar imchuach na farraige agus ba cheart iad a bheith in ann réamhanailís a dhéanamh ar chomhroinnt costas ar leibhéal imchuach na farraige chun taca a chur faoi ghealltanais pholaitiúla chomhpháirteacha maidir le forbairt an fhuinnimh in-athnuaite ar imchuach na farraige. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún prionsabail aonfhoirmeacha a chur le chéile maidir le modheolaíocht chostais-tairbhe agus comhroinnte costas, modheolaíocht le haghaidh pleananna comhtháite a chur i gcrích chun an gréasán amach an gcósta a fhorbairt, rud ba cheart a chur ar a gcumas do na Ballstáit measúnú leormhaith a dhéanamh.

(20) Léiríodh gur éifeachtach é próiseas an phlean uile-Aontais deich mbliana mar bhonn maidir le sainaithint tionscadal leasa choitinn i gcatagóirí an leictreachais agus an gháis. Mar sin féin, cé gur tábhachtach an ról atá ag an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tharchurtha Gáis agus Leictreachais agus ag oibreoirí córais tharchurtha sa phróiseas, tá gá le tuilleadh grinnscrúdaithe

---

30 *Offshore Strategy Communication*[Teachtaireacht maidir le Straitéis Eischósta]

chun muinín as an bpróiseas a fheabhsú, go háirithe a mhéid a bhaineann le cásanna a shainmhíniú le haghaidh an ama amach anseo, bearnaí agus scrogaill fhadtéarmacha sa bhonneagar a shainaithint agus tionscadail ar leith a mheasúnú. Dá bhrí sin, i bhfianaise an ghá le bailíochtú neamhspleách, ba cheart ról méadaithe a bheith ag an nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('an Ghníomhaireacht') agus ag an gCoimisiún sa phróiseas, lena n-áirítear sa phróiseas chun an plean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin a tharraingt suas de bhun Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31] agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32].

(21) Tá sé tábhachtach a áirithiú gurb iad na tionscadail bhonneagair nach bhfuil aon réitigh mhalartacha réasúnta ann dóibh agus na tionscadail sin amháin a fhéadfaidh stádas tionscadail leasa choitinn a fháil. Chuige sin, déanfar bearnaí sa bhonneagar a shainaithint de réir bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus tabharfar tosaíocht do gach réiteach neamhbhonneagair ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a sainaithníodh. Sa bhreis air sin, le linn tionscadal a chur chun feidhme, ba cheart do thionscnóirí tionscadail tuairisc a dhéanamh faoi chomhlíonadh na reachtaíochta comhshaoil agus ba cheart dóibh a léiriú nach ndéanann na tionscadail sin aon dochar suntasach don chomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) 2020/852[33]. I gcás tionscadal leasa choitinn a bhfuil leibhéal leordhóthanach aibíochta bainte amach acu, cuirfear é sin san áireamh agus tionscadail á roghnú ag na grúpaí réigiúnacha le haghaidh liostaí Aontais eile ina dhiaidh sin.

(22) Chun cobhsaíocht voltais agus minicíochta a áirithiú, ba cheart aird ar leith a dhíriú ar chobhsaíocht an ghréasáin leictreachais Eorpaigh faoi na coinníollacha athraitheacha atá ann, go háirithe ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar an méid fuinnimh in-athnuaite a úsáidtear.

(23) I ndiaidh dlúthchomhairliúcháin leis na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara ar fad, shainaithin an Coimisiún 13 thosaíocht straitéiseacha maidir le bonneagar fuinnimh tras-Eorpach a bhfuil a gcur chun feidhme bunriachtanach chun spriocanna bheartas fuinnimh agus aeráide 2030 agus 2050 an Aontais a bhaint amach. Cumhdaíonn na tosaíochtaí sin réigiúin gheografacha nó réimsí téamacha éagsúla i réimsí tharchur agus stóráil an leictreachais, na n-eangach eischósta le haghaidh fuinnimh in-athnuaite, tharchur agus stóráil na hidrigine, na leictrealaithe, na n-eangach cliste gáis, na n-eangach cliste leictreachais agus an iompair dé-ocsaíde carbóin.

(24) Ba cheart do thionscadail leasa choitinn critéir choiteanna, thrédhearcacha agus oibiachtúla a chomhlíonadh i bhfianaise a rannchuidithe leis na cuspóirí beartais fuinnimh. Chun go mbeadh siad incháilithe lena n-áireamh ar na liostaí Aontais, ba cheart do thionscadail leictreachais agus hidrigine a bheith sa phlean uile-Aontais deich mbliana is déanaí atá ar fáil maidir le forbairt gréasáin. Ó tharla nach gcumhdaítear bonneagar hidrigine sa phlean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin faoi láthair, níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas seo maidir le

---

31 Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54).

32 Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtain ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 (IO L 211, 14.8.2009, lch. 36).

33 Rialachán (AE) 2020/852 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088, IO L 198, 22.6.2020, lch. 13

tionscadail hidrigine ach ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh chun críocha an dara liosta Aontais a tharraingeofar suas de bhun an Rialacháin seo.

(25) Ba cheart grúpaí réigiúnacha a bhunú chun tionscadail leasa choitinn a mholadh agus a athbhreithniú, agus a mbeadh bunú liostaí réigiúnacha de thionscadail leasa choitinn mar thoradh orthu. Chun comhaontú leathan a áirithiú, ba cheart do na grúpaí réigiúnacha sin dlúthchomhar a áirithiú idir Ballstáit, údaráis rialála náisiúnta, tionscnóirí tionscadail agus páirtithe leasmhara ábhartha. I gcomhthéacs an chomhair sin, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta comhairle a chur ar na grúpaí réigiúnacha más gá, *inter alia*, maidir le féidearthacht na ngnéithe rialála de thionscadail bheartaithe agus maidir le féidearthacht an tráthchláir bheartaithe i gcomhair formheasa rialála.

(26) Ba cheart liosta Aontais nua de thionscadail leasa choitinn ('liosta Aontais') a bhunú gach dhá bhliain. Tionscadail leasa choitinn atá tugtha chun críche nó nach gcomhlíonann a thuilleadh na critéir agus na ceanglais ábhartha faoi mar a leagtar amach sa Rialachán seo, níor cheart iad a bheith ar an gcéad liosta eile de chuid an Aontais. Ar an gcúis sin, i gcás tionscadal leasa choitinn atá ann cheana agus atá le cur san áireamh sa chéad liosta eile de chuid an Aontais, ba cheart iad a bheith faoi réir an phróisis roghnúcháin lena mbunaítear na liostaí réigiúnacha agus liostaí an Aontais, an próiseas céanna a bhfuil tionscadail bheartaithe faoina réir. Mar sin féin, ba cheart an t-ualach riaracháin a bheadh ann mar thoradh air sin a laghdú a mhéid agus is féidir, mar shampla trí úsáid a bhaint a mhéid is féidir as faisnéis a cuireadh isteach roimhe sin agus trí aird a thabhairt ar thuarascálacha bliantúla thionscnóirí an tionscadail. Chuige sin, na tionscadail leasa choitinn atá ann faoi láthair agus a bhfuil dul chun cinn suntasach déanta acu, ba cheart dóibh tairbhe a bhaint as próiseas cuimsitheach cuíchóirithe sa phlean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin.

(27) Ba cheart tionscadail leasa choitinn a chur chun feidhme chomh tapa agus is féidir agus ba cheart dlúthfhaireachán agus dlúthmheastóireacht a dhéanamh orthu, agus an t-ualach riaracháin i leith tionscnóirí tionscadail á choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ba cheart don Choimisiún comhordaitheoirí Eorpacha a ainmniú le haghaidh tionscadail a bhfuil deacrachtaí ar leith ag baint leo. An dul chun cinn atá déanta ó thaobh cur chun feidhme tionscadal ar leith mar aon le comhlíonadh na n-oibleagáidí a bhaineann leis an Rialachán seo, ba cheart aird a thabhairt orthu sa phróiseas roghnúcháin le haghaidh liostaí an Aontais ina dhiaidh sin do na tionscadail atá i gceist.

(28) Maidir leis an bpróiseas um dheonú ceadanna, níor cheart ualaí riaracháin atá ar neamhréir le méid nó le castacht tionscadail ná bacainní ar fhorbairt na ngréasán tras-Eorpach agus ar rochtain ar an margadh a bheith mar thoradh air.

(29) Ba cheart pleanáil agus cur chun feidhme thionscadail leasa choitinn an Aontais i réimsí an bhonneagair fuinnimh, iompair agus teileachumarsáide a chomhordú chun sineirgí a chruthú aon uair is indéanta é sin a dhéanamh ó thaobh na pleanála foriomláine eacnamaíche, teicniúla, comhshaoil, aeráide nó spásúla de agus le haird chuí á tabhairt ar na gnéithe ábhartha sábháilteachta. Mar sin, nuair atá gréasáin éagsúla Eorpacha á bpleanáil, ba cheart go bhféadfaí tosaíocht a thabhairt do ghréasáin iompair, cumarsáide agus fuinnimh a chomhtháthú chun a áirithiú gurb é an méid is lú is féidir de thalamh a chumhdófar, agus go n-áiritheofaí san am céanna, nuair is féidir, go mbainfear athúsáid as bealaí atá ann cheana nó bealaí nach bhfuil in úsáid a thuilleadh chun aon drochthionchar sóisialta, eacnamaíoch, comhshaoil agus airgeadais a laghdú a mhéid is féidir.

(30) Ba cheart 'stádas tosaíochta' a thabhairt do thionscadail leasa choitinn ar an leibhéal náisiúnta chun láimhseáil ghasta riaracháin a áirithiú agus ba cheart do na húdaráis inniúla iad a mheas mar thionscadail ar son leas an phobail. Ar chúiseanna leasa phoiblí sháraithigh, ba cheart tionscadail a bhfuil drochthionchar acu ar an gcomhshaol a údarú má chomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar amach i dTreoir 92/43/CEE ón gComhairle[34] agus i dTreoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35].

(31) Chomh maith leis sin, ba cheart 'stádas tosaíochta' ar an leibhéal náisiúnta a thabhairt do thionscadail leasa choitinn chun a áirithiú go bpléifear leo go práinneach in aon nós imeachta breithiúnach nó réitithe díospóide a bhaineann leo.

(32) Chun castacht a laghdú, éifeachtúlacht agus trédhearcacht a mhéadú agus cuidiú leis an gcomhar idir na Ballstáit a fheabhsú, ba cheart údarás inniúil nó údaráis inniúla a bheith ann chun comhtháthú nó comhordú a dhéanamh ar na próisis deonaithe ceadanna uile ('ionad ilfhreastail').

(33) Chun an próiseas ceadaithe le haghaidh eangacha amach ón gcósta don fhuinneamh in-athnuaite a dhéanamh níos simplí agus níos tapa, ba cheart do na Ballstáit atá timpeall imchuach farraige ar leith pointí teagmhála uathúla a chruthú, ar a dtugtar 'ionad ilfhreastail amach ón gcósta', de bharr sonraíochtaí réigiúnacha agus geografaíochta, chun an próiseas um dheonú ceadanna do na tionscadail sin a éascú agus a chomhordú. Thairis sin, má bhunaítear ionad ilfhreastail le haghaidh gach imchuach farraige ina bhfuil eangach amach ón gcósta don fhuinneamh in-athnuaite, ba cheart go laghdófaí castacht, go méadófaí éifeachtúlacht agus go gcuirfí dlús leis an bpróiseas ceadaithe le haghaidh sócmhainní tarchurtha amach ón gcósta a bhíonn trasna a lán dlínsí go minic.

(34) D'ainneoin go bhfuil caighdeáin bhunaithe ann lena n-áirithítear rannpháirtíocht an phobail i nósanna imeachta cinnteoireachta maidir leis an gcomhshaol, caighdeáin a bhfuil feidhm iomlán acu i dtaca le tionscadail leasa choitinn, tá gá fós le bearta breise faoin Rialachán seo chun na caighdeáin trédhearcachta agus rannpháirtíochta poiblí is fearr is féidir a áirithiú maidir leis na saincheisteanna ábhartha uile sa phróiseas deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail leasa choitinn. An réamhchomhairliúchán roimh an nós imeachta ceadaithe, má tá sé cumhdaithe cheana féin faoi na rialacha náisiúnta, faoi chaighdeáin atá mar an gcéanna nó níos airde ná mar atá sa Rialachán seo, ba cheart an réamhchomhairliúchán sin a dhéanamh roghnach agus ceanglais dlí dhúbailte a sheachaint.

(35) Le cur chun feidhme ceart comhordaithe Threoracha 2011/92/AE[36] agus 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37] agus, i gcás inarb infheidhme, an Choinbhinsiúin maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht agus rochtain ar

---

[34] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú.
(OJ L 206, 22.7.1992, lch. 7).

[35] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

[36] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag tionscadail áirithe phoiblí agus phríobháideacha ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

[37] Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag tionscadail áirithe phoiblí agus phríobháideacha ar an gcomhshaol (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).

cheartas i gcúrsaí comhshaoil, arna shíniú in Aarhus an 25 Meitheamh 1998[38] ('Coinbhinsiún Aarhus'), agus Choinbhinsiún Espoo maidir le measúnú tionchair timpeallachta i gcomhthéacs trasteorann ('Coinbhinsiún Espoo'), ba cheart comhchuibhiú na bpríomhphrionsabal maidir le measúnú ar éifeachtaí comhshaoil agus aeráide a áirithiú, lena n-áirítear i gcomhthéacs trasteorann. Tá treoir eisithe ag an gCoimisiún chun tacú leis na mBallstáit agus bearta leordhóthanacha reachtacha agus neamhreachtacha á sainiú acu chun na nósanna imeachta measúnaithe comhshaoil le haghaidh bonneagar fuinnimh a chuíchóiriú agus chun cur i bhfeidhm comhleanúnach na nósanna imeachta measúnaithe comhshaoil atá ag teastáil faoi dhlí an Aontais le haghaidh tionscadail leasa choitinn a áirithiú[39]. Ba cheart do na Ballstáit a measúnuithe maidir le tionscadail leasa choitinn a chomhordú agus foráil a dhéanamh maidir le measúnuithe comhpháirteacha, más féidir. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun dea-chleachtas agus forbairt na hacmhainneachta riaracháin a mhalartú eatarthu féin sna próisis deonaithe ceadanna.

(36) Tá sé tábhachtach an próiseas um dheonú ceadanna a chuíchóiriú agus a fheabhsú, agus urraim á léiriú a mhéid is féidir le haird chuí ar phrionsabal na coimhdeachta agus inniúlachtaí agus nósanna imeachta náisiúnta le haghaidh bonneagar nua a thógáil. I bhfianaise a phráinne agus atá sé bonneagair fuinnimh a fhorbairt, nuair a dhéantar simpliú ar an bpróiseas um dheonú ceadanna, ba cheart teorainn ama shoiléir a leagan amach do na húdaráis ábhartha maidir le cinneadh a dhéanamh i leith thógáil an tionscadail. Ba cheart don teorainn ama sin sainiú agus láimhseáil níos éifeachtúla na nósanna imeachta a spreagadh, agus níor cheart, ar chúinsí ar bith, an bonn a bhaint dá barr ó na hardchaighdeáin maidir le cosaint an chomhshaoil i gcomhréir leis an reachtaíocht chomhshaoil agus le rannpháirtíocht an phobail. Ba cheart don Rialachán seo uasteorainneacha ama a bhunú ach, mar sin féin, is féidir leis na Ballstáit iarracht a dhéanamh teorainneacha ama a ghiorrú más indéanta, go háirithe, a mhéid a bhaineann le tionscadail amhail eangacha cliste, nach gá go mbeadh próisis cheadaithe ag baint leo atá chomh casta leis an gceann le haghaidh bonneagar tarchurtha. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith freagrach as comhlíonadh na dteorainneacha ama a áirithiú.

(37) I gcás inarb iomchuí, is féidir leis na Ballstáit a chur san áireamh i gcinntí cuimsitheacha na cinntí a rinneadh i gcomhthéacs caibidlíochta le húinéirí talún aonair maidir le rochtain, úinéireacht nó ceart áitithe a dheonú i gcás maoine, agus pleanáil spásúil lena gcinntear úsáid ghinearálta talún i réigiún sainithe, lena n-áirítear forbairtí eile amhail mórbhealaí, iarnróid, foirgnimh agus limistéir faoi chosaint fiadhúlra, agus ar pleanáil í nach ndearnadh chun críoch sainiúil an tionscadail bheartaithe agus chun ceadanna oibríochtúla a dheonú. I gcomhthéacs an phróisis um dheonú ceadanna, is féidir le bonneagar gaolmhar a bheith mar chuid de thionscadal leasa choitinn a mhéid a bhfuil sé sin riachtanach do thógáil nó d'fheidhmiú an tionscadail. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo, agus go háirithe ag na forálacha maidir le ceadanna a dheonú, le rannpháirtíocht phoiblí agus le tionscadail leasa choitinn a chur chun feidhme, gan dochar don dlí idirnáisiúnta ná do dhlí an Aontais, lena n-áirítear forálacha chun an comhshaol

[38] IO L 124, 17.5.2005, lch. 4.
[39] Doiciméad Treorach *'Streamlining environmental assessment procedures for energy infrastructure'* [Nósanna imeachta um mheasúnú comhshaoil a chuíchóiriú le haghaidh bonneagar fuinneamh], https://ec.europa.eu/environment/eia/pdf/PCI_guidance.pdf.

agus sláinte an duine a chosaint agus forálacha arna nglacadh faoin gComhbheartas Iascaigh agus Muirí, go háirithe Treoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40].

(38) Ba cheart, i gcoitinne, gurb iad úsáideoirí an bhonneagair a sheasfadh na costais iomlána le haghaidh thógáil, oibriú agus chothabháil na dtionscadal leasa choitinn. Ba cheart do thionscadail leasa choitinn a bheith incháilithe do leithdháileadh costas trasteorann i gcás ina léiríonn measúnú ar éileamh an mhargaidh nó ar na héifeachtaí ionchasacha ar na taraifí nach féidir a bheith ag súil leis go ndéanfaidh na taraifí a íocfaidh úsáideoirí an bhonneagair na costais a aisghnóthú.

(39) Ba cheart an plé maidir le leithdháileadh iomchuí costas a bhunú ar anailís ar na costais agus na sochair a bhaineann le tionscadal bonneagair, anailís a dhéanfar ar bhonn modheolaíochta comhchuibhithe chun anailís uile-chórais a dhéanamh ar fhuinneamh, agus an cás céanna á úsáid agus a úsáideadh tráth a cuireadh an tionscadal ar an liosta Aontais de thionscadail leasa choitinn, faoi chuimsiú na bpleananna uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin arna n-ullmhú ag Gréasáin Eorpacha na nOibreoirí Córais Tharchurtha de bhun Rialachán (AE) Uimh. 2019/943 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, ar measúnú é a ndéanfaidh an Ghníomhaireacht athbhreithniú air. San anailís sin, is féidir aird a thabhairt ar tháscairí agus luachanna tagartha comhfhreagracha le haghaidh chomparáid a dhéanamh ar na gcostas aonaid infheistíochta.

(40) I margadh inmheánach fuinnimh atá ag éirí níos comhtháite, tá gá le rialacha soiléire trédhearcacha maidir le leithdháileadh costas thar theorainneacha chun dlús a chur le hinfheistíocht i mbonneagar trasteorann. Tá sé riachtanach creat maoiniúcháin cobhsaí a áirithiú le haghaidh forbairt tionscadal leasa choitinn agus, san am céanna, go laghdófar a oiread is féidir an gá atá ann le tacaíocht airgeadais. Agus an leithdháileadh costas trasteorann á chinneadh acu, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta na costais uile infheistíochta a leithdháileadh thar theorainneacha agus iad a chur san áireamh sna taraifí náisiúnta, agus, ina dhiaidh sin ba cheart dóibh a chinneadh an mbeadh a dtionchar ar tharaifí náisiúnta ina ualach díréireach ar thomhaltóirí. An baol go mbeadh tacaíocht dhúbailte ann do thionscadail, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta an baol sin a sheachaint trí na muirir agus na hioncaim, idir iarbhír agus mheasta, a chur san áireamh. Níor cheart na muirir agus na hioncaim sin a chur san áireamh ach amháin a mhéid a bhaineann siad leis na tionscadail agus a mhéid atá siad ceaptha chun na costais atá i gceist a chumhdach.

(41) Ceanglaítear leis an reachtaíocht maidir leis an margadh inmheánach fuinnimh go bhforáiltear le taraifí le haghaidh rochtain ar na gréasáin do dhreasachtaí iomchuí chun infheistíocht a dhéanamh. Mar sin féin, is dóichí go mbeidh costais sheachtracha ag baint le roinnt tionscadail leasa choitinn de chineálacha éagsúla, agus seans nach bhféadfaí iad a chumhdach ná a chúiteamh go hiomlán tríd an ngnáthchóras taraifí. Agus an reachtaíocht maidir leis an margadh inmheánach fuinnimh á cur i bhfeidhm acu, ba cheart d’údaráis rialála náisiúnta creat rialála agus airgeadais atá cobhsaí agus intuartha a áirithiú le dreasachtaí le haghaidh tionscadail leasa choitinn, lena n-áirítear dreasachtaí fadtéarmacha, atá i gcomhréir le leibhéal riosca sonraigh an tionscadail. Ba cheart feidhm a bheith aige seo go háirithe maidir le tionscadail trasteorann, teicneolaíochtaí tarchurtha nuálacha le haghaidh leictreachais lena gcumasaítear comhtháthú mórscála an fhuinnimh in-athnuaite, comhtháthú na n-acmhainní fuinnimh leithdháilte nó

40 Treoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat do phleanáil spásúil mhuirí, IO C 257, 28.8.2014, lch. 135

comhtháthú na freagartha ar an éileamh i ngréasáin idirnasctha, agus tionscadail na teicneolaíochta fuinnimh agus digitithe, tionscadail ar dócha go mbeidh rioscaí níos airde ag baint leo, nó tairbhí níos airde don Aontas, i gcomparáid le tionscadail den chineál céanna atá lonnaithe laistigh de Bhallstát amháin. Thairis sin, ba cheart rochtain ar dhreasachtaí iomchuí le haghaidh infheistíochta a bheith ag baint le tionscadail a bhfuil costais oibríochtúla airde acu. Go háirithe, i gcás na n-eangach amach ón gcósta le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, eangacha défheidhmiúla ar idirnascairí leictreachais iad mar aon le nasc le haghaidh tionscadail amach ón gcósta chun an fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint, is dóichí gur airde na rioscaí a bheidh ag na tionscadail sin ná mar a bheidh ag tionscadail bhonneagair intíre den chineál céanna, de bharr an cheangail intrigh atá acu le sócmhainní giniúna, rud a bhfuil rioscaí rialála agus airgeadais ag baint leis, amhail an gá atá ann le hinfheistíochtaí oircheallacha, mar aon le rioscaí margaidh agus rioscaí a bhaineann le húsáid na dteicneolaíochtaí nua nuálacha.

(42) Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach amháin maidir le deonú ceadanna le haghaidh tionscadail leasa choitinn, le rannpháirtíocht an phobail sna tionscadail sin agus lena láimhseáil rialála. Mar sin féin, is féidir leis na Ballstáit forálacha náisiúnta a ghlacadh chun na rialacha céanna nó rialacha comhchosúla a chur i bhfeidhm maidir le tionscadail eile nach bhfuil stádas tionscadail leasa choitinn acu de réir raon feidhme an Rialacháin seo. Maidir leis na dreasachtaí rialála, is féidir leis na Ballstáit forálacha náisiúnta a ghlacadh chun na rialacha céanna nó rialacha comhchosúla a chur i bhfeidhm maidir le tionscadail leasa choitinn a thagann faoi chatagóir na stórála leictreachais.

(43) Na Ballstáit nach leagann faoi láthair an suntas náisiúnta is airde is féidir ar thionscadail bhonneagair fuinnimh i gcomhthéacs an phróisis deonaithe ceadanna, ba cheart iad a spreagadh le féachaint ar stádas den chineál sin a thabhairt isteach, go háirithe trí mheastóireacht a dhéanamh an rud é sin a chuirfeadh dlús leis an bpróiseas deonaithe ceadanna.

(44) Na Ballstáit nach bhfuil nósanna imeachta breithiúnacha atá brostaithe nó práinneach i bhfeidhm acu faoi láthair, nósanna imeachta a bhfuil feidhm acu maidir le tionscadail bonneagair fuinnimh, ba cheart iad a spreagadh le féachaint ar nósanna imeachta den chineál sin a thabhairt isteach, go háirithe trí mheastóireacht a dhéanamh an rud é sin a chuirfeadh dlús le cur chun feidhme na dtionscadal sin.

(45) Léiríonn Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 an breisluach a bhaineann le cistiú príobháideach a ghiaráil trí chabhair shuntasach airgeadais ón Aontas, d'fhonn an deis a chruthú do chur chun feidhme na dtionscadal sin a bhfuil tábhacht leo ar leibhéal na hEorpa. I bhfianaise na staide eacnamaíche agus airgeadais, agus srianta buiséadacha, ba cheart leanúint den tacaíocht spriocdhírithe, trí bhíthin deontas agus ionstraimí airgeadais, faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil, d'fhonn infheisteoirí nua a mhealladh chun infheistíocht a dhéanamh sna conairí agus réimsí tosaíochta maidir le bonneagar fuinnimh, agus ranníocaíocht bhuiséadach an Aontais á coinneáil chomh híseal agus is féidir san am céanna.

(46) Ba cheart tionscadail leasa choitinn a bheith incháilithe chun cúnamh airgeadais a fháil ón Aontas le haghaidh staidéar agus, faoi choinníollacha áirithe, le haghaidh oibreacha de bhun Rialachán (AE)… [faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa mar a bheartaítear in COM(2018)438] i bhfoirm deontas nó i bhfoirm ionstraimí airgeadais nuálacha chun a áirithiú gur féidir tacaíocht shaincheaptha a thabhairt do na tionscadail leasa choitinn sin nach bhfuil indéanta faoin gcreat rialála agus faoi na coinníollacha margaidh atá ann faoi láthair. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí aon saobhadh ar iomaíochas a sheachaint, go háirithe idir tionscadail

arb é is aidhm dóibh an chonaire tosaíochta chéanna de chuid an Aontais a bhaint amach. Ba cheart go n-áiritheoidh an cúnamh airgeadais sin na sineirgí is gá leis na Cistí Struchtúrtha, d'fhonn gréasáin chliste le haghaidh dáileachán fuinnimh a mhaoiniú, agus le sásra maoiniúcháin an Aontais um fhuinneamh in-athnuaite de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún[41]. Ba cheart loighic trí chéim a chur i bhfeidhm maidir le hinfheistíochtaí i dtionscadail leasa choitinn. Sa chéad dul síos, ba cheart an tosaíocht a bheith ag an margadh chun infheistíocht a dhéanamh. Sa dara dul síos, mura ndéanann an margadh infheistíochtaí, ba cheart réitigh rialála a lorg, agus ba cheart an creat rialála ábhartha a choigeartú más gá, agus feidhmiú iomchuí an chreata rialála ábhartha a áirithiú. Sa tríú dul síos, i gcás nach leor an chéad dá chéim chun na hinfheistíochtaí atá ag teastáil ó thionscadail leasa choitinn a bhaint amach, ba cheart é a bheith indéanta cúnamh airgeadais ón Aontas a dheonú i gcás ina gcomhlíonann an tionscadal leasa choitinn na critéir incháilitheachta is infheidhme. D'fhéadfaí tionscadail leasa choitinn a bheith incháilithe faoin gclár InvestEU freisin, rud atá comhlántach le maoiniú deontais.

(47) Ba cheart deontais le haghaidh oibreacha a bhaineann le tionscadail leasa choitinn a bheith ar fáil do na hinfheistíochtaí atá lonnaithe ar chríoch an Aontais, agus dóibh sin amháin, agus sa chás sin amháin go ndéanann ar a laghad dhá Bhallstát ranníocaíocht shuntasach le costais infheistíochtaí an tionscadail i bhfianaise na dtairbhí a bhaineann leis.

(48) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942[42], agus (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43] agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a leasú dá réir.

(49) Ar an ábhar sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 a aisghairm.

(50) Chun a áirithiú go léireoidh comhdhéanamh na gconairí tosaíochta agus na réimsí téamacha forbairt an bhonneagair fuinnimh ar an mbealach is fearr, agus go leanann líon na dtionscadal iarrthóra i ngach grúpa de bheith iomchuí agus réasúnta sa tslí gur féidir measúnú cuimsitheach críochnúil a dhéanamh orthu, agus chun a áirithiú go mbeidh an liosta Aontais de thionscadail leasa choitinn teoranta do na tionscadail ar mó a rannchuidiú le cur chun feidhme na gconairí tosaíochta straitéiseacha le haghaidh bonneagar fuinnimh agus na réimsí téamacha, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún:

- chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí raon feidhme agus comhdhéanamh na gconairí tosaíochta agus na réimsí téamacha a athbhreithniú agus trí liostaí nua conairí tosaíochta agus réimsí téamacha a ghlacadh;

- chun na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú d'fhonn an liosta Aontais de thionscadail leasa choitinn a ghlacadh agus a athbhreithniú, agus an ceart atá ag na Ballstáit

---

41 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2020 lena mbunaítear sásra maoiniúcháin an Aontais um fhuinneamh in-athnuaite (IO L 303, 17.9.2020, lch. 1).

42 Rialachán (AE) Uimh. 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (IO L 158, 14.6.2019, lch. 22).

43 Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas, IO L 158, 14.6.2019, lch. 54

agus ag tríú tíortha á urramú san am céanna maidir le tionscadail leasa choitinn nó tionscadail chomhleasa a bhaineann lena gcríoch a fhormheas.

Nuair a chuirtear san áireamh an gá atá le gnóthú chuspóirí an Rialacháin seo a áirithiú, i bhfianaise líon na dtionscadal atá ar liostaí an Aontais go dtí seo, ba cheart go mbeadh líon iomlán na dtionscadal leasa choitinn fós inláimhsithe agus, dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh a líon go suntasach níos mó ná 220. Agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. I gcás ina measann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle gur gá sin, féadfaidh siad araon saineolaithe a chur chuig cruinnithe shainghrúpaí an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú gníomhartha tarmligthe chuig a mbeidh cuireadh faighte ag saineolaithe ó na Ballstáit. Tá an plé sna grúpaí réigiúnacha ríthábhachtach chun go nglacfaidh an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe lena mbunaítear na liostaí tionscadal leasa choitinn. Dá bhrí sin, is iomchuí, a mhéid is féidir agus is comhoiriúnach do chreat an Rialacháin seo, go gcuirfear Parlaimint na hEorpa agus shud an Chomhairle ar an eolas faoi aon chruinniú de chuid na ngrúpaí réigiúnacha agus go bhféadfaidh siad saineolaithe a chur chuig na cruinnithe sin i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Rialáil Níos Fearr[44].

(51) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta um leithdháileadh costas trasteorann, agus chun go mbeidh na Ballstáit in ann meastóireacht a dhéanamh ar na tairbhí agus na costais a bhaineann leis na heangacha amach ón gcósta ar imchuach na farraige le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, i bhfianaise na socruithe margaidh agus airgeadais le haghaidh na láithreán giniúna freisin, amhail tacaíocht a deonaíodh cheana féin, agus chun go mbeidh siad in ann réamhanailís ar chomhroinnt costas a dhéanamh ar leibhéal an imchuach farraige, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45]. Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme den chineál sin a ghlacadh.

(52) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, is é sin forbairt agus idir-inoibritheacht na ngréasán tras-Eorpach fuinnimh agus nascadh leis na gréasáin sin, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr is féidir é a ghnóthú dá bhrí sin ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

---

[44] IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1–14. Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

[45] IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I

## *FORÁLACHA GINEARÁLTA*

*Airteagal 1*

### Ábhar

1. Sa Rialachán seo leagtar síos treoirlínte maidir le forbairt agus idir-inoibritheacht thráthúil na gconairí agus na réimsí tosaíochta sa bhonneagar tras-Eorpach fuinnimh a leagtar amach in Iarscríbhinn I (‘conairí agus réimsí tosaíochta sa bhonneagar fuinnimh’) a rannchuidíonn le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais le haghaidh 2030 agus leis an gcuspóir aeráidneodrachta le haghaidh 2050.

2. Déantar na nithe seo a leanas go háirithe leis an Rialachán seo:

(a) tugtar aghaidh ar shainaithint tionscadal leasa choitinn a bhfuil gá leo chun conairí agus réimsí tosaíochta a chur chun feidhme a thagann faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh maidir le leictreachas, eangacha gáis cliste, hidrigin, leictrealóirí agus dé-ocsaíd charbóin a leagtar amach in Iarscríbhinn II (‘catagóirí bonneagair fuinnimh’);

(b) éascaítear cur chun feidhme tráthúil tionscadal leasa choitinn trí phróisis deonaithe ceadanna a chuíchóiriú, a chomhordú níos dlúithe agus a luathú agus tríd an rannpháirtíocht phoiblí a fheabhsú;

(c) soláthraítear rialacha agus treoraíocht maidir le leithdháileadh trasteorann na gcostas agus dreasachtaí atá bainteach le riosca le haghaidh tionscadail leasa choitinn;

(d) cinntear coinníollacha faoina mbeidh tionscadail leasa choitinn incháilithe chun cúnamh airgeadais a fháil ón Aontas;

(e) tugtar aghaidh ar shainaithint tionscadal comhleasa.

*Airteagal 2*

### Sainmhínithe

I dteannta na sainmhínithe i dTreoracha 2009/73/CE, (AE) 2018/2001[46] agus (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus i Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas chun críocha an Rialacháin seo:

---

[46] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, IO L 328, 21.12.2018, lch. 82.

(1) ciallaíonn ‘bonneagar fuinnimh’ aon trealamh fisiceach nó saoráid fhisiceach a thagann faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh agus atá lonnaithe san Aontas, nó a nascann an tAontas le tríú tír amháin nó le níos mó ná tríú tír amháin;

(2) ciallaíonn ‘cinneadh cuimsitheach’ an cinneadh críochnaitheach nó an tsraith cinntí chríochnaitheach a ghlacann údarás nó údaráis Bhallstáit, gan cúirteanna ná binsí a chur san áireamh, lena gcinntear cibé acu a údaraíodh nó nár údaraíodh tionscnóir tionscadail maidir leis an mbonneagar fuinnimh a thógáil lena ndéanfar tionscadal leasa choitinn a réadú trína bheith ábalta tús a chur leis na hoibreacha tógála nó iad a sholáthar agus tús a chur leo, gan dochar d’aon chinneadh a ghlacfar i gcomhthéacs nós imeachta achomhairc riaracháin;

(3) ciallaíonn ‘tionscadal’ ceann amháin nó níos mó ná sin de línte, de phíblínte, de shaoráidí, de threalamh nó de shuiteálacha a thagann faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh;

(4) ciallaíonn ‘tionscadal leasa choitinn’ tionscadal a bhfuil gá leis chun na conairí agus na réimsí tosaíochta sa bhonneagar fuinnimh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chur chun feidhme agus ar cuid é de liosta uile-Aontais na dtionscadal leasa choitinn dá dtagraítear in Airteagal 3;

(5) ciallaíonn ‘tionscadal comhleasa’ tionscadal a chuireann an tAontas chun cinn i gcomhar le tríú tíortha;

(6) ciallaíonn ‘scrogall bonneagair fuinnimh’ srianadh ar shreafaí fisiceacha i gcóras fuinnimh mar gheall ar acmhainneacht neamhleor tarchurtha, lena n-áirítear *inter alia* easpa bonneagair;

(7) ciallaíonn ‘tionscnóir tionscadail’ ceann díobh seo a leanas:

(a) oibreoir córais tarchurtha (OCT), oibreoir córais dáileacháin nó oibreoir nó infheisteoir eile a bhfuil tionscadal leasa choitinn á fhorbairt aige;

(b) i gcás ina bhfuil roinnt OCTanna, oibreoirí córais dáileacháin, oibreoirí eile, infheisteoirí, nó aon ghrúpa díobh sin, an t-eintiteas a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige faoin dlí náisiúnta is infheidhme, a ndearnadh é a ainmniú trí shocrú conarthach eatarthu agus a bhfuil sé de chumas aige oibleagáidí dlíthiúla a ghlacadh agus dliteanas airgeadais a ghabháil air féin thar ceann na bpáirtithe sa socrú conarthach;

(8) ciallaíonn ‘eangach leictreachais chliste’ gréasán leictreachais inar féidir le hoibreoir na heangaí faireachán a dhéanamh go digiteach ar ghníomhaíochtaí na n-úsáideoirí atá nasctha leis, agus ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun cumarsáid a dhéanamh le hoibreoirí eangaí, gineadóirí, tomhaltóirí agus/nó táirgeoirí is tomhaltóirí gaolmhara, d’fhonn leictreachas a tharchur ar bhealach inbhuanaithe costéifeachtach slán;

(9) ciallaíonn ‘eangach gháis chliste’ gréasán gáis a bhaineann úsáid as réitigh dhigiteacha nuálacha chun iolrachas foinsí gáis ísealcharbóin inbhuanaithe a chomhtháthú ar bhealach costéifeachtach i gcomhréir le riachtanais tomhaltóirí agus ceanglais cháilíochta gáis chun lorg carbóin an ídithe gáis ghaolmhair a laghdú, sciar méadaithe de gháis in-athnuaite ísealcharbóin a éascú, agus naisc le hiompróirí agus le hearnálacha eile fuinnimh a chruthú;

(10) ciallaíonn ‘údaráis lena mbaineann’ údaráis atá inniúil, faoin dlí náisiúnta, ceadanna agus údaruithe éagsúla a eisiúint a bhaineann le pleanáil, dearadh agus tógáil sócmhainní dochorraithe, lena n-áirítear bonneagar fuinnimh;

(11) ciallaíonn 'oibreacha' ceannach, soláthar agus úsáid comhpháirteanna, córas agus seirbhísí lena n-áirítear bogearraí, cur i gcrích gníomhaíochtaí forbartha agus tógála agus suiteála a bhaineann le tionscadal, glacadh le suiteálacha agus seoladh tionscadail;

(12) ciallaíonn 'staidéir' gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun cur chun feidhme tionscadail a ullmhú, cosúil le staidéir ullmhúcháin, féidearthachta, mheastóireachta, thástála agus bhailíochtaithe, lena n-áirítear bogearraí, agus aon bheart tacaíochta teicniúla eile lena n-áirítear réamhghníomhaíocht chun tionscadal a shainiú agus a fhorbairt agus chun cinneadh a dhéanamh maidir lena mhaoiniú, cosúil le réamhshuirbhéireacht na suíomhanna lena mbaineann agus ullmhú an phacáiste airgeadais;

(13) ciallaíonn 'údarás rialála náisiúnta' údarás rialála náisiúnta arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 39(1) de Threoir 2009/73/CE nó Airteagal 57(1) de Threoir (AE) 2019/944;

(14) ciallaíonn 'coimisiúnú' an próiseas a bhaineann le tionscadal a chur i mbun oibríochta, ó uair a thógtha;

(15) ciallaíonn 'údaráis rialála náisiúnta ábhartha' na húdaráis rialála náisiúnta sna Ballstáit dá soláthraíonn an tionscadal tionchar dearfach nach beag;

(16) próiseas atá san 'oiriúnú don athrú aeráide' lena n-áirítear seasmhacht an bhonneagair fuinnimh i gcoinne dhrochthionchair fhéideartha an athraithe aeráide trí mheasúnú leochaileachta agus riosca a dhéanamh maidir leis an aeráid, lena n-áirítear na bearta ábhartha oiriúnúcháin.

# CAIBIDIL II

*TIONSCADAIL LEASA CHOITINN AGUS TIONSCADAIL CHOMHLEASA*

*Airteagal 3*

**An liosta Aontais de thionscadail leasa choitinn agus tionscadail chomhleasa**

1. Bunófar grúpaí réigiúnacha ('Grúpaí') mar a leagtar amach i Roinn 1 d'Iarscríbhinn III. Beidh comhaltas gach Grúpa bunaithe ar gach conaire agus réimse tosaíochta agus ar chumhdach geografach gach ceann acu sin mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Beidh cumhachtaí cinnteoireachta sna Grúpaí teoranta do na Ballstáit agus don Choimisiún, a dtagrófar dóibh, chun na gcríoch sin, mar chomhlacht cinnteoireachta na nGrúpaí.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe maidir le raon feidhme agus comhdhéanamh na gconairí agus na réimsí tosaíochta a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20, gníomhartha lena bhforlíonfar an Rialachán seo.

2. Déanfaidh gach Grúpa a chuid rialacha nós imeachta féin a ghlacadh, ag féachaint do na forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

3. Déanfaidh comhlacht cinnteoireachta gach Grúpa liosta réigiúnach de thionscadail leasa choitinn atá beartaithe a ghlacadh, arna tharraingt suas i gcomhréir leis an bpróiseas a leagtar amach i Roinn 2 d'Iarscríbhinn III, le rannchuidiú gach tionscadail i dtaobh chur chun feidhme na gconairí agus na réimsí tosaíochta sa bhonneagar fuinnimh agus chomhlíonadh na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 4.

I gcás ina ndéanann Grúpa a liosta réigiúnach a tharraingt suas:

(a) beidh formheas ó na stáit a bhfuil baint ag an tionscadal lena gcríoch ag teastáil ó gach togra aonair le haghaidh tionscadal leasa choitinn; i gcás nach ndéanann stát togra a fhormheas, cuirfidh sé a chuid cúiseanna réasúnaithe leis sin i láthair don Ghrúpa lena mbaineann;

(b) cuirfidh sé san áireamh an chomhairle ón gCoimisiún arb é is aidhm di líon iomlán inláimhsithe tionscadal leasa choitinn a bheith ann.

4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 lena leasófar iarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo chun liosta Aontais de thionscadail leasa choitinn a bhunú ('liosta Aontais'), faoi réir an dara mír d'Airteagal 172 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

I bhfeidhmiú a chumhachtaí dó, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar an liosta Aontais a bhunú gach dhá bhliain, ar bhonn na liostaí réigiúnacha a ghlacfaidh comhlachtaí cinnteoireachta na nGrúpaí de réir mar a leagtar síos i bpointe (2) de Roinn 1 d'Iarscríbhinn III, agus an nós imeachta a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo á leanúint acu.

Glacfar an chéad liosta Aontais de bhun an Rialacháin seo faoin 30 Samhain 2023 ar a dhéanaí.

5. Déanfaidh an Coimisiún, nuair a bheidh an liosta Aontais á ghlacadh aige ar bhonn na liostaí réigiúnacha, an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú gurb iad na tionscadail sin a chomhlíonann na critéir dá dtagraítear in Airteagal 4, agus iadsan amháin, atá san áireamh;

(b) comhleanúnachas trasréigiúnach a áirithiú, agus an tuairim ón nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('an Ghníomhaireacht') dá dtagraítear i bpointe (12) de Roinn 2 d'Iarscríbhinn III á cur san áireamh;

(c) na tuairimí ó na Ballstáit dá dtagraítear i bpointe (9) de Roinn 2 d'Iarscríbhinn III a chur san áireamh;

(d) féachaint le líon iomlán inláimhsithe tionscadal leasa choitinn a bheith ar an liosta Aontais.

6. Beidh tionscadail leasa choitinn a áirítear ar an liosta Aontais de bhun mhír 4 den Airteagal seo faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointí (1)(a), (b), (c) agus (e) d'Iarscríbhinn II ina gcuid lárnach de na pleananna infheistíochta réigiúnaí ábhartha faoi Airteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 2019/943 agus Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 agus ina gcuid lárnach de na pleananna náisiúnta ábhartha deich mbliana maidir le forbairt gréasáin faoi Airteagal 51 de Threoir (AE) 2019/944 agus Airteagal 22 de Threoir 2009/73/CE agus na pleananna bonneagair náisiúnta eile lena mbaineann, de réir mar is iomchuí. Tabharfar an tosaíocht is airde is féidir do na

tionscadail sin laistigh de gach ceann de na pleananna sin. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le tionscadail chomhleasa.

*Airteagal 4*

**Critéir le haghaidh tionscadail leasa choitinn agus tionscadail chomhleasa**

1. Comhlíonfaidh tionscadail leasa choitinn na critéir ghinearálta seo a leanas:

(a) tá an tionscadal riachtanach le haghaidh ar a laghad ceann amháin de na conairí agus na réimsí tosaíochta sa bhonneagar fuinnimh;

(b) is tábhachtaí tairbhí foriomlána féideartha an tionscadail, arna meas i gcomhréir leis na critéir shonracha ar leith i mír 3, ná costais an tionscadail, lena n-áirítear ar an bhfadtéarma;

(c) comhlíonfaidh an tionscadal aon cheann de na critéir seo a leanas:

(i) baineann sé le dhá Bhallstát ar a laghad, trí theorainn dhá Ballstát nó níos mó a thrasnú go díreach;

(ii) tá sé lonnaithe i gcríoch aon Ballstáit amháin agus tá tionchar suntasach trasteorann aige mar a leagtar amach i bpointe (1) d'Iarscríbhinn IV.

2. Comhlíonfaidh tionscadail chomhleasa na critéir ghinearálta seo a leanas:

(a) cuireann an tionscadal go mór le cuspóirí dícharbónaithe an Aontais agus an tríú tír agus le hinbhuanaitheacht, lena n-áirítear trí fhuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú isteach san eangach agus trí ghiniúint in-athnuaite a tharchur chuig mórionaid ídithe agus láithreáin stórála, agus;

(b) is tábhachtaí tairbhí foriomlána féideartha an tionscadail, arna meas i gcomhréir leis na critéir shonracha ar leith i mír 3, ná costais an tionscadail, lena n-áirítear na tairbhí agus na costais san fhadtéarma;

(c) tá an tionscadal lonnaithe i gcríoch aon Bhallstáit amháin ar a laghad agus i gcríoch tríú tír amháin ar a laghad agus tá tionchar suntasach trasteorann aige mar a leagtar amach i bpointe (2) d'Iarscríbhinn IV;

(d) maidir leis an gcuid atá lonnaithe i gcríoch an Aontais, tá an tionscadal i gcomhréir le Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944 i gcás ina dtagann sé faoi na catagóirí bonneagair ar a dtugtar tuairisc i bpointí (1) agus (3) d'Iarscríbhinn II;

(e) tá ardleibhéal ailínithe nó cóineasaithe rialála ag na tríú tíortha a bhfuil baint acu leis chun tacú le cuspóirí beartais foriomlána an Aontais, go háirithe chun go n-áiritheofaí:

i) margadh inmheánach fuinnimh a fheidhmíonn go maith;

ii) slándáil soláthairtí fuinnimh bunaithe ar an gcomhar agus ar an dlúthpháirtíocht;

iii) córas fuinnimh, lena n-áirítear táirgeadh, tarchur agus dáileadh, ar an gconair i dtreo dícharbónú i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus cuspóirí aeráide an Aontais; agus chun sceitheadh carbóin a sheachaint go háirithe;

(f) tacaíonn na tríú tíortha lena mbaineann le stádas tosaíochta an tionscadail, mar a leagtar amach in Airteagal 7, agus tugann siad gealltanas go gcloífidh siad le hamlíne chomhchosúil le haghaidh cur chun feidhme brostaithe agus bearta tacaíochta beartais agus rialála eile is infheidhme maidir le tionscadail leasa choitinn san Aontas.

3. Beidh feidhm ag na critéir shonracha seo a leanas maidir le tionscadail leasa choitinn a thagann faoi chatagóirí bonneagair fuinnimh sonracha:

(a) maidir leis na tionscadail tarchurtha agus stórála leictreachais a thagann faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointí 1(a), (b), (c) agus (e) d'Iarscríbhinn II, rannchuideoidh an tionscadal go mór le hinbhuanaitheacht trí fhuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú isteach san eangach agus trí ghiniúint in-athnuaite a tharchur chuig mórionaid ídithe agus láithreáin stórála, agus trí cheann amháin ar a laghad de na critéir shonracha seo a leanas:

(ii) comhtháthú margaidh, lena n-áirítear trí dheireadh a chur le haonrú ceann amháin de na Ballstáit ar a laghad agus trí scrogaill sa bhonneagar fuinnimh a laghdú; iomaíocht agus solúbthacht an chórais;

(iii) cinnteacht an tsoláthair, lena n-áirítear trí idir-inoibritheacht, solúbthacht an chórais, an chibearshlándáil, naisc iomchuí agus oibriú slán iontaofa an chórais.

(b) maidir le tionscadail eangaí leictreachais cliste a thagann faoin gcatagóir bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointe (1)(d) d'Iarscríbhinn II, tá an tionscadal le cur go mór le hinbhuanaitheacht trí fhuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú isteach san eangach, agus trí dhá cheann ar a laghad de na critéir shonracha seo a leanas:

(i) cinnteacht an tsoláthair, lena n-áirítear trí éifeachtúlacht agus idir-inoibritheacht tarchurtha agus dáilte leictreachais in oibriú an ghréasáin ó lá go lá, tríd an gcúngach a sheachaint, agus trí chomhtháthú agus rannpháirtíocht úsáideoirí gréasáin;

(ii) comhtháthú margaidh, lena n-áirítear tríd an gcóras a oibriú go héifeachtúil agus idirnascairí a úsáid;

(iii) cinnteacht an ghréasáin, solúbthacht agus cáilíocht an tsoláthair, lena n-áirítear trí ghlacadh méadaithe le nuálaíocht sa chothromú, an chibearshlándáil, faireachán, rialú an chórais agus ceartú earráidí.

(c) maidir le tionscadail iompair dé-ocsaíde carbóin a thagann faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointe (5) d'Iarscríbhinn II, rannchuideoidh an tionscadal go mór le gach ceann de na critéir shonracha seo a leanas:

(i) astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a sheachaint agus cinnteacht an tsoláthair fuinnimh á coinneáil ar bun ag an am céanna;

(ii) seasmhacht agus slándáil iompar dé-ocsaíde carbóin a mhéadú;

(iii) acmhainní a úsáid go héifeachtúil, trí nascadh iliomad foinsí agus láithreán stórála dé-ocsaíde carbóin a éascú trí bhonneagar coiteann agus trí ualach agus rioscaí comhshaoil a íoslaghdú.

(d) maidir le tionscadail hidrigine a thagann faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointe (3) d'Iarscríbhinn II, rannchuideoidh an tionscadal go mór le hinbhuanaitheacht, lena n-áirítear trí astaíochtaí gás ceaptha a laghdú, feabhas a chur ar úsáid hidrigine in-athnuaite agus tacú le giniúint cumhachta in-athnuaite inathraithí trí sholúbthacht agus/nó réitigh stórála a thairiscint. Thairis sin, rannchuideoidh an tionscadal go mór le ceann amháin ar a laghad de na critéir shonracha seo a leanas:

(i) comhtháthú margaidh, lena n-áirítear trí ghréasáin hidrigine de chuid na mBallstát atá ann cheana nó atá ag teacht chun cinn a nascadh, nó trí rannchuidiú ar shlí eile le teacht chun cinn gréasáin uile-Aontais chun hidrigin a iompar agus a stóráil, agus trí idir-inoibritheacht córas nasctha a áirithiú;

(ii) cinnteacht an tsoláthair agus solúbthacht, lena n-áirítear trí naisc iomchuí agus trí oibriú slán iontaofa an chórais a éascú;

(iii) iomaíocht, lena n-áirítear trí rochtain ar an iliomad foinsí soláthair agus úsáideoirí gréasáin a cheadú ar bhonn trédhearcach neamh-idirdhealaitheach.

(e) maidir le leictrealóirí a thagann faoin gcatagóir a leagtar amach i bpointe (4) d'Iarscríbhinn II, rannchuideoidh an tionscadal go mór le gach ceann de na critéir shonracha seo a leanas:

(i) inbhuanaitheacht, lena n-áirítear trí astaíochtaí gás ceaptha a laghdú agus feabhas a chur ar úsáid hidrigine in-athnuaite;

(ii) cinnteacht an tsoláthair, lena n-áirítear trí chur le hoibriú slán éifeachtúil iontaofa an chórais nó trí réitigh stórála agus/nó solúbthachta a thairiscint, cosúil le freagairt ar an éileamh agus seirbhísí cothromúcháin;

(iii) comhtháthú earnáil an fhuinnimh chliste a éascú trí iompróirí agus earnálacha éagsúla fuinnimh a nascadh.

(f) maidir le tionscadail eangaí gáis cliste a thagann faoin gcatagóir bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointe (2) d'Iarscríbhinn II, rannchuideoidh an tionscadal go mór le hinbhuanaitheacht trí chomhtháthú gáis in-athnuaite ísealcharbóin, cosúil le bithmheatán nó hidrigin inathnuaite, a éascú sna gréasáin dáilte agus tarchurtha gáis chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Thairis sin, rannchuideoidh an tionscadal go mór le ceann amháin ar a laghad de na critéir shonracha seo a leanas:

(i) cinnteacht an ghréasáin agus cáilíocht an tsoláthair trí éifeachtúlacht agus idir-inoibritheacht tharchur agus dháileadh an gháis a fheabhsú le linn oibriú an ghréasáin ó lá go lá trí aghaidh a thabhairt, i measc nithe eile, ar dhúshláin a eascraíonn as gáis de cháilíochtaí éagsúla a instealladh trí theicneolaíochtaí nuálacha agus an chibearshlándáil a chur in úsáid;

(ii) feidhmiú an mhargaidh agus seirbhísí le haghaidh custaiméirí;

(iii) comhtháthú earnáil an fhuinnimh chliste a éascú trí naisc a chruthú le hiompróirí agus le hearnálacha eile fuinnimh agus trí fhreagairt ar an éileamh a chur ar bun.

4. Maidir le tionscadail a thagann faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointí (1) go (4) d'Iarscríbhinn II, déanfar an méid a rannchuidíonn siad leis na critéir a liostaítear i mír 3 den Airteagal seo a mheasúnú i gcomhréir leis na táscairí a leagtar amach i bpointí (3) go (7) d'Iarscríbhinn IV.

5. D'fhonn measúnú ar gach tionscadal a d'fhéadfadh a bheith incháilithe mar thionscadail leasa choitinn agus a d'fhéadfaí a chur san áireamh ar liosta réigiúnach a éascú, déanfaidh gach Grúpa measúnú ar an méid a rannchuidíonn gach tionscadal le cur chun feidhme na conaire nó an réimse tosaíochta chéanna ar bhealach trédhearcach oibiachtúil. Déanfaidh gach Grúpa a mhodh measúnaithe a chinneadh ar bhonn an mhéid chomhiomlánaithe a rannchuidíonn sé leis na critéir dá dtagraítear i mír 3. Mar thoradh ar an measúnú sin déanfar tionscadail a rangú lena n-úsáid go hinmheánach ag an nGrúpa. Ní bheidh aon rangú sa liosta réigiúnach ná sa liosta Aontais ná ní úsáidfear an rangú chun aon chríche dá éis seachas mar a thuairiscítear i bpointe (14) de Roinn 2 d'Iarscríbhinn III.

Agus tionscadail á measúnú, tabharfaidh gach Grúpa aird chuí ar na nithe seo a leanas:

(a) práinn gach tionscadail atá beartaithe chun spriocanna beartais fuinnimh an Aontais a bhaint amach maidir le dícharbónú, comhtháthú an mhargaidh, iomaíochas, inbhuanaitheacht agus cinnteacht an tsoláthair;

(b) an chomhlántacht i ndáil le tionscadail eile atá beartaithe;

(c) i gcás na dtionscadal atá beartaithe ar tionscadail leasa choitinn iad, ag an am, an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme an tionscadail agus comhlíonadh na n-oibleagáidí tuairiscithe agus trédhearcachta leis.

A mhéid a bhaineann le tionscadail eangach leictreachais cliste agus tionscadail eangach gáis cliste a thagann faoin gcatagóir bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointí 1(d) agus 2 d'Iarscríbhinn II, déanfar rangú ar na tionscadail sin a bhfuil tionchar acu ar an dá Bhallstát chéanna agus tabharfar aird chuí freisin ar líon na n-úsáideoirí a ndéanann an tionscadal difear dóibh, ar an ídiú fuinnimh bliantúil agus ar sciar na giniúna ó acmhainní nach féidir a sheoladh sa limistéar arna chumhdach ag na húsáideoirí sin.

*Airteagal 5*

**Cur chun feidhme agus faireachán**

1. Dréachtóidh tionscnóirí tionscadail plean cur chun feidhme le haghaidh tionscadal leasa choitinn, lena n-áirítear amchlár le haghaidh na nithe seo a leanas:

(a) staidéir féidearthachta agus dheartha, lena n-áirítear staidéir maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus comhlíonadh na reachtaíochta comhshaoil agus an phrionsabail ‘ná déan dochar suntasach’;

(b) formheas ag an údarás rialála náisiúnta nó ag aon údarás eile lena mbaineann;

(c) tógáil agus coimisiúnú;

(d) an sceideal maidir le deonú ceadanna dá dtagraítear in Airteagal 10(5)(b).

2. Comhoibreoidh OCTanna, oibreoirí córais dáileacháin agus oibreoirí eile le chéile chun forbairt tionscadal leasa choitinn atá ina limistéar féin a éascú.

3. Déanfaidh an Ghníomhaireacht agus na Grúpaí lena mbaineann faireachán ar an dul chun cinn a dhéantar i gcur chun feidhme na dtionscadal leasa choitinn agus, i gcás inar gá, déanfaidh siad moltaí chun cur chun feidhme tionscadal leasa choitinn a éascú. Féadfaidh na Grúpaí a iarraidh go gcuirfear faisnéis bhreise ar fáil i gcomhréir le míreanna 4, 5 agus 6, féadfaidh siad cruinnithe a thionól leis na páirtithe ábhartha agus iarraidh ar an gCoimisiún an fhaisnéis a cuireadh ar fáil a fhíorú ar an láthair.

4. Faoin 31 Nollaig gach bliain tar éis na bliana a dhéantar tionscadal leasa choitinn a áireamh ar an liosta Aontais de bhun Airteagal 3, cuirfidh tionscnóirí tionscadail tuarascáil bhliantúil, maidir le gach tionscadal a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach i bpointí (1) go (4) d’Iarscríbhinn II, faoi bhráid an údaráis inniúil dá dtagraítear in Airteagal 8.

Mionsonrófar na nithe seo a leanas sa tuarascáil sin:

(a) an dul chun cinn a rinneadh i bhforbairt, tógáil agus coimisiúnú an tionscadail, go háirithe maidir le deonú ceadanna agus nósanna imeachta comhairliúcháin chomh maith le comhlíonadh na reachtaíochta comhshaoil, ar cuid den reachtaíocht sin an prionsabal nach ndéanfaidh an tionscadal dochar suntasach don chomhshaol, agus bearta oiriúnaithe don athrú aeráide a rinneadh;

(b) i gcás inarb ábhartha, moilleanna i gcomparáid leis an bplean cur chun feidhme, na cúiseanna leis na moilleanna sin agus deacrachtaí eile a tháinig chun cinn;

(c) i gcás inarb ábhartha, plean athbhreithnithe arb é is aidhm dó na moilleanna a shárú.

5. Faoin 31 Eanáir, gach bliain, cuirfidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 8 an tuarascáil dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo faoi bhráid na Gníomhaireachta agus an Ghrúpa lena mbaineann arna forlíonadh le faisnéis faoin dul chun cinn agus, i gcás inarb ábhartha, faoi mhoilleanna ar chur chun feidhme tionscadal leasa choitinn atá lonnaithe ina gcríoch féin maidir leis na próisis deonaithe ceadanna, agus faoi chúiseanna na moilleanna sin. Déanfar rannchuidiú na n-údarás inniúil leis an tuarascáil a mharcáil go soiléir dá réir agus dréachtófar é gan an téacs arna thabhairt isteach ag na tionscnóirí tionscadail a mhodhnú.

6. Faoin 30 Aibreán gach bliain nuair is ceart liosta nua Aontais a ghlacadh, cuirfidh an Ghníomhaireacht tuarascáil chomhdhlúite faoi bhráid na nGrúpaí maidir leis na tionscadail leasa

choitinn faoi réir inniúlacht údarás rialála náisiúnta, ina ndéanfar meastóireacht ar an dul chun cinn a rinneadh agus déanfaidh sí moltaí, i gcás inarb iomchuí, i dtaobh slite inar féidir na moilleanna agus na deacrachtaí a tháinig chun cinn a shárú. Déanfar meastóireacht freisin sa tuarascáil chomhdhlúite sin, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/942, ar chur chun feidhme comhsheasmhach na bpleananna forbartha gréasáin uile-Aontais i dtaca leis na conairí agus na réimsí tosaíochta sa bhonneagar fuinnimh.

7. I gcás ina mbíonn moill ar choimisiúnú tionscadail leasa choitinn nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an bplean cur chun feidhme, ach amháin ar chúiseanna sáraitheacha nach bhfuil neart ag an tionscnóir tionscadail orthu, beidh feidhm ag na bearta seo a leanas:

(a) sa mhéid go bhfuil feidhm ag bearta dá dtagraítear in Airteagal 51(7)(a), (b) nó (c) de Threoir (AE) 2019/944 agus Airteagal 22(7)(a), (b) nó (c) de Threoir 2009/73/CE de réir na ndlíthe náisiúnta lena mbaineann, áiritheoidh údaráis rialála náisiúnta go ndéanfar an infheistíocht;

(b) mura mbíonn feidhm ag bearta údarás rialála náisiúnta de bhun phointe (a), roghnóidh an tionscnóir tionscadail tríú páirtí chun an tionscadal ar fad nó cuid de a mhaoiniú nó a thógáil. Déanfaidh an tionscnóir tionscadail amhlaidh roimh mhoill níos faide ná dhá bhliain nuair a chuirtear i gcomparáid í leis an dáta coimisiúnaithe sa phlean cur chun feidhme;

(c) mura roghnaítear tríú páirtí de réir phointe (b), féadfaidh an Ballstát nó, i gcás ina bhforálann an Ballstát amhlaidh, an t-údarás rialála náisiúnta, laistigh de dhá mhí ó dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear i bpointe (b), tríú páirtí a cheapadh chun an tionscadal a mhaoiniú nó a thógáil lena nglacfaidh an tionscnóir tionscadail;

(d) i gcás inar faide ná dhá bhliain agus dhá mhí an mhoill i gcomparáid leis an dáta coimisiúnaithe sa phlean cur chun feidhme, féadfaidh an Coimisiún, faoi réir an chomhaontaithe agus le comhar iomlán na mBallstát lena mbaineann, glao ar thograí a sheoladh a bheidh oscailte d'aon tríú páirtí atá i gcumas a bheith ina thionscnóir tionscadail chun an tionscadal a thógáil de réir amlíne chomhaontaithe;

(e) i gcás ina gcuirtear pointe (c) nó (d) i bhfeidhm, tabharfaidh an t-oibreoir córais, a bhfuil an infheistíocht lonnaithe ina limistéar féin, gach faisnéis is gá chun an infheistíocht a réadú do na hoibreoirí cur chun feidhme, do na hinfheisteoirí cur chun feidhme nó don tríú páirtí, nascfaidh sé sócmhainní nua leis an ngréasán tarchurtha agus déanfaidh sé a dhícheall go ginearálta cur chun feidhme na hinfheistíochta a éascú chomh maith le hoibríocht agus cothabháil shlán, iontaofa agus éifeachtúil an tionscadail leasa choitinn a éascú.

8. Féadfar tionscadal leasa choitinn a bhaint den liosta Aontais i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 3(4) más rud é gur áiríodh ar an liosta sin é bunaithe ar fhaisnéis mhícheart ar fhachtóir chinntitheach í maidir lena áireamh, nó mura gcomhlíonann an tionscadal dlí an Aontais.

9. Tionscadail nach bhfuil ar an liosta Aontais a thuilleadh, caillfidh siad gach ceart agus oibleagáid atá nasctha le stádas tionscadail leasa choitinn a eascraíonn as an Rialachán seo.

Mar sin féin, maidir le tionscadal nach bhfuil ar an liosta Aontais a thuilleadh ach ar ina leith a glacadh comhad iarratais lena scrúdú ag an údarás inniúil, coimeádfaidh sé na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as Caibidil III, seachas sa chás nach bhfuil an tionscadal ar an liosta níos mó ar na cúiseanna a leagtar amach i mír 8.

10. Beidh an tAirteagal seo gan dochar d'aon chúnamh airgeadais Aontais arna dheonú d'aon tionscadal leasa choitinn sula ndéantar é a bhaint den liosta Aontais.

*Airteagal 6*

**Comhordaitheoirí Eorpacha**

1. I gcás ina mbaineann deacrachtaí móra cur chun feidhme le tionscadal leasa choitinn, féadfaidh an Coimisiún comhordaitheoir Eorpach a ainmniú, i gcomhaontú leis na Ballstáit lena mbaineann, ar feadh tréimhse nach faide ná aon bhliain amháin, a fhéadfar a athnuachan faoi dhó.

2. Déanfaidh an comhordaitheoir Eorpach an méid seo a leanas:

(a) cuirfidh sé chun cinn na tionscadail ar ina leith a ainmníodh é mar chomhordaitheoir Eorpach agus an t-idirphlé trasteorann idir na tionscnóirí tionscadail agus gach páirtí leasmhar lena mbaineann;

(b) tabharfaidh sé cúnamh do gach páirtí, de réir mar is gá, dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann agus maidir leis na ceadanna is gá a fháil le haghaidh na dtionscadal;

(c) i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé comhairle ar thionscnóirí tionscadail maidir leis an tionscadal a mhaoiniú;

(d) áiritheoidh sé go gcuirfidh na Ballstáit lena mbaineann an tacaíocht agus an treoir straitéiseach iomchuí ar fáil le haghaidh ullmhú agus chur chun feidhme na dtionscadal;

(e) gach bliain, agus i gcás inarb iomchuí, ar chríochnú a sainordaithe dóibh, cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le dul chun cinn na dtionscadal agus aon deacrachtaí agus bacainní a d'fhéadfadh moill shuntasach a chur ar dháta coimisiúnaithe na dtionscadal. Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Grúpaí lena mbaineann.

3. Roghnófar an comhordaitheoir Eorpach ar bhonn na taithí atá aige maidir leis na cúraimí sonracha a shannfar dó i dtaca leis na tionscadail lena mbaineann.

4. Sonrófar sa chinneadh lena gceaptar an comhordaitheoir Eorpach na téarmaí tagartha ina mionsonrófar fad tréimhse an tsainordaithe, na cúraimí sonracha agus na spriocdhátaí a ghabhann leo, agus an mhodheolaíocht atá le leanúint. Beidh an iarracht chomhordaithe comhréireach le castacht agus le costais mheasta na dtionscadal.

5. Oibreoidh na Ballstáit lena mbaineann i gcomhar iomlán leis an gcomhordaitheoir Eorpach le linn dó a bheith ag cur na gcúraimí dá dtagraítear i míreanna 2 go 4 i gcrích.

## CAIBIDIL III

## *CEADANNA A DHEONÚ AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ*

*Airteagal 7*

**'Stádas tosaíochta' tionscadal leasa choitinn**

1. Tríd an liosta Aontais a ghlacadh, suífear, chun críocha aon chinntí arna n-eisiúint sa phróiseas deonaithe ceadanna, an gá atá leis na tionscadail sin ó thaobh beartas fuinnimh de, gan dochar do shuíomh beacht, do ródú ná do theicneolaíocht an tionscadail.

2. Chun próiseáil éifeachtúil riaracháin na gcomhad iarratais a bhaineann le tionscadail leasa choitinn a áirithiú, áiritheoidh tionscnóirí tionscadail agus na húdaráis uile lena mbaineann go gcaithfear leis na comhaid sin ar an mbealach is gasta is féidir.

3. Gan dochar do na hoibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais, i gcás inarb ann don stádas sin sa dlí náisiúnta, déanfar an stádas den tábhacht náisiúnta is airde is féidir a dheonú do thionscadail leasa choitinn agus caithfear leo go hiomchuí sna próisis deonaithe ceadanna — agus i gcás ina ndéantar foráil ina leith sin sa dlí náisiúnta, i bpleanáil spáis — lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le measúnuithe comhshaoil, ar an mbealach a ndéantar foráil do chóireáil dá leithéid sa dlí náisiúnta is infheidhme maidir leis an gcineál comhfhreagrach bonneagair fuinnimh.

4. Gach nós imeachta réitithe díospóidí, dlíthíocht, achomharc agus leigheas breithiúnach a bhaineann le tionscadail leasa choitinn os comhair aon chúirteanna náisiúnta, aon bhinsí, aon phainéil, lena n-áirítear idirghabháil nó eadráin, i gcás inarb ann dóibh sa dlí náisiúnta, caithfear leis go bhfuil sé práinneach i gcomhréir leis na nósanna imeachta práinne dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta.

5. Agus aird chuí á tabhairt acu ar an treoraíocht atá ann cheana, arna heisiúint ag an gCoimisiún, maidir leis na nósanna imeachta measúnaithe comhshaoil le haghaidh tionscadail leasa choitinn a chuíchóiriú, déanfaidh na Ballstáit measúnú ar cé na bearta reachtacha agus neamhreachtacha is gá chun na nósanna imeachta measúnaithe comhshaoil a chuíchóiriú agus chun a gcur chun feidhme comhleanúnach a áirithiú agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin toradh.

6. Faoin [1 Meán Fómhair 2022], glacfaidh na Ballstáit na bearta neamhreachtacha a shainaithin siad faoi mhír 5.

7. Faoin [1 Eanáir 2023], glacfaidh na Ballstáit na bearta reachtacha a shainaithin siad faoi mhír 5. Beidh na bearta sin gan dochar d'oibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais.

8. Maidir leis na tionchair chomhshaoil ar díríodh orthu in Airteagal 6(4) de Threoir 92/43/CEE agus in Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60/CE, measfar go bhfuil baint ag tionscadail leasa choitinn le leas an phobail ó thaobh beartas fuinnimh de, agus féadfar a mheas gur ar mhaithe le leas sáraitheach an phobail iad, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha ar fad a leagtar amach sna Treoracha sin.

Má bhíonn gá le tuairim ón gCoimisiún i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE, áiritheoidh an Coimisiún agus an t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 9 den Rialachán seo go ndéanfar an cinneadh maidir

le tionscadal lena mbaineann leas sáraitheach an phobail laistigh den teorainn ama a leagtar amach in Airteagal 10(1) den Rialachán seo.

*Airteagal 8*

**An próiseas deonaithe ceadanna a eagrú**

1. Faoin [1 Eanáir 2022], ar a dhéanaí, déanfaidh gach Ballstát nuashonrú, i gcás inar gá, ar ainmniú údaráis inniúil náisiúnta amháin a bheidh freagrach as an bpróiseas deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail leasa choitinn.

2. Féadfar freagracht an údaráis inniúil dá dtagraítear i mír 1 agus/nó na cúraimí a bhaineann leis a tharmligean chuig údarás eile nó féadfaidh an t-údarás sin iad a chur i gcrích, in aghaidh an tionscadail leasa choitinn nó in aghaidh na catagóire áirithe tionscadal leasa choitinn, ar choinníoll:

(a) go dtugann an t-údarás inniúil fógra don Choimisiún faoin tarmligean sin agus go bhfoilsíonn an t-údarás inniúil nó an tionscnóir tionscadail an fhaisnéis atá ann ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 9(7);

(b) nach bhfuil ach údarás amháin freagrach in aghaidh an tionscadail leasa choitinn, agus gurb é an t-údarás sin an t-aon phointe teagmhála atá ag an tionscnóir tionscadail sa phróiseas sula ndéantar cinneadh cuimsitheach i leith tionscadal leasa choitinn ar bith, agus go gcomhordaíonn sé cur isteach na ndoiciméad agus na faisnéise ábhartha ar fad.

Féadfaidh an t-údarás inniúil an fhreagracht as bunú teorainneacha ama a choinneáil, gan dochar do na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 10.

3. Gan dochar do cheanglais ábhartha faoin dlí idirnáisiúnta agus faoi dhlí an Aontais, déanfaidh an t-údarás inniúil eisiúint an chinnidh chuimsithigh a éascú. Beidh an cinneadh cuimsitheach ina dheimhniú críochnaitheach gur bhain an tionscadal leasa choitinn stádas 'réidh le tógáil' amach agus nach mbeidh aon cheanglais eile ann maidir le haon cheadanna nó údaruithe breise i ndáil leis sin. Eiseofar an cinneadh cuimsitheach laistigh den teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 10(1) agus (2) agus i gcomhréir le ceann amháin de na scéimeanna seo a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | scéim chomhtháite | : | eiseoidh an t-údarás inniúil an cinneadh cuimsitheach agus is é an t-aon chinneadh ceangailteach ó thaobh dlí de a thiocfaidh as an nós imeachta reachtúil deonaithe ceadanna. I gcás ina mbaineann údaráis eile leis an tionscadal, is féidir leo a dtuairim a thabhairt i ndáil leis an nós imeachta, i gcomhréir le dlí náisiúnta, agus cuirfidh an t-údarás inniúil é sin san áireamh; |
| (b) | scéim chomhordaith e | : | cuimseofar sa chinneadh cuimsitheach an iliomad cinntí aonair atá ceangailteach ó thaobh dlí de, ar cinntí iad a d'eisigh roinnt údarás lena mbaineann agus a ndéanfaidh an t-údarás inniúil iad a chomhordú. Féadfaidh an t-údarás inniúil meitheal oibre a bhunú ina ndéanfar ionadaíocht thar ceann na n-údarás uile lena mbaineann chun sceideal deonaithe ceadanna a tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 10(4)(b) agus chun faireachán agus comhordú a dhéanamh ar a chur chun feidhme. Bunóidh an |

t-údarás inniúil, i gcomhairle leis na húdaráis eile lena mbaineann, i gcás inarb infheidhme é i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus gan dochar do theorainneacha ama a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 10, teorainn ama réasúnta faoina ndéanfar na cinntí aonair a eisiúint, de réir an cháis. Féadfaidh an t-údarás inniúil cinneadh aonair a ghlacadh thar ceann údarás náisiúnta eile lena mbaineann, i gcás nach ndéanann an t-údarás sin an cinneadh laistigh den teorainn ama agus nach féidir údar leormhaith a thabhairt leis an moill; nó, i gcás ina bhforáiltear sin faoin dlí náisiúnta, agus sa mhéid go bhfuil an méid sin ag luí le dlí an Aontais, féadfaidh an t-údarás inniúil a mheas gur fhormheas údarás náisiúnta eile lena mbaineann an tionscadal nó gur dhiúltaigh sé dó i gcás nach nglacann an t-údarás sin an cinneadh laistigh den teorainn ama. I gcás ina bhforáiltear sin faoin dlí náisiúnta, féadfaidh an t-údarás inniúil neamhaird a thabhairt ar chinneadh aonair údaráis náisiúnta eile lena mbaineann má mheasann sé nach bhfuil bunús sách maith leis an gcinneadh maidir leis an bhfianaise fholuiteach arna tíolacadh ag an údarás náisiúnta lena mbaineann; agus an méid sin á dhéanamh, áiritheoidh an t-údarás inniúil go n-urramófar na ceanglais ábhartha faoin reachtaíocht idirnáisiúnta agus faoi dhlí an Aontais agus tabharfaidh sé údar cuí leis an gcinneadh;

(c) scéim chomhoibríoch : déanfaidh an t-údarás inniúil an cinneadh cuimsitheach a chomhordú. Bunóidh an t-údarás inniúil, i gcomhairle leis na húdaráis eile lena mbaineann, i gcás inarb infheidhme é i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus gan dochar do theorainneacha ama a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 10, teorainn ama réasúnta faoina ndéanfar na cinntí aonair a eisiúint, de réir an cháis. Déanfaidh sé faireachán ar chomhlíontacht na dteorainneacha ama ag na húdaráis lena mbaineann.

D’fhéadfaí inniúlacht na n-údarás lena mbaineann a ionchorprú in inniúlacht an údaráis inniúil náisiúnta arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 8(1) nó d’fhéadfadh siad a n-inniúlacht neamhspleách a choinneáil ar bun, go pointe áirithe, i gcomhréir leis an scéim cheadaithe shonrach arna roghnú ag an mBallstát i gcomhréir leis an mír seo chun eisiúint an chinnidh chuimsithigh a éascú agus chun comhoibriú leis an údarás inniúil náisiúnta dá réir sin.

I gcás nach bhfuil údarás lena mbaineann ag súil leis go soláthróidh sé cinneadh aonair laistigh den teorainn ama a leagadh síos, cuirfidh an t-údarás sin an t-údarás inniúil ar an eolas gan mhoill agus údar cuí á thabhairt aige maidir leis an moill. Ina dhiaidh sin, leagfaidh an t-údarás inniúil teorainn ama eile síos ina n-eiseofar an cinneadh aonair sin, i gcomhréir leis na teorainneacha ama foriomlána a leagtar amach in Airteagal 10.

Agus na sainiúlachtaí náisiúnta i bpleanáil agus i bpróisis deonaithe ceadanna á n-aithint, féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh as na trí scéim dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír chun a gcuid nósanna imeachta a éascú agus a chomhordú agus cuirfidh siad an scéim is éifeachtaí chun feidhme. Nuair a chinneann Ballstát an scéim chomhoibríoch, cuirfidh sé na cúiseanna atá leis sin in iúl don Choimisiún.

4. Féadfaidh na Ballstáit scéimeanna difriúla a leagtar amach i mír 3 a chur i bhfeidhm ar thionscadail leasa choitinn ar an tír mhór agus amach ón gcósta araon.

5. I gcás inar gá cinntí a ghlacadh in dhá Bhallstát nó níos mó mar gheall ar thionscadal leasa choitinn, déanfaidh na húdaráis inniúla ábhartha gach beart is gá chun comhar agus comhordú éifeachtúil éifeachtach a áirithiú eatarthu féin, lena n-áirítear na céimeanna dá dtagraítear in Airteagal 10(5). Féachfaidh na Ballstáit le nósanna imeachta comhpháirteacha a sholáthar, go háirithe maidir le measúnú ar thionchair chomhshaoil.

6. Faoin [31 Iúil 2022] agus i dtaobh gach Grúpa Réigiúnaigh shonraigh in aghaidh na conaire tosaíochta eangaí amach ón gcósta, mar a shainítear in Iarscríbhinn I, comhchruthóidh údaráis inniúla náisiúnta i mBallstáit ar leis an nGrúpa sonrach iad pointí teagmhála uathúla, 'ionaid ilfhreastail amach ón gcósta', le haghaidh tionscnóirí tionscadail, a bheidh freagrach as an bpróiseas deonaithe ceadanna a éascú agus a chomhordú le haghaidh eangacha amach ón gcósta de chuid na dtionscadal fuinnimh leasa choitinn um fhuinneamh in-athnuaite, agus á chur san áireamh freisin an gá le comhordú idir an próiseas ceadaithe le haghaidh an bhonneagair fuinnimh agus an próiseas le haghaidh sócmhainní giniúna. Feidhmeoidh na hionaid ilfhreastail amach ón gcósta mar stór staidéar agus pleananna um imchuach farraige atá ann cheana, arb é is aidhm dóibh próiseas ceadaithe na dtionscadal aonair leasa choitinn a éascú agus comhordú a dhéanamh ar na cinntí cuimsitheacha le haghaidh na dtionscadal sin arna n-eisiúint ag na húdaráis inniúla náisiúnta ábhartha. Le cúnamh ó na húdaráis inniúla náisiúnta sna Ballstáit atá sa Ghrúpa, cuirfidh gach Grúpa Réigiúnach in aghaidh na conaire tosaíochta eangaí amach ón gcósta ionaid ilfhreastail amach ón gcósta ar bun ag brath ar shainiúlachtaí réigiúnacha agus ar thíreolaíocht réigiúnach agus cinnfidh siad a suíomh, leithdháileadh a n-acmhainní agus rialacha sonracha maidir lena bhfeidhmiú.

*Airteagal 9*

**Trédhearcacht agus rannpháirtíocht phoiblí**

1. Faoin [1 Bealtaine 2023], déanfaidh an Ballstát nó an t-údarás inniúil, i gcomhar le húdaráis eile lena mbaineann i gcás inarb infheidhme, lámhleabhar arna thabhairt cothrom le dáta a fhoilsiú faoi na nósanna imeachta le haghaidh an phróisis deonaithe ceadanna is infheidhme maidir le tionscadail leasa choitinn chun an fhaisnéis a shonraítear i bpointe (1) d'Iarscríbhinn IV ar a laghad a chur san áireamh. Ní bheidh an lámhleabhar ceangailteach ó thaobh an dlí de ach féadfaidh sé tagairt a dhéanamh d'fhorálacha dlíthiúla ábhartha nó iad a lua. Agus a lámhleabhar nósanna imeachta á fhorbairt acu, oibreoidh na húdaráis inniúla náisiúnta i gcomhar le tíortha comharsanachta agus aimseoidh siad sineirgí leo.

2. Gan dochar do dhlí an chomhshaoil, ná d'aon cheanglais faoi Choinbhinsiúin Aarhus ná Espoo ná faoi dhlí ábhartha an Aontais, cloífidh na páirtithe go léir a bhfuil baint acu leis an bpróiseas deonaithe ceadanna leis na prionsabail maidir le rannpháirtíocht phoiblí a leagtar amach i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VI.

3. Déanfaidh an tionscnóir tionscadail, laistigh de thréimhse ama tháscach trí mhí ó thús an phróisis deonaithe ceadanna de bhun Airteagal 10(1)(a), coincheap maidir le rannpháirtíocht phoiblí a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid an údaráis inniúil, tríd an bpróiseas a bhfuil breac-chuntas air sa lámhleabhar dá dtagraítear i mír 1 a leanúint agus i gcomhréir leis na treoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn VI. Iarrfaidh an t-údarás inniúil modhnuithe ar an gcoincheap maidir le rannpháirtíocht phoiblí nó déanfaidh sé é a fhormheas laistigh de thrí mhí tar éis é a fháil. Á dhéanamh sin dó,

tabharfaidh an t-údarás inniúil aird chuí ar aon chineál rannpháirtíochta agus comhairliúcháin phoiblí a rinneadh sular cuireadh tús leis an bpróiseas deonaithe ceadanna, sa mhéid gur chomhlíon an rannpháirtíocht agus an comhairliúchán poiblí sin ceanglais an Airteagail seo.

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an tionscnóir tionscadail athruithe suntasacha a dhéanamh ar choincheap formheasta, cuirfidh sé an méid sin in iúl don údarás inniúil. Sa chás sin, féadfaidh an t-údarás inniúil modhnuithe a iarraidh.

4. I gcás nach bhfuil sé ag teastáil cheana ag an gcaighdeán céanna nó ag caighdeán níos airde faoin dlí náisiúnta, cuirfidh an tionscnóir tionscadail comhairliúchán poiblí amháin ar a laghad i gcrích, nó, i gcás ina gceanglaítear leis an dlí náisiúnta é, déanfaidh an t-údarás inniúil é, roimh an gcomhad iarratais críochnaitheach agus iomlán a chur faoi bhráid an údaráis inniúil de bhun Airteagal 10(1)(a). Beidh an comhairliúchán poiblí sin gan dochar d'aon chomhairliúchán poiblí a dhéanfar tar éis iarraidh ar thoiliú le haghaidh na forbartha a chur isteach de bhun Airteagal 6(2) de Threoir 2011/92/AE. Leis an gcomhairliúchán poiblí cuirfear na páirtithe leasmhara dá dtagraítear i bpointe 3(a) d'Iarscríbhinn VI ar an eolas faoin tionscadal go luath agus cuideofar leis an láthair nó an chonair is oiriúnaí a shainaithint, i bhfianaise breathnú leordhóthanach a dhéanamh freisin ar oiriúnú an tionscadail don athrú aeráide, agus na saincheisteanna ábhartha a dtabharfar aghaidh orthu sa chomhad iarratais. Comhlíonfaidh an comhairliúchán poiblí na híoscheanglais a leagtar amach i bpointe (5) d'Iarscríbhinn VI. Ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo, foilseoidh an tionscnóir tionscadail tuarascáil ina míneofar conas a cuireadh na tuairimí a nochtadh sna comhairliúcháin phoiblí san áireamh trí léiriú a thabhairt ar na leasuithe a rinneadh ar shuíomh, conair agus dearadh an tionscadail nó trína léiriú cén fáth nár cuireadh na tuairimí sin san áireamh.

Ullmhóidh an tionscnóir tionscadail tuarascáil ina ndéanfar achoimre ar thorthaí na ngníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail roimh sheoladh isteach an chomhaid iarratais, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a rinneadh sular cuireadh tús leis an bpróiseas deonaithe ceadanna.

Cuirfidh an tionscnóir tionscadail na tuarascálacha dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fomhír in éineacht leis an gcomhad iarratais faoi bhráid an údaráis inniúil. Tabharfar aird chuí ar thorthaí na dtuarascálacha sin sa chinneadh cuimsitheach.

5. I gcás tionscadail trasteorann lena bhfuil baint ag dhá Bhallstát ar a laghad, cuirfear na comhairliúcháin phoiblí de bhun mhír 4 ar siúl i ngach ceann de na Ballstáit lena mbaineann laistigh de thréimhse nach faide ná dhá mhí ón dáta a thosaigh an chéad chomhairliúchán poiblí.

6. Maidir le tionscadail a bhfuil an dealramh orthu go mbeidh tionchair shuntasacha trasteorann acu i mBallstát comharsanachta amháin ar a laghad, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 7 de Threoir 2011/92/AE agus ag Coinbhinsiún Espoo, cuirfear an fhaisnéis ábhartha ar fáil d'údarás inniúil na mBallstát comharsanachta lena mbaineann. Sa phróiseas chun fógra a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh údarás inniúil na mBallstát comharsanachta lena mbaineann in iúl an mian leis, nó an mian le haon údarás eile lena mbaineann, páirt a ghlacadh sna nósanna imeachta ábhartha comhairliúcháin phoiblí.

7. Déanfaidh an tionscnóir tionscadail suíomh gréasáin tiomnaithe a bhunú agus a nuashonrú go tráthrialta ar a mbeidh faisnéis iomchuí faoin tionscadal leasa choitinn, ar suíomh gréasáin é a bheidh nasctha le suíomh gréasáin an Choimisiúin agus leis an ardán trédhearcachta dá dtagraítear in Airteagal 23 agus a chomhlíonfaidh na ceanglais a shonraítear i bpointe 6 d'Iarscríbhinn VI. Coinneofar faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de faoi rún.

Ina theannta sin, foilseoidh tionscnóirí tionscadail faisnéis ábhartha trí mheáin faisnéise iomchuí eile a mbeidh teacht ag an bpobal orthu.

*Airteagal 10*

**Tréimhse agus cur chun feidhme an phróisis deonaithe ceadanna**

1. Beidh dhá nós imeachta i gceist leis an bpróiseas deonaithe ceadanna:

(a) an nós imeachta réamhiarratais, a chumhdóidh an tréimhse idir tús an phróisis deonaithe ceadanna agus an tráth a ghlacfaidh an t-údarás inniúil leis an gcomhad iarratais arna chur isteach, seolfar é laistigh de thréimhse ama tháscach de dhá bhliain.

Cuirfear san áireamh sa nós imeachta réamhiarratais ullmhúchán aon tuarascálacha comhshaoil a dhéanfaidh na tionscnóirí tionscadail, de réir mar is gá, lena n-áirítear an doiciméadacht maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide.

Chun tús a chur leis an bpróiseas deonaithe ceadanna, tabharfaidh na tionscnóirí tionscadail fógra i scríbhinn d'údarás inniúil na mBallstát lena mbaineann, agus áireofar cur síos réasúnta mionsonraithe ar an tionscadal leis. Tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis an fógra a fháil, admhóidh an t-údarás inniúil an fógra nó, má mheasann sé nach bhfuil an tionscadal sách forbartha le dul isteach sa phróiseas deonaithe ceadanna, diúltóidh sé dó i scríbhinn, lena n-áirítear é sin a dhéanamh thar ceann na n-údarás eile lena mbaineann. I gcás ina ndiúltaítear don fhógra, tabharfaidh an t-údarás inniúil údar lena chinneadh, lena n-áirítear thar ceann údarás eile lena mbaineann. Is é an dáta a shíneoidh an t-údarás inniúil admháil an fhógra a mharcálfaidh tús an phróisis deonaithe ceadanna. I gcás lena mbaineann dhá Bhallstát nó níos mó, is é an dáta a ghlacfaidh an t-údarás inniúil lena mbaineann leis an bhfógra deiridh a mharcálfaidh tús an phróisis deonaithe ceadanna.

Áiritheoidh na húdaráis inniúla go gcuirfear dlús le deonú ceadanna i gcomhréir leis an gCaibidil seo i gcás gach catagóire tionscadal leasa choitinn. Chuige sin, déanfaidh na húdaráis inniúla a riachtanais a oiriúnú le haghaidh thús an phróisis deonaithe ceadanna agus le haghaidh ghlacadh an chomhaid iarratais arna chur isteach chun freastal ar thionscadail, chun iad a dhéanamh oiriúnach le haghaidh tionscadail a bhféadfaidh sé nach dteastóidh uathu, de bharr a gcineáil nó de bharr a scála a bheith níos lú, an méid céanna údaruithe ná formheasanna uathu chun an chéim 'réidh le tógáil' a bhaint amach, agus, dá bhrí sin, nach mbeadh gá acu leis an nós imeachta réamhiarratais. D'fhéadfaí eangacha cliste gáis agus leictreachais a áireamh ar na tionscadail sin a bhfuil scála níos lú acu.

(b) an nós imeachta deonaithe ceadanna reachtúil, a chumhdaíonn an tréimhse idir an dáta a nglactar leis an gcomhad iarratais arna chur isteach go dtí an tráth a dhéantar an cinneadh cuimsitheach, ní rachaidh an nós imeachta sin thar bhliain agus sé mhí. Féadfaidh na Ballstáit teorainn ama níos luaithe a leagan síos, i gcás ina meastar go mbeadh sé iomchuí.

2. Áiritheoidh an t-údarás inniúil nach rachaidh comhfhad an dá nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 thar thréimhse trí bliana agus sé mhí. Mar sin féin, i gcás ina measfaidh an t-údarás inniúil nach mbeidh ceann amháin nó dhá cheann den dá nós imeachta den phróiseas deonaithe ceadanna curtha i gcrích laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach i mír 1, féadfaidh sé a chinneadh, sula rachaidh siad

in éag agus de réir an cháis, tréimhse uasta naoi mí a chur le ceann amháin de na teorainneacha ama sin nó leis an dá cheann acu le haghaidh an dá nós imeachta chomhcheangailte.

Sa chás sin, cuirfidh an t-údarás inniúil an Grúpa lena mbaineann ar an eolas agus cuirfidh sé in iúl dó na bearta a rinneadh nó atá le déanamh chun an próiseas deonaithe ceadanna a chur i gcrích sa tréimhse ama is giorra is féidir. Féadfaidh an Grúpa a iarraidh ar an údarás inniúil tuairisciú go rialta maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtaca leis sin.

3. Aon staidéir bhailí a rinneadh agus ceadanna nó údaruithe a eisíodh le haghaidh tionscadal leasa choitinn ar leith roimh pháirt a ghlacadh sa phróiseas deonaithe ceadanna i gcomhréir leis an Airteagal seo, cuirfidh na húdaráis inniúla san áireamh iad sa phróiseas deonaithe ceadanna agus ní bheidh siad ag teastáil a thuilleadh.

4. I mBallstáit nach féidir an cinneadh i dtaobh bealaigh nó suímh, arna dhéanamh chun críche tionscadail atá pleanáilte go sonrach agus chun na críche sin amháin, lena n-áirítear conairí do bhonneagair eangacha a phleanáil, a chur san áireamh sa phróiseas sula ndéantar an cinneadh cuimsitheach, déanfar an cinneadh comhfhreagrach laistigh de thréimhse leithleach sé mhí a thosaíonn an dáta ar a gcuireann an tionscnóir na doiciméid iarratais chríochnaitheacha agus iomlána isteach.

Sa chás sin, laghdófar an tréimhse fadaithe dá dtagraítear i mír 2 go sé mhí, lena n-áirítear le haghaidh an nós imeachta dá dtagraítear sa mhír seo.

5. Cuimseofar na céimeanna seo a leanas sa nós imeachta réamhiarratais:

(a) ar an bhfógra a admháil de bhun phointe (a) de mhír 1, cinnfidh an t-údarás inniúil, ar bhonn an tseicliosta dá dtagraítear i bpointe (1)(e) d'Iarscríbhinn VI agus i ndlúthchomhar leis na húdaráis eile lena mbaineann, agus i gcás inarb iomchuí ar bhonn togra ón tionscnóir tionscadail, raon feidhme na dtuarascálacha agus na ndoiciméad agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise atá le cur isteach ag an tionscnóir tionscadail, mar chuid den chomhad iarratais, chun iarratas a dhéanamh ar an gcinneadh cuimsitheach;

(b) déanfaidh an t-údarás inniúil sceideal mionsonraithe a tharraingt suas don phróiseas deonaithe ceadanna, i ndlúthchomhar leis an tionscnóir tionscadail agus le húdaráis eile lena mbaineann agus torthaí na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi phointe (a) á gcur san áireamh, i gcomhréir leis na treoirlínte a leagtar amach i bpointe (2) d'Iarscríbhinn VI;

I gcás tionscadail trasteorann lena mbaineann dhá Bhallstát ar a laghad, oibreoidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann i gcomhar chun sceideal comhpháirteach a ullmhú, ina ndéanfaidh siad a n-amchlár a ailíniú;

(c) ar an dréachtchomhad iarratais a fháil, iarrfaidh an t-údarás inniúil, i gcás inar gá, ar a shon féin nó ar son údaráis eile lena mbaineann, ar an tionscnóir tionscadail faisnéis a chur isteach atá ar iarraidh agus a bhaineann leis na heilimintí a iarradh dá dtagraítear i bpointe (a). Laistigh de thrí mhí ón gcomhad iarratais iomlán a fháil, glacfaidh an t-údarás inniúil, i scríbhinn, leis an iarratas lena scrúdú. Ní fhéadfar iarrataí ar fhaisnéis bhreise a dhéanamh ach i gcás ina dtugann dálaí nua údar cuí leo.

6. Áiritheoidh an tionscnóir tionscadail go bhfuil an comhad iarratais iomlán agus leordhóthanach agus iarrfaidh sé tuairim ar an údarás inniúil maidir leis an ábhar sin a luaithe is féidir le linn an nós imeachta réamhiarratais. Oibreoidh an tionscnóir tionscadail go hiomlán i gcomhar leis an údarás

inniúil chun spriocdhátaí a bhaint amach agus chun an sceideal comhpháirteach dá dtagraítear i mír 5(b) a chomhlíonadh.

7. Áiritheoidh na húdaráis inniúla nach ndéanfaidh aon leasuithe reachtacha a tugadh isteach le linn an phróisis deonaithe ceadanna difear d'fhad aon nós imeachta deonaithe ceadanna ar cuireadh tús leis roimh theacht i bhfeidhm na leasuithe sin.

8. Beidh na teorainneacha ama a leagtar síos san Airteagal seo gan dochar d'oibleagáidí a eascraíonn as reachtaíocht idirnáisiúnta agus as dlí an Aontais, agus gan dochar do nósanna imeachta achomhairc riaracháin agus leigheasanna breithiúnacha os comhair cúirte nó binse.

## CAIBIDIL IV

## *PLEANÁIL BONNEAGAIR TRASEARNÁLA*

*Airteagal 11*

**Anailís uile-chórais chostais is tairbhe ar fhuinneamh**

1. Faoin [16 Samhain 2022], foilseoidh Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha (ENTSO) le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis a modheolaíochtaí féin agus cuirfidh siad faoi bhráid na mBallstát, an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta iad, lena n-áireofar an samhaltú gréasáin agus margaidh, i gcomhair anailís chomhchuibhithe chostais is tairbhe ar fhuinneamh ar leibhéal an Aontais maidir le tionscadail leasa choitinn a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach i bpointí (1)(a), (b), (c) agus (e) agus pointe (3) d'Iarscríbhinn II.

Cuirfear na modheolaíochtaí sin i bhfeidhm chun gach plean deich mbliana uile-Aontais maidir le forbairt gréasáin ina dhiaidh sin a ullmhú arna fhorbairt ag an ENTSO le haghaidh Leictreachais nó an ENTSO le haghaidh Gáis de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 agus Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2019/943. Tarraingeofar suas na modheolaíochtaí sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos in Iarscríbhinn V agus beidh siad comhsheasmhach leis na rialacha agus leis na táscairí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

Sula gcuirfidh siad a gcuid modheolaíochtaí féin isteach, déanfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis próiseas forleathan comhairliúcháin lena mbeidh baint ar a laghad ag na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad, lena n-áirítear an t-eintiteas Eorpach d'oibreoirí córas dáileacháin ('an t-eintiteas AE do OCDanna'), gach páirtí leasmhar ábhartha hidrigine agus, i gcás ina meastar é a bheith iomchuí, na húdaráis rialála náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile.

2. Laistigh de thrí mhí tar éis na modheolaíochtaí a fháil in éineacht leis an ionchur a fuarthas sa phróiseas comhairliúcháin agus tuarascáil faoin mbealach ar cuireadh san áireamh é, tabharfaidh an Ghníomhaireacht tuairim don ENTSO le haghaidh Leictreachais, don ENTSO le haghaidh Gáis, do na Ballstáit, agus don Choimisiún, agus foilseoidh sí í ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

3. Tabharfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis na modheolaíochtaí cothrom le dáta agus aird chuí á tabhairt acu ar an tuairim ón nGníomhaireacht, dá dtagraítear i mír 2, agus cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin iad chun a thuairim a fháil.

4. Laistigh de thrí mhí ón lá a fuarthas na modheolaíochtaí arna dtabhairt cothrom le dáta, cuirfidh an Coimisiún a thuairim faoi bhráid an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis.

5. Laistigh de thrí mhí ón lá a fuarthas tuairim ón gCoimisiún, dá dtagraítear i mír 4, déanfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis a modheolaíochtaí féin a oiriúnú agus aird chuí á tabhairt acu ar an tuairim ón gCoimisiún, agus cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin iad lena bhformheas.

6. I gcás ina meastar na hathruithe ar na modheolaíochtaí a bheith de chineál incriminteach, gan difear a dhéanamh do shainmhíniú na sochar, na gcostas ná na bparaiméadar costais is sochair ábhartha eile, de réir mar a shainítear sa mhodheolaíocht is déanaí maidir le hanailís uile-chórais chostais is tairbhe ar fhuinneamh arna fhormheas ag an gCoimisiún, déanfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis a modheolaíochtaí féin a oiriúnú agus aird chuí á tabhairt acu ar an tuairim ón nGníomhaireacht, a leagtar amach i mír 2, agus cuirfidh siad iad faoi bhráid na Gníomhaireachta lena bhformheas.

7. I gcomhthráth, cuirfidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis doiciméad faoi bhráid an Choimisiúin ina dtabharfar údar maith leis na cúiseanna taobh thiar de na nuashonruithe atá beartaithe agus cad chuige a meastar na nuashonruithe sin a bheith de chineál incriminteach. I gcás ina measann an Coimisiún nach bhfuil na nuashonruithe sin de chineál incriminteach, iarrfaidh sé i scríbhinn ar an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis na modheolaíochtaí a chur faoina bhráid. Sa chás sin tá feidhm ag an bpróiseas a thuairiscítear i míreanna 2 go 5.

8. Laistigh de dhá sheachtain tar éis an fhormheasa ón nGníomhaireacht nó ón gCoimisiún i gcomhréir le míreanna 5 agus 6, foilseoidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis a gcuid modheolaíochtaí féin ar a suíomh gréasáin. I bhfoirm atá cruinn go leor i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le comhaontuithe ábhartha rúndachta, foilseoidh siad na sonraí ionchuir comhfhreagracha agus sonraí ábhartha eile maidir leis an ngréasán, lód na sreibhe agus an margadh.

9. Tabharfar na modheolaíochtaí cothrom le dáta agus cuirfear feabhas orthu go rialta de réir an nós imeachta a thuairiscítear i míreanna 1 go 6. Féadfaidh an Ghníomhaireacht, ar a tionscnamh féin nó ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ó údaráis rialála náisiúnta nó ó pháirtithe leasmhara, agus tar éis di dul i gcomhairle go foirmiúil leis na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar gach páirtí leasmhar agus leis an gCoimisiún, féadfaidh sí nuashonruithe agus feabhsúcháin den sórt sin a iarraidh má tá údar agus scálaí ama cuí leo. Foilseoidh an Ghníomhaireacht na hiarrataí arna ndéanamh ag údaráis rialála náisiúnta nó ag páirtithe leasmhara agus na doiciméid go léir nach bhfuil íogair ó thaobh na tráchtála de as a dtiocfaidh iarraidh ón nGníomhaireacht ar nuashonrú nó feabhsúchán.

10. Gach trí bliana, bunóidh an Ghníomhaireacht tacar táscairí agus luachanna tagartha comhfhreagracha agus cuirfidh siad ar fáil go poiblí iad chun costais infheistíochta aonaid a chur i gcomparáid le haghaidh thionscadail inchomparáide na gcatagóirí bonneagair a áirítear i bpointí (1) agus (3) d'Iarscríbhinn II. Féadfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis na luachanna tagartha sin a úsáid le haghaidh na n-anailísí costais is tairbhe arna ndéanamh le

haghaidh pleananna uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin ina dhiaidh sin. Foilseofar an chéad cheann de na táscairí sin faoin [1 Samhain 2022].

11. Faoin [31 Nollaig 2023], cuirfidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis samhail chomhsheasmhach idircheangailte de ghréasán agus de mhargadh fuinnimh faoi bhráid an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta, samhail lena n-áireofar bonneagar tarchurtha leictreachais, gáis agus hidrigine, chomh maith le stóráil, GNL agus leictrealóirí, lena gcumhdófar na conairí agus na réimsí tosaíochta sa bhonneagar fuinnimh agus a leagtar amach i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos in Iarscríbhinn V.

12. Leis an tsamhail chomhsheasmhach idircheangailte dá dtagraítear i mír 11 cumhdófar, ar a laghad, na hidirnaisc idir na hearnálacha sonracha ag gach céim den phleanáil bonneagair, cásanna go sonrach, sainaithint bearnaí sa bhonneagar go háirithe maidir le hacmhainní trasteorann, agus measúnú tionscadal.

13. Tar éis don Choimisiún an tsamhail chomhsheasmhach idirnasctha dá dtagraítear i mír 11 a fhormheas i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i míreanna 1 go 6, áireofar í sna modheolaíochtaí dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 12*

**Cásanna le haghaidh na bPleananna Deich mBliana maidir le Forbairt Gréasáin**

1. Faoin [31 Iúil 2022], tar éis di próiseas forleathan comhairliúcháin a dhéanamh lena mbeidh baint ag an gCoimisiún agus ar a laghad ag na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad, lena n-áirítear an ENTSO le haghaidh Leictreachais, an ENTSO le haghaidh Gáis, eintiteas an Aontais do OCDanna, agus na páirtithe leasmhara ábhartha san earnáil hidrigine, foilseoidh an Ghníomhaireacht na creat-treoirlínte le haghaidh na gcásanna comhpháirteacha a bheidh le forbairt ag an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis. Déanfar na treoirlínte sin a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta de réir mar is gá.

Áireofar sna treoirlínte bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus áiritheofar leo go mbeidh cásanna foluiteacha an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis go hiomlán i gcomhréir leis na spriocanna meántéarmacha agus fadtéarmacha dícharbónaithe is déanaí agus na cásanna is déanaí de chuid an Choimisiúin.

2. Leanfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis creat-treoirlínte na Gníomhaireachta agus na cásanna comhpháirteacha á bhforbairt acu atá le húsáid le haghaidh na bpleananna uile-Aontais deich mbliana le haghaidh forbairt gréasáin.

3. Iarrfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis ar na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na páirtithe leasmhara ábhartha hidrigine ar fad, lena n-áirítear eintiteas an Aontais do OCDanna agus na páirtithe leasmhara ábhartha hidrigine ar fad, páirt a ghlacadh sa phróiseas forbartha cásanna.

4. Foilseoidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis dréacht-tuarascáil maidir le cásanna comhpháirteacha agus cuirfidh siad faoi bhráid na Gníomhaireachta agus an Choimisiúin í chun a dtuairim a fháil.

5. Laistigh de thrí mhí tar éis an dréacht-tuarascáil maidir le cásanna comhpháirteacha a fháil in éineacht leis an ionchur a fuarthas sa phróiseas comhairliúcháin agus tuarascáil faoin mbealach ar cuireadh san áireamh é, cuirfidh an Ghníomhaireacht a tuairim faoi bhráid an ENTSO le haghaidh Leictreachais, an ENTSO le haghaidh Gáis agus an Choimisiúin.

6. Agus aird chuí á tabhairt aige ar an tuairim ón nGníomhaireacht a shainítear faoi mhír 5, cuirfidh an Coimisiún a tuairim faoi bhráid an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis.

7. Déanfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis a dtuarascáil maidir le cásanna comhpháirteacha a oiriúnú, agus aird chuí á tabhairt acu ar an tuairim ón nGníomhaireacht, i gcomhréir leis an tuairim ón gCoimisiún, agus cuirfidh siad an tuarascáil nuashonraithe faoi bhráid an Choimisiúin chun a thuairim a fháil.

8. Laistigh de dhá sheachtain tar éis don Choimisiún an tuarascáil maidir le cásanna comhpháirteacha a fhormheas i gcomhréir le mír 7, foilseoidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis a dtuarascáil maidir le cásanna comhpháirteacha ar a suíomh gréasáin. Foilseoidh siad na sonraí ionchuir agus aischuir comhfhreagracha i bhfoirm atá cruinn go leor, agus aird chuí á tabhairt acu ar an dlí náisiúnta agus ar chomhaontuithe ábhartha rúndachta.

*Airteagal 13*

**Sainaithint Bearnaí sa Bhonneagar**

1. Gach dhá bhliain foilseoidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis na tuarascálacha maidir le bearnaí sa bhonneagar arna bhforbairt laistigh de chreat na bpleananna uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin agus cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta iad.

Agus na bearnaí sa bhonneagar á measúnú acu, cuirfidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh chun feidhme agus déanfaidh siad na réitigh ábhartha uile nach mbaineann le bonneagar a mheas, agus tosaíocht á tabhairt acu don mheas sin, chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a shainaithneofar.

Sula gcuirfidh siad a dtuarascálacha sonracha isteach, déanfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis próiseas forleathan comhairliúcháin lena mbeidh baint ag na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad, lena n-áirítear eintiteas an Aontais do OCDanna, na páirtithe leasmhara ábhartha hidrigine ar fad agus ionadaithe uile na mBallstát, maidir leis an gcuid de na conairí tosaíochta a shainítear in Iarscríbhinn I.

2. Cuirfidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis a ndréacht-tuarascáil féin maidir le bearnaí sa bhonneagar faoi bhráid na Gníomhaireachta agus an Choimisiúin chun a dtuairim a fháil.

3. Laistigh de thrí mhí tar éis an tuarascáil maidir le bearnaí sa bhonneagar a fháil in éineacht leis an ionchur a fuarthas sa phróiseas comhairliúcháin agus tuarascáil faoin mbealach ar cuireadh san áireamh é, cuirfidh an Ghníomhaireacht a tuairim faoi bhráid an ENTSO le haghaidh Leictreachais nó an ENTSO le haghaidh Gáis agus an Choimisiúin.

4. Agus an tuairim ón nGníomhaireacht dá dtagraítear i mír 3 á meas aige, déanfaidh an Coimisiún a thuairim a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis.

5. Déanfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis a dtuarascálacha maidir le bearnaí sa bhonneagar a oiriúnú agus aird chuí á tabhairt acu ar an tuairim ón nGníomhaireacht agus i gcomhréir leis an tuairim ón gCoimisiún roimh fhoilsiú na dtuarascálacha críochnaitheacha maidir le bearnaí sa bhonneagar.

## CAIBIDIL V

## *EANGACHA AMACH ÓN gCÓSTA LE hAGHAIDH COMHTHÁTHÚ IN-ATHNUAITE*

*Airteagal 14*

### EANGACHA AMACH ÓN gCÓSTA A PHLEANÁIL

1. Faoin [31 Iúil 2022], le tacaíocht ón gCoimisiún, laistigh dá gconairí tosaíochta sonracha eangaí amach ón gcósta, a leagtar amach i bpointe (2) d'Iarscríbhinn I, agus sainiúlachtaí agus forbairt i ngach réigiún á gcur san áireamh, déanfaidh na Ballstáit méid na giniúna in-athnuaite amach ón gcósta a úsáidfear laistigh de gach imchuach farraige faoi 2050, le céimeanna idirmheánacha in 2030 agus in 2040, a shainiú go comhpháirteach agus comhaontóidh siad go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile, i bhfianaise a bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, an acmhainneacht in-athnuaite amach ón cósta maidir le gach imchuach farraige, chosaint an chomhshaoil, oiriúnú don athrú aeráide agus úsáidí eile na farraige, chomh maith le spriocanna an Aontais maidir le dícharbónú. Déanfar an comhaontú sin i scríbhinn maidir le gach imchuach farraige atá nasctha le críoch an Aontais.

2. Faoin [31 Iúil 2023], le rannpháirtíocht na OCTanna ábhartha, na n-údarás inniúil ábhartha agus an Choimisiúin agus i gcomhréir leis an gcomhaontú dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais pleananna comhtháite maidir le forbairt gréasáin amach ón gcósta a fhorbairt agus a fhoilsiú ag tosú le cuspóirí 2050, le céimeanna idirmheánacha le haghaidh 2030 agus 2040 le haghaidh gach imchuach farraige i gcomhréir leis na conairí tosaíochta eangaí amach ón gcósta dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, agus cosaint an chomhshaoil agus úsáidí eile na farraige á gcur san áireamh. Tabharfar na pleananna comhtháite sin maidir le forbairt gréasáin cothrom le dáta gach trí bliana.

3. Beidh na pleananna comhtháite maidir le forbairt gréasáin amach ón gcósta comhleanúnach leis na Pleananna uile-Aontais Deich mBliana is déanaí maidir le Forbairt Gréasáin chun forbairt chomhleanúnach ar phleanáil eangaí ar an tír mhór agus amach ón gcósta a áirithiú.

4. Cuirfidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais na dréachtphleananna comhtháite maidir le forbairt gréasáin faoi bhráid an Choimisiúin chun a thuairim a fháil.

5. Déanfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais na pleananna comhtháite maidir le forbairt gréasáin amach ón gcósta a oiriúnú agus aird chuí á tabhairt aige ar an tuairim ón gCoimisiún roimh fhoilsiú na dtuarascálacha críochnaitheacha agus cuirfidh sé faoi bhráid na gconairí tosaíochta ábhartha amach ón gcósta iad, a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

6. Chun go n-áiritheofaí forbairt thráthúil ar eangacha amach ón gcósta le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, mura ndéanfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais na pleananna comhtháite maidir le forbairt gréasáin amach ón gcósta dá dtagraítear i mír 2 a fhorbairt in am, déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn comhairle ó shaineolaithe, plean comhtháite maidir le forbairt gréasáin amach ón gcósta a dhréachtú in aghaidh an imchuach farraige le haghaidh gach conaire eangaí amach ón gcósta a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 15*

**Roinnt trasteorann costas maidir le heangacha amach ón gcósta le haghaidh fuinneamh in-athnuaite**

1. Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún prionsabail a fhorbairt le haghaidh modheolaíocht shonrach chostais is tairbhe agus roinnte costas chun an plean comhtháite maidir le forbairt gréasáin amach ón gcósta dá dtagraítear in Airteagal 14(2) a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an gcomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 14(1) mar chuid de na treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 16(10). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 21(2).

2. Laistigh de dhá mhí dhéag tar éis fhoilsiú na bprionsabal dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais torthaí chur i bhfeidhm na modheolaíochta costais is tairbhe agus roinnte costas ar na conairí tosaíochta amach ón gcósta i láthair, le rannpháirtíocht na OCTanna ábhartha, na n-údarás rialála náisiúnta agus an Choimisiúin.

3. Maidir lena gcomhaontú i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 14(1) lena sainmhíniú comhpháirteach nuashonraithe ar mhéid na giniúna in-athnuaite amach ón gcósta atá le húsáid laistigh de gach imchuach farraige in 2050, le céimeanna idirmheánacha in 2030 agus 2040, agus an comhaontú ábhartha go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun na méideanna sin a bhaint amach, tabharfaidh na Ballstáit ábhartha cothrom le dáta iad laistigh de shé mhí ó chur i láthair na dtorthaí dá dtagraítear i mír 2.

4. Laistigh de shé mhí ó na comhaontuithe nuashonraithe i scríbhinn dá dtagraítear i mír 3, le haghaidh gach imchuach farraige, tabharfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais na pleananna comhtháite maidir le forbairt gréasáin amach ón gcósta cothrom le dáta tríd an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 14(2) go (5) a leanúint. Beidh feidhm ag an nós imeachta a thuairiscítear in Airteagal 14(6).

## CAIBIDIL VI

## *CREAT RIALÁLA*

*Airteagal 16*

**Infheistíochtaí a bhfuil tionchar trasteorann acu a chur ar bun**

1. Na costais infheistíochta arna dtabhú go héifeachtúil, nach bhfuil costais chothabhála san áireamh iontu, a bhaineann le tionscadal leasa choitinn a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach i bpointí (1)(a), (b), (c) agus (e) d'Iarscríbhinn II agus tionscadail leasa choitinn a thagann faoin gcatagóir a leagtar amach i bpointe (3) d'Iarscríbhinn II, i gcás ina dtagann siad faoi inniúlacht údarás rialála náisiúnta, ní mór don OCT ábhartha nó do thionscnóirí tionscadail an bhonneagair tarchurtha sna Ballstáit ina bhfuil glantionchar dearfach ag an tionscadal na costais sin a íoc, agus, sa mhéid nach gcumhdaítear le cíosanna ó phlódú ná le muirir eile, íocfaidh úsáideoirí gréasáin astu trí tharaifí a ghearrfar as rochtain ar an ngréasán sa Bhallstát sin nó sna Ballstáit sin.

2. Beidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo maidir le tionscadal leasa choitinn a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach i bpointí (1)(a), (b), (c) agus (e) d'Iarscríbhinn II i gcás ina n-iarrann tionscnóir tionscadail amháin ar a laghad ar na húdaráis náisiúnta ábhartha é a chur i bhfeidhm le haghaidh chostais an tionscadail. Ní bheidh feidhm acu i gcás tionscadal leasa choitinn a thagann faoin gcatagóir a leagtar amach i bpointe (3) d'Iarscríbhinn II, mar is ábhartha, ach i gcás ina ndearnadh measúnú ar éileamh an mhargaidh cheana féin agus lenar léiríodh nach bhféadfaí a bheith ag súil leis go gcumhdófaí na costais infheistíochta arna dtabhú go héifeachtúil leis na taraifí.

Féadfaidh tionscadail a thagann faoin gcatagóir a leagtar amach i bpointí (1) (e) agus (2) d'Iarscríbhinn II tairbhiú d'fhorálacha an Airteagail seo i gcás ina n-iarrann tionscnóir tionscadail amháin ar a laghad ar na húdaráis náisiúnta ábhartha é a chur i bhfeidhm.

I gcás ina mbeidh roinnt tionscnóirí tionscadail ag tionscadal, iarrfaidh na húdaráis rialála náisiúnta gan mhoill ar na tionscnóirí tionscadail uile an iarraidh ar infheistíocht a chur isteach go comhpháirteach i gcomhréir le mír 3.

3. I gcás tionscadal leasa choitinn a bhfuil feidhm ag mír 1 maidir leis, coinneoidh na tionscnóirí tionscadail gach údarás rialála náisiúnta ábhartha ar an eolas, uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad agus go dtí go gcoimisiúnófar an tionscadal, maidir le dul chun cinn an tionscadail agus maidir le sainaithint na gcostas agus na dtionchar a bhaineann leis.

A luaithe a bheidh tionscadal leasa choitinn mar sin tar éis aibíocht leordhóthanach a bhaint amach agus a mheasfar é a bheith réidh le tús a chur leis an gcéim tógála laistigh de na chéad 36 mhí eile, cuirfidh na tionscnóirí tionscadail, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na OCTanna ó na Ballstáit a fhaigheann glantionchar dearfach suntasach uaidh, iarraidh ar infheistíocht isteach. Cuirfear san áireamh san iarraidh sin ar infheistíocht iarraidh ar leithdháileadh trasteorann costas agus cuirfear faoi bhráid na n-údarás rialála náisiúnta ábhartha go léir lena mbaineann í, mar aon leis an méid seo a leanas:

(a) anailís chostais is tairbhe atá cothrom le dáta, sonrach don tionscadal agus comhsheasmhach leis an modheolaíocht arna tarraingt suas de bhun Airteagal 11 agus aird á tabhairt ar thairbhí lasmuigh de theorainneacha na mBallstát a bhfuil an tionscadal lonnaithe ina gcríoch trí úsáid a bhaint as an gcás céanna leis an gceann a úsáideadh sa phróiseas roghnúcháin chun an liosta Aontais a ullmhú ina liostófar an tionscadal leasa choitinn;

(b) plean gnó ina ndéantar meastóireacht ar inmharthanacht airgeadais an tionscadail, lena n-áirítear an réiteach maoinithe a roghnaíodh agus, i gcás tionscadal leasa choitinn a thagann faoin gcatagóir dá dtagraítear i bpointe (3) d'Iarscríbhinn II, torthaí na tástála margaidh;

(c) i gcás ina bhfuil tionscnóirí tionscadail ar aon intinn faoi, togra réasúnaithe le haghaidh leithdháileadh costas trasteorann.

I gcás ina bhfuil tionscadal á chur chun cinn ag roinnt tionscnóirí tionscadail, cuirfidh siad a n-iarraidh ar infheistíocht isteach go comhpháirteach.

Tar éis dóibh é a fháil, déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta cóip de gach iarraidh ar infheistíocht a tharchur chuig an nGníomhaireacht, gan mhoill, chun críoch faisnéise.

Coinneoidh na húdaráis rialála náisiúnta agus an Ghníomhaireacht aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de faoi rún.

4. Laistigh de shé mhí ón dáta a fhaigheann na húdaráis rialála náisiúnta ábhartha an iarraidh ar infheistíocht deiridh, déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta sin comhchinntí comhordaithe, tar éis dul i gcomhairle leis na tionscnóirí tionscadail lena mbaineann, maidir le leithdháileadh na gcostas infheistíochta atá le híoc ag gach oibreoir córais le haghaidh an tionscadail, agus maidir leis na costais sin a áireamh sna taraifí. Déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta na costais infheistíochta uile arna dtabhú go héifeachtúil a áireamh i dtaraifí i gcomhréir le leithdháileadh na gcostas atá le híoc ag gach oibreoir córais le haghaidh an tionscadail. Measfaidh na húdaráis rialála náisiúnta ina dhiaidh sin, i gcás inarb iomchuí, an bhféadfadh aon saincheisteanna inacmhainneachta teacht chun cinn mar gheall ar na costais infheistíochta a bheith san áireamh i dtaraifí.

Agus na costais á leithdháileadh acu, tabharfaidh na húdaráis rialála náisiúnta aird:

– (a) ar na cíosanna ó phlódú nó ar na muirir eile iarbhír nó mheasta,

– (b) ar na hioncaim iarbhír nó mheasta a eascraíonn as an sásra um chúiteamh idir oibreoirí córais tarchurtha arna bhunú faoi Airteagal 49 de Rialachán (AE) 2019/943.

Le leithdháileadh na gcostas thar theorainneacha, cuirfear san áireamh costais agus tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil na dtionscadal sna Ballstáit lena mbaineann agus an gá le creat maoinithe cobhsaí a áirithiú le haghaidh fhorbairt na dtionscadal leasa choitinn fad atá an gá le tacaíocht airgeadais á íoslaghdú ag an am céanna.

Agus costais á leithdháileadh thar theorainneacha, féachfaidh na húdaráis rialála náisiúnta ábhartha, i gcomhairle leis na OCTanna lena mbaineann, le comhaontú frithpháirteach a bhaint amach a bheidh bunaithe ar an bhfaisnéis a shonraítear i míreanna 3(a) agus (b) ach nach mbeidh teoranta di. Beidh an measúnú sin bunaithe ar an gcás céanna leis an gceann a úsáideadh sa phróiseas roghnúcháin chun an liosta Aontais a ullmhú ina liostófar an tionscadal leasa choitinn.

I gcás ina maolaíonn tionscadal leasa choitinn seachtrachtaí diúltacha, cosúil le lúbshreabha, agus más rud é go gcuirtear an tionscadal leasa choitinn sin chun feidhme sa Bhallstát arb é is bunphointe don tseachtracht dhiúltach, ní fhéachfar ar mhaolú den sórt sin mar shochar trasteorann agus, dá bhrí sin, ní bheidh sé ina bhonn le costais a leithdháileadh ar OCT na mBallstát a ndéanann na seachtrachtaí diúltacha sin difear dóibh.

5. Aon chostais iarbhír arna dtabhú ag OCT nó ag tionscnóir tionscadail eile i ngeall ar infheistíochtaí, déanfaidh údaráis rialála náisiúnta, ar bhonn an leithdháilte costas trasteorann dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, na costais sin a chur san áireamh agus taraifí á socrú nó á bhformheas acu i gcomhréir le hAirteagal 59(1)(a) de Threoir (AE) 2019/944 agus Airteagal 41(1)(a) de Threoir 2009/73/CE, a mhéid go bhfreagraíonn na costais sin do chostais oibreora éifeachtúil agus inchomparáide ó thaobh struchtúir de.

Tabharfaidh na húdaráis rialála náisiúnta fógra faoin gcinneadh maidir le leithdháileadh costas, gan mhoill, don Ghníomhaireacht, i dteannta na faisnéise ábhartha uile maidir leis an gcinneadh. Leagfar amach go háirithe sa chinneadh maidir le leithdháileadh costas cúiseanna mionsonraithe maidir le leithdháileadh costas i measc na mBallstát, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

(a) meastóireacht ar na tionchair shainaitheanta ar gach ceann de na Ballstáit lena mbaineann, lena n-áirítear iadsan a bhaineann le taraifí gréasáin;

(b) meastóireacht ar an bplean gnó dá dtagraítear i mír 3(b);

(c) seachtrachtaí dearfacha réigiúnacha nó uile-Aontais, cosúil le cinnteacht an tsoláthair, solúbthacht an chórais, dlúthpháirtíocht nó nuálaíocht, a ghinfeadh an tionscadal;

(d) toradh an chomhairliúcháin leis na tionscnóirí tionscadail lena mbaineann.

Foilseofar an cinneadh maidir le leithdháileadh costas.

6. I gcás nach dtagann na húdaráis rialála náisiúnta ábhartha ar chomhaontú maidir leis an iarraidh ar infheistíocht laistigh de shé mhí ón dáta a fhaigheann an t-údarás rialála náisiúnta ábhartha deiridh an iarraidh, cuirfidh siad sin in iúl don Ghníomhaireacht gan mhoill.

Sa chás sin nó ar iarraidh a fháil ó cheann amháin ar a laghad de na húdaráis rialála náisiúnta ábhartha, déanfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh maidir leis an iarraidh ar infheistíocht lena n-áirítear leithdháileadh costas trasteorann dá dtagraítear i mír 3 chomh maith leis an ngá le costas na n-infheistíochtaí a áireamh, ina iomláine, de réir mar a leithdháiltear é thar theorainneacha sna taraifí agus déanfar sin laistigh de thrí mhí ón iarratas a tharchur chuig an nGníomhaireacht.

Sula ndéanfar cinneadh den sórt sin, rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhairle leis na húdaráis rialála náisiúnta ábhartha agus leis na tionscnóirí tionscadail. Féadfar síneadh dhá mhí a chur leis an tréimhse trí mhí sin dá dtagraítear sa dara fomhír má iarrann an Ghníomhaireacht tuilleadh faisnéise. Tosóidh an tréimhse bhreise sin ar an lá tar éis an fhaisnéis iomlán a fháil.

Beidh measúnú na Gníomhaireachta bunaithe ar an gcás céanna leis an gceann a úsáideadh sa phróiseas roghnúcháin chun an liosta Aontais a ullmhú ina liostófar an tionscadal leasa choitinn.

An bealach a ndéantar costais infheistíochta a áireamh sna taraifí i gcomhréir leis an leithdháileadh costas trasteorann a forordaíodh, fágfaidh an Ghníomhaireacht é sin faoi na húdaráis náisiúnta ábhartha lena chinneadh tráth chur chun feidhme an chinnidh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Foilseofar an cinneadh maidir leis an iarraidh ar infheistíocht lena n-áirítear leithdháileadh trasteorann costas. Beidh feidhm ag Airteagal 25(3) agus Airteagail 28 agus 29 de Rialachán (AE) Uimh. 2019/942.

7. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cóip de na cinntí uile maidir le leithdháileadh costas, i dteannta na faisnéise ábhartha uile maidir le gach cinneadh don Choimisiún gan mhoill. Féadfar an fhaisnéis sin a chur isteach i bhfoirm chomhiomlán. Coinneoidh an Coimisiún aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de faoi rún.

8. Ní bheidh tionchar ag cinntí maidir le leithdháileadh na gcostas ar an gceart atá ag OCTanna táillí a chur i bhfeidhm ná ar an gceart atá ag údaráis rialála náisiúnta táillí a fhormheas le haghaidh rochtain ar ghréasáin i gcomhréir le hAirteagal 6 de Threoir (AE) 2019/944, Airteagal 32 de Threoir 2009/73/CE, Airteagal 18(1) agus 18(3) go (6) de Rialachán (AE) 2019/943, agus Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009.

9. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le tionscadail leasa choitinn a bhfuil díolúine faighte acu:

(a) ó Airteagail 32, 33 agus 34 agus ó Airteagal 41(6), (8) agus (10) de Threoir 2009/73/CE de bhun Airteagal 36 den Treoir sin;

(b) ó Airteagal 19(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 2019/943 nó ó Airteagail 6, 59(7) agus 60(1) de Threoir (AE) 2019/944 de bhun Airteagal 63 de Rialachán (AE) 2019/943;

(c) ó rialacha maidir le díchuachadh nó rochtain tríú páirtí de bhun Airteagal 64 de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagal 66 de Threoir (AE) 2019/944 nó

(d) de bhun Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 714/2009.

10. Faoin [31 Nollaig 2022], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina mbeidh treoirlínte ceangailteacha chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo agus chun an roinnt trasteorann costas a áirithiú maidir le heangacha amach ón gcósta le haghaidh fuinneamh in-athnuaite dá dtagraítear in Airteagal 15(1). Sna treoirlínte tabharfar aghaidh freisin ar chás speisialta na n-eangach amach ón gcósta le haghaidh tionscadail leasa choitinn um fhuinneamh in-athnuaite trí phrionsabail a chur san áireamh maidir leis an gcaoi a ndéanfar a leithdháileadh costas trasteorann a chomhordú le socruithe maoinithe, margaidh agus polaitiúla na láithreán giniúna amach ón gcósta a bhfuil nasc acu leo. Agus na treoirlínte á nglacadh nó á leasú, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le ACER, an ENTSO le haghaidh Leictreachais, an ENTSO le haghaidh Gáis, agus, i gcás inarb ábhartha, páirtithe leasmhara eile. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 21(2).

*Airteagal 17*

**Dreasachtaí**

1. I gcás ina dtabhaíonn tionscnóir tionscadail rioscaí níos airde maidir le forbairt, tógáil, feidhmiú nó cothabháil tionscadail leasa choitinn a thagann faoi inniúlacht údaráis rialála náisiúnta, nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis na rioscaí arna dtabhú ag tionscadal bonneagair inchomparáide de ghnáth, áiritheoidh na Ballstáit agus na húdaráis rialála náisiúnta go ndeonófar dreasachtaí iomchuí don tionscadal sin i gcomhréir le hAirteagal 58(f) de Threoir (AE) 2019/944, Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73/CE, Airteagal 18(1) agus (3) go (6) de Rialachán (AE) 2019/943, agus Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír i gcás ina bhfuil díolúine faighte ag an tionscadal leasa choitinn:

(a) ó Airteagail 32, 33, agus 34 agus ó Airteagal 41(6), (8) agus (10) de Threoir 2009/73/CE de bhun Airteagal 36 den Treoir sin;

(b) ó Airteagal 19(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 2019/943 nó ó Airteagal 6, Airteagal 59(7) agus Airteagal 60(1) de Threoir (AE) 2019/944 de bhun Airteagal 63 de Rialachán (AE) 2019/943;

(c) de bhun Airteagal 36 de Threoir 2009/73/CE;

(d) de bhun Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 714/2009.

2. Ina gcinneadh lena ndéantar na dreasachtaí dá dtagraítear i mír 1 a dheonú, déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta torthaí na hanailíse costais is tairbhe a mheas ar bhonn na modheolaíochta arna tarraingt suas de bhun Airteagal 11 agus cuirfear san áireamh go háirithe na seachtrachtaí dearfacha réigiúnacha nó uile-Aontais a ghinfidh an tionscadal. Déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta tuilleadh anailíse ar na rioscaí sonracha arna dtabhú ag na tionscnóirí tionscadail, ar na bearta maolaithe riosca arna ndéanamh agus ar an údar leis an bpróifíl riosca i bhfianaise an ghlantionchair dhearfaigh a bheidh ag an tionscadal, i gcomparáid le rogha eile lena mbaineann riosca níos ísle. Áireofar go háirithe ar rioscaí incháilithe rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí nua tarchurtha, ar an tír mhór agus amach ón gcósta araon, rioscaí a bhaineann le haisghabháil neamhiomlán costas agus rioscaí forbartha.

3. Sa chinneadh cuirfear cineál sonrach an riosca arna thabhú san áireamh agus féadfar dreasachtaí a dheonú a chumhdóidh, *inter alia*, na bearta seo a leanas:

(a) na rialacha maidir le hinfheistíocht oirchilleach;

(b) na rialacha maidir le sainaithint costas arna dtabhú go héifeachtúil roimh an tionscadal a choimisiúnú;

(c) na rialacha lena ndéantar foráil maidir le toradh breise a fháil ar an gcaipiteal arna infheistiú le haghaidh an tionscadail;

(d) aon bheart eile a mheastar a bheith riachtanach agus iomchuí.

4. Faoin [31 Iúil 2022], cuirfidh gach údarás rialála náisiúnta faoi bhráid na Gníomhaireachta a mhodheolaíocht agus na critéir arna n-úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar infheistíochtaí i dtionscadail bonneagair fuinnimh agus ar na rioscaí níos airde a bhaineann leo, arna dtabhairt cothrom le dáta i bhfianaise na bhforbairtí reachtacha, beartais, teicniúla agus margaidh is déanaí. Leis an modheolaíocht agus na critéir sin tabharfar aghaidh go sainráite freisin ar na rioscaí sonracha arna dtabhú ag eangacha amach ón gcósta le haghaidh fuinneamh in-athnuaite dá dtagraítear i bpointe (1)(e)

d'Iarscríbhinn II agus ar thionscadail a thabhaíonn caiteachas oibríochtúil suntasach cé go bhfuil caiteachas caipitil íseal acu.

5. Faoin [31 Nollaig 2022], agus aird chuí á tabhairt ar an bhfaisnéis a fuarthas de bhun mhír 4 den Airteagal seo, déanfaidh an Ghníomhaireacht comhroinnt dea-chleachtas a éascú agus déanfaidh sí moltaí i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/942:

(a) maidir leis na dreasachtaí dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn thagarmharcáil an dea-chleachtais arna déanamh ag údaráis rialála náisiúnta;

(b) maidir le modheolaíocht choiteann chun meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí níos airde arna dtabhú i gcás infheistíochtaí i dtionscadail bonneagair fuinnimh.

6. Faoin [31 Márta 2023], foilseoidh gach údarás rialála náisiúnta a mhodheolaíocht agus na critéir arna n-úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar infheistíochtaí i dtionscadail bonneagair fuinnimh agus ar na rioscaí níos airde arna dtabhú leo.

7. Nuair nach leordhóthanach iad na bearta dá dtagraítear i mír 5 agus i mír 6 chun cur chun feidhme tráthúil na dtionscadal leasa choitinn a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a eisiúint maidir leis na dreasachtaí a leagtar síos san Airteagal seo.

# CAIBIDIL VII

# *MAOINIÚ*

*Airteagal 18*

**Incháilitheacht tionscadal le haghaidh cúnamh airgeadais ón Aontas faoi** Rialachán (AE)... [maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa mar a moladh le COM(2018)438]

1. Tá tionscadail leasa choitinn a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach in Iarscríbhinn II incháilithe le haghaidh cúnamh airgeadais ón Aontas i bhfoirm deontais le haghaidh staidéar agus ionstraimí airgeadais.

2. Tionscadail leasa choitinn a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach i bpointí (1)(a), (b), (c) agus (e) d'Iarscríbhinn II agus i bpointe (3) d'Iarscríbhinn II, cé is moite de thionscadail a bhaineann le stóráil leictreachais arna hidreaphumpáil, beidh siad incháilithe freisin le haghaidh cúnamh airgeadais ón Aontas i bhfoirm deontais le haghaidh oibreacha i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir uile seo a leanas:

(a) cuireann an anailís chostais is tairbhe tionscadal-oiriúnaithe arna déanamh de bhun Airteagal 16(3)(a) fianaise ar fáil maidir le seachtrachtaí suntasacha dearfacha a bheith ann, cosúil le cinnteacht an tsoláthair, solúbthacht an chórais, dlúthpháirtíocht nó nuálaíocht;

(b) tá cinneadh maidir le leithdháileadh costas trasteorann faighte ag an tionscadal de bhun Airteagal 16 nó, a mhéid a bhaineann le tionscadail leasa choitinn a thagann faoin gcatagóir a leagtar amach i bpointe (3) d'Iarscríbhinn II, i gcás nach dtagann siad faoi inniúlacht údarás

rialála náisiúnta, agus nach bhfaigheann siad cinneadh maidir le leithdháileadh costas trasteorann dá bhrí sin, tá sé d'aidhm ag an tionscadal seirbhísí a sholáthar thar theorainneacha, nuálaíocht theicneolaíoch a thabhairt isteach agus sábháilteacht oibriú na heangaí trasteorann a áirithiú;

(c) níl an tionscadal inmharthana ó thaobh na tráchtála de de réir an phlean gnó ná de réir measúnuithe eile a rinneadh, ag creidiúnaithe nó ag infheisteoirí ionchasacha nó ag an údarás rialála náisiúnta go háirithe. Cuirfear an cinneadh maidir le dreasachtaí agus an t-údar leo dá dtagraítear in Airteagal 17(2) san áireamh nuair atá inmharthanacht an tionscadail ó thaobh na tráchtála de á meas.

3. Maidir leis na tionscadail leasa choitinn a dhéantar i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 5(7)(d), beidh siad incháilithe freisin le haghaidh cúnamh airgeadais ón Aontas i bhfoirm deontais le haghaidh oibreacha i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo.

4. Tionscadail leasa choitinn a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach i bpointí (1)(d), (2) agus (5) d'Iarscríbhinn II, beidh siad incháilithe freisin le haghaidh cúnamh airgeadais ón Aontas i bhfoirm deontais le haghaidh oibreacha i gcás inar féidir leis na tionscnóirí tionscadail lena mbaineann seachtrachtaí suntasacha dearfacha a thagann as na tionscadail a léiriú go soiléir, cosúil le cinnteacht an tsoláthair, solúbthacht an chórais, dlúthpháirtíocht nó nuálaíocht, arna nginiúint leis na tionscadail, agus más féidir leo fianaise shoiléir a sholáthar maidir leis an easpa inmharthanachta a bhaineann leo ó thaobh na tráchtála de, i gcomhréir leis an anailís chostais is tairbhe, an phlean gnó agus na measúnuithe arna ndéanamh, go háirithe ag infheisteoirí nó ag creidiúnaithe ionchasacha nó, i gcás inarb infheidhme, ag údarás rialála náisiúnta.

5. Déanfar tionscadail chomhleasa a chomhshamhlú le tionscadail leasa choitinn agus beidh siad incháilithe le haghaidh cúnamh airgeadais ón Aontas. Is iad na hinfheistíochtaí atá lonnaithe i gcríoch an Aontais agus atá ina gcuid den tionscadal comhleasa, agus na hinfheistíochtaí sin amháin, a bheidh incháilithe le haghaidh cúnamh airgeadais ón Aontas i bhfoirm deontais le haghaidh oibreacha má chomhlíonann siad na critéir a leagtar amach i mír 2, agus má leithdháiltear costais thar theorainneacha ar dhá Bhallstát ar a laghad i gcion suntasach i ngach Ballstát leis an gcinneadh maidir le leithdháileadh costas trasteorann dá dtagraítear i mír 2(b).

*Airteagal 19*

**Treoir maidir leis na critéir dhámhachtana do chúnamh airgeadais ón Aontas**

Beidh feidhm ag na critéir shonracha a leagtar amach in Airteagal 4(3) agus na paraiméadair a leagtar amach in Airteagal 4(5) chun críche critéir dhámhachtana a bhunú le haghaidh cúnamh airgeadais ón Aontas i Rialachán (AE) … [maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa mar a moladh le COM(2018)438].

# CAIBIDIL VIII

## *FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*

*Airteagal 20*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse seacht mbliana amhail ón [1 Eanáir 2022]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse seacht mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle..

*Airteagal 21*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 22*

**Tuairisciú agus meastóireacht**

Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil faoi chur chun feidhme tionscadal leasa choitinn tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2027 agus cuirfidh sé an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Soláthrófar meastóireacht sa tuarascáil sin ar na nithe seo a leanas:

(a) an dul chun cinn atá déanta maidir le pleanáil, forbairt, tógáil agus coimisiúnú tionscadal leasa choitinn a roghnaíodh de bhun Airteagal 3, agus, i gcás inarb ábhartha, moilleanna ar an gcur chun feidhme agus deacrachtaí eile a tháinig chun cinn;

(b) na cistí arna n-úsáid agus arna n-eisíoc ag an Aontas le haghaidh tionscadail leasa choitinn i gcomparáid le luach iomlán na dtionscadal leasa choitinn arna gcistiú;

(c) an dul chun cinn atá déanta i dtéarmaí comhtháthaithe foinsí fuinnimh in-athnuaite agus astaíochtaí gás ceaptha teasa laghdaithe trí phleanáil, forbairt, tógáil agus coimisiúnú tionscadal leasa choitinn a roghnaíodh de bhun Airteagal 3;

(d) an dul chun cinn atá déanta maidir le heangacha amach ón gcósta le haghaidh fuinneamh in-athnuaite a phleanáil, a fhorbairt, a thógáil agus a choimisiúnú agus maidir le húsáid chumasaithe fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta;

(e) maidir leis na hearnálacha leictreachais agus hidrigine, an éabhlóid ar leibhéal an idirnaisc idir na Ballstáit, an éabhlóid chomhfhreagrach ar na praghsanna fuinnimh, chomh maith le líon na n-uaireanta a chlis ar an gcóras gréasáin, na cúiseanna leis sin agus an costas gaolmhar eacnamaíoch;

(f) an próiseas deonaithe ceadanna agus rannpháirtíocht phoiblí, go háirithe:

(i) méantréimhse iomlán agus uastréimhse iomlán an phróisis deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail leasa choitinn, lena n-áirítear fad tréimhse gach céime den nós imeachta réamhiarratais, i gcomparáid leis an uainiú a fhoráiltear leis na mór-gharspriocanna tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 10(5);

(ii) an leibhéal freasúra i gcoinne tionscadail leasa choitinn, go háirithe líon na n-agóidí i scríbhinn le linn an phróisis chomhairliúcháin phoiblí agus líon na ngníomhaíochtaí ina mbíonn caingean dlí;

(iii) léargas ginearálta ar na cleachtais is fearr agus is nuálaí maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus maidir le maolú ar an tionchar ar an gcomhshaol le linn próisis deonaithe ceadanna agus tionscadail a chur chun feidhme, lena n-áirítear oiriúnú don athrú aeráide;

(iv) éifeachtacht na scéimeanna dá bhforáiltear in Airteagal 8(3) maidir le comhlíonadh na dteorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 10;

(g) cóir rialála, go háirithe:

(i) líon na dtionscadal leasa choitinn ar ina leith a tugadh cinneadh maidir le leithdháileadh trasteorann costas de bhun Airteagal 16;

(ii) líon agus cineál na dtionscadal leasa choitinn a fuair dreasachtaí sonracha de bhun Airteagal 17;

(h) éifeachtacht an Rialacháin seo maidir le cur leis na spriocanna aeráide agus fuinnimh faoi 2030, agus, go fadtéarmach, maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

*Airteagal 23*

**Faisnéis agus poiblíocht**

Bunóidh an Coimisiún ardán trédhearcachta a bheidh inrochtana go héasca ar an idirlíon ag an bpobal i gcoitinne agus coinneoidh sé ar bun é. Tabharfar an t-ardán cothrom le dáta go tráthrialta le faisnéis ó na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus ón suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 9(7). Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar an ardán:

(a) faisnéis ghinearálta a thabharfar cothrom le dáta, lena n-áirítear faisnéis gheografach, le haghaidh gach tionscadail leasa choitinn;

(b) an plean cur chun feidhme mar a leagtar amach é in Airteagal 5(1) le haghaidh gach tionscadail leasa choitinn arna chur i láthair ar bhealach lena gceadófar measúnú a dhéanamh tráth ar bith ar an dul chun cinn maidir lena chur chun feidhme;

(c) na príomhthairbhí a bhfuiltear ag súil leo agus costais na dtionscadal, ach amháin aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de;

(d) an liosta Aontais;

(e) na cistí arna leithdháileadh agus arna n-eisíoc ag an Aontas le haghaidh gach tionscadail leasa choitinn.

*Airteagal 24*

**Forálacha idirthréimhseacha**

Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do dheonú, leanúint ná modhnú an chúnaimh airgeadais arna dheonú ag an gCoimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47].

*Airteagal 25*

**Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 715/2009**

---

47 Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 680/2007 agus (CE) Uimh. 67/2010, IO L 348, 20.12.2013, lch. 129.

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 8(10) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009:

'Gach dhá bhliain, glacfaidh agus foilseoidh an ENTSO le haghaidh Gáis plean forbartha gréasáin uile-Aontais dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3. Cuimseofar samhaltú an ghréasáin chomhtháthaithe, lena n-áirítear gréasáin hidrigine, forbairt cásanna, dearcadh Eorpach i leith leordhóthanacht soláthair agus measúnú ar sheasmhacht an chórais sa phlean forbartha uile-Aontais'.

*Airteagal 26*

**Leasú ar Threoir 2009/73/CE**

In Airteagal 41(1) de Threoir 2009/73/CE, cuirtear pointe (v) leis mar a leanas:

'(v) na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 3, Airteagal 5(7) agus Airteagail 14, 15, 16 agus 17 de [Rialachán GTE-F mar atá molta ag COM(2020)824] a dhéanamh;'

*Airteagal 27*

**Leasú ar Threoir (AE) 2019/944**

In Airteagal 59(1) de Threoir (AE) 2019/944, cuirtear pointe (zz) leis mar a leanas:

'(zz) na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 3, Airteagal 5(7) agus Airteagail 14, 15, 16 agus 17 de [Rialachán GTE-F mar atá molta ag COM(2020)824] a dhéanamh;'

*Airteagal 28*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2019/943**

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte d'Airteagal 48 de Rialachán (CE) 2019/943:

'Áiritheofar sa phlean forbartha uile-Aontais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 30(1) samhaltú an ghréasáin chomhtháthaithe, lena n-áirítear forbairt cásanna agus measúnú ar sheasmhacht an chórais. Beidh sé ag teacht go hiomlán leis an measúnú Eorpach ar leordhóthanacht acmhainní a forbraíodh de bhun Airteagal 23.'

*Airteagal 29*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2019/942**

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d) d'Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/942:

(c) na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 5, Airteagal 11(2), Airteagal 11(8), Airteagal 11(9), Airteagal 11(10), Airteagail 12 agus 13 agus Airteagal 17(5) agus i bpointe (12) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le [Rialachán GTE-F mar atá molta ag COM(2020)824] a dhéanamh;

(d) cinntí a dhéanamh maidir le hathruithe incriminteacha a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí anailíse costais is tairbhe de bhun Airteagal 11(6) agus maidir le hiarrataí ar infheistíocht lena n-áirítear leithdháileadh costas trasteorann de bhun Airteagal 16(6) de [Rialachán TEN-E mar atá molta ag COM(2020)824].

*Airteagal 30*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 amhail ón [1 Eanáir 2022]. Ní thiocfaidh aon chearta aníos faoin Rialachán seo i gcás tionscadail a liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) 347/2013.

*Airteagal 31*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [1 Eanáir 2022].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
*[...]*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
*[...]*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH 'GNÍOMHAIREACHTAÍ'

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 |

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| An réimse beartais: I. An margadh aonair, nuálaíocht agus cúrsaí digiteacha<br><br>Gníomhaíocht: 02. Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha |

#### 1.3. Baineann an togra le

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[48]

☒ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc i dtreo beart eile/beart nua**

#### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

| |
|---|
| Is é is cuspóir ginearálta don togra forbairt thráthúil bonneagair leordhóthanaigh fuinnimh a éascú ar fud an Aontais agus ina chomharsanacht d'fhonn cuspóirí an Aontais i leith fuinnimh agus na haeráide a ghnóthú i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, go háirithe maidir le spriocanna 2030/50 lena n-áirítear an cuspóir aeráidneodrachta, mar aon le comhtháthú an mhargaidh, iomaíochas agus cinnteacht an tsoláthair ar an gcostas is lú ar thomhaltóirí agus gnólachtaí. |

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

| |
|---|
| <u>Cuspóirí sonracha</u> |

48 Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1) Sainaithint na dtionscadal agus na n-infheistíochtaí trasteorann ar fud an Aontais agus lena thíortha comharsanachta a éascú, tionscadail agus infheistíochtaí atá riachtanach le haghaidh na spriocanna aistrithe fuinnimh agus aeráide;

2) Feabhas a chur ar phleanáil bonneagair le haghaidh chomhtháthú an chórais fuinnimh agus eangacha amach ón gcósta;

3) Nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh tionscadail leasa choitinn a ghiorrú chun moilleanna a sheachaint i dtionscadail lena n-éascaítear an t-aistriú fuinnimh;

4) Úsáid iomchuí uirlisí roinnte costas agus dreasachtaí rialála a áirithiú.

### *1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Cuspóir sonrach 1:

Tionscadail leasa choitinn a chur chun feidhme a thacaíonn le gnóthú an chuspóra aeráidneodrachta trí chomhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh a éascú.

Cuspóir sonrach 2:

Méadú suntasach ar úsáid an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a bhaint amach.

Cuspóir sonrach 3:

An cur chuige Eorpach maidir le pleanáil bonneagair le haghaidh gréasáin hidrigine.

Cuspóir sonrach 4:

Moilleanna a laghdú agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun feidhme.

### *1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Cuspóir sonrach 1:

Líon agus cineálacha na dtionscadal leasa choitinn faoi na conairí tosaíochta / réimsí téamacha: laghdú ar chiorrú fuinnimh in-athnuaite; líon na dtionscadal leictreachais cliste a dhúbailt faoi 2026 i gcomparáid leis na leibhéil atá ann faoi láthair.

Cuspóir sonrach 2:

Líon na dtionscadal leasa choitinn: deich dtionscadal leasa choitinn ar a laghad faoi 2026 chun tacú le húsáid fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.

Cuspóir sonrach 3:

Líon na dtionscadal leasa choitinn: cúig thionscadal leasa choitinn hidrigine ar a laghad faoi 2026.

Cuspóir sonrach 4:

Méantréimhse iomlán agus uastréimhse iomlán na nósanna imeachta údaraithe le haghaidh tionscadail leasa choitinn: sciar de na tionscadail leasa choitinn a gcuirtear moill orthu in aon bhliain a laghdú i gcomparáid leis an dáta coimisiúnaithe a bhí beartaithe ar dtús.

### 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.*

Sa Rialachán maidir le gréasáin fuinnimh thras-Eorpacha (GTE-F), arna ghlacadh in 2013, leagtar síos rialacha maidir le forbairt agus idir-inoibritheacht thráthúil gréasán fuinnimh tras-Eorpach chun cuspóirí bheartas fuinnimh an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a bhaint amach chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh agus cinnteacht an tsoláthair san Aontas a áirithiú, chun éifeachtúlacht fuinnimh agus coigilt fuinnimh mar aon le forbairt cineálacha nua fuinnimh agus cineálacha in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn, agus chun idirnascadh gréasán fuinnimh a chur chun cinn. Le Rialachán GTE-F, cuirtear creat i bhfeidhm faoinar féidir leis na Ballstáit agus páirtithe leasmhara ábhartha oibriú le chéile i suíomh réigiúnach d'fhonn gréasáin fuinnimh a fhorbairt atá nasctha ar bhealach níos fearr, rud arb é is aidhm dó réigiúin atá scoite amach faoi láthair ó mhargaí fuinnimh na hEorpa a nascadh, na hidirnaisc thrasteorann atá ann faoi láthair a neartú agus cabhrú le fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú.

Mar sin, is ionstraim lárnach é GTE-F ó thaobh margadh inmheánach Eorpach a fhorbairt agus tá gá leis chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a ghnóthú. Chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, agus chun leibhéil níos airde laghdaithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a ghnóthú faoi 2030, beidh córas fuinnimh níos comhtháite ag teastáil ón Eoraip, rud a bheidh ag brath ar leibhéil níos airde leictrithe atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite agus ar dhícharbónú na hearnála gáis. Is féidir le GTE-F a áirithiú go dtacaíonn forbairt bonneagar fuinnimh an Aontais leis an aistriú fuinnimh is gá.

Cé gur bailí fós den chuid is mó iad cuspóirí an Rialacháin atá ann faoi láthair, ní mór an bhéim a leagtar iontu ar spriocanna 2020/30 a thabhairt cothrom le dáta chun an comhthéacs polaitiúil nua a léiriú mar aon le cuspóir 2050 i leith na haeráidneodrachta faoin gComhaontú Glas don Eoraip. Chomh maith leis an gcomhthéacs polaitiúil nua agus na cuspóirí polaitiúla nua, rinneadh forbairt mhear ar réimse na teicneolaíochta le deich mbliana anuas. Ba cheart an dul chun cinn sin a chur san áireamh sna catagóirí bonneagair a chumhdaítear faoin Rialachán, agus sna critéir roghnúcháin le haghaidh na dtionscadal leasa choitinn mar aon leis na conairí tosaíochtaí agus na réimsí téamacha.

I dteannta na gcúraimí a thagann laistigh dá shainchúram faoi Rialachán ACER cheana féin, tugtar sainordú do ACER cúraimí breise a dhéanamh de thoradh an tionscnaimh atá ann faoi láthair, eadhon na cúraimí seo a leanas:

- treoirlínte creata a fhorbairt chun an ENTSO le haghaidh Leictreachas agus an ENTSO le haghaidh Gáis a shainiú agus a threorú agus a gcásanna á bhforbairt acu;

- formheas a dhéanamh ar fheabhsuithe incriminteacha ar mhodheolaíochtaí Costais is Tairbhe arna bhforbairt ag an ENTSO le haghaidh Leictreachas agus an ENTSO le haghaidh Gáis.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE' an luach a thagann as*

*idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

| |
|---|
| Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*)<br><br>Tá breisluach Eorpach ag an mbonneagar tarchurtha fuinnimh (lena n-áirítear eangach idirnasctha amach ón gcósta agus bonneagar eangaí cliste) i ngeall ar na tionchair thrasteorann dá chuid agus tá sé ríthábhachtach córas fuinnimh aeráidneodraigh a bhaint amach. Chun bonneagar fuinnimh trasteorann a fhorbairt, tá gá le creat le haghaidh comhar réigiúnach idir na Ballstáit. Ní leor rialacháin agus gníomhaíochtaí de chuid Ballstáit ar leith chun na tionscadail bonneagair sin a sholáthar ina n-iomláine.<br><br>An breisluach Eorpach a mheastar a ghinfear (*ex post*)<br><br>Tá an margadh inmheánach fuinnimh bunaithe ar idirnascairí trasteorann, a bhfuil comhar ag teastáil idir dhá Bhallstát nó níos mó chun iad a fhorbairt; tríd an gcomhar tacóidh an tionscnamh le cur chuige níos costéifeachtúla agus níos éifeachtaí chun bonneagar trasteorann leordhóthanach a fhorbairt agus chun spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach ar an gcostas is lú ar thomhaltóirí agus gnólachtaí. |

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

| |
|---|
| Thaispeáin an mheastóireacht ar an Rialachán GTE-F atá ann faoi láthair gur chuir sé feabhas go héifeachtach ar chomhtháthú ghréasáin na mBallstát, gur spreag sé trádáil fuinnimh agus gur chuir sé dá bhrí sin le hiomaíochas an Aontais, mar a léiríodh san fhianaise maidir le spriocanna idirnasctha agus praghsanna fuinnimh agus a gcóineasú ar fud an Aontais. Chuir tionscadail leasa choitinn sa leictreachas agus go háirithe sa ghás go tréan le cinnteacht an tsoláthair mar phríomhspreagadh comhthéacsúil le haghaidh dhearadh Rialachán GTE-F. I gcás an gháis, tá an bonneagar nasctha go maith anois agus tháinig feabhas substaintiúil ar athléimneacht an tsoláthair ó bhí 2013 ann. An comhar réigiúnach i nGrúpaí Réigiúnacha nó trí leithdháileadh trasteorann costas, is cumasóir tábhachtach é maidir le cur chun feidhme na dtionscadal. Mar sin féin, is minic nach ndeachaigh an leithdháileadh trasteorann costas chun an bhearna airgeadais sa tionscadal a laghdú de réir mar a bhí beartaithe. Cé go ndearnadh na nósanna imeachta ceadaithe níos giorra, tá nósanna imeachta fada fós ann i gcásanna áirithe. Cé go mbaineann na bunchúiseanna den chuid is mó leis an gcur chun feidhme náisiúnta agus go bhfuil siad lasmuigh de raon feidhme Rialachán GTE-F, tá eilimintí is féidir a fheabhsú. Ba thábhachtach an fachtóir é an cúnamh airgeadais ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ós rud é go rabhthas in ann rioscaí a laghdú le linn na gcéimeanna luatha i bhforbairt na dtionscadal mar gheall ar na deontais a fuarthas chun staidéir a dhéanamh, agus thacaigh deontais le haghaidh oibreacha le tionscadail lena dtugtar aghaidh ar na príomhscrogaill, rud nach rabhthas in ann a dhéanamh go leordhóthanach le maoiniú margaidh. |

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

| |
|---|
| Agus tús á dhéanamh le laghdú 55 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, cuideoidh an tionscnamh leis an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, an príomhchuspóir aeráide de chuid an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a chuir Coimisiún Von der Leyen i láthair i mí na Nollag 2019. Agus foráil á déanamh aige maidir leis na critéir incháilitheachta le haghaidh |

cúnamh airgeadais faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa le haghaidh tionscadail leasa choitinn, cuidíonn an tionscnamh le cuspóirí chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 a bhaint amach, lena n-áirítear an cuspóir maidir leis an aeráidneodracht.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Formhór mór na n-impleachtaí buiséadacha a bhaineann leis an togra seo, déileáiltear leo faoi ráiteas airgeadais dlíthiúil an Togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Tá tionchar buiséadach sonrach an tionscnaimh seo teoranta do na hacmhainní atá ag teastáil le go gcomhlíonfadh ACER a shainordú breise. Sa mheasúnú tionchair rinneadh measúnú ar roghanna éagsúla chun an cuspóir maidir le feabhas a chur ar phleanáil bonneagair le haghaidh chomhtháthú an chórais fuinnimh a chomhlíonadh. Is é an cur chuige is costéifeachtúla an rogha thosaíochta.

1.6. **Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige**

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [DD/MM]YYYY go dtí an [DD/MM]YYYY

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[49]

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún trí

– ☐ gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71;

☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

| Ní bhaineann le hábhar |
|---|

49 Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

Tá na nósanna imeachta rialta maidir le tuairisciú agus faireachán atá ann cheana faoin gcreat GTE-F atá ann faoi láthair fós i bhfeidhm, cosúil le tuarascáil ACER chuig na Grúpaí Réigiúnacha. Ina theannta sin, tá torthaí a gcuid cúraimí ar fad á bhfoilsiú ag ACER ar a shuíomh gréasáin.

Formhór mór na n-impleachtaí buiséadacha a bhaineann leis an togra seo, déileáiltear leo faoi ráiteas airgeadais dlíthiúil an Togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Faoi rialachán na Saoráide um Chónascadh na hEorpa atá beartaithe, cuirfear creat feidhmíochta a athbhreithnithe i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar ghnóthú chuspóirí an Chláir agus ar an méid a chuireann sé le cuspóirí beartais an Aontais. I réimse an Fhuinnimh, na táscairí lena ndéanfar faireachán ar chur chun feidhme agus ar dhul chun cinn an Chláir go háirithe, bainfidh siad leo seo a leanas: an méid a chuirtear le hidirnascthacht agus comhtháthú na margaí, cinnteacht an tsoláthair fuinnimh agus forbairt inbhuanaithe trí bhíthin an dícharbónú a chumasú le treá méadaithe an fhuinnimh in-athnuaite sna córais fuinnimh chomh maith le comhar trasteorann i réimse na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh n-athnuaiteán.

Na cúraimí breise a bheidh le bainistiú ag ACER, cuideoidh siad lena áirithiú go gcomhlíonfar cuspóirí an tionscnaimh, go háirithe pleanáil fheabhsaithe bonneagair le haghaidh chomhtháthú an chórais fuinnimh agus sainaithint na dtionscadal agus na n-infheistíochtaí trasteorann ar fud an Aontais agus lena thíortha comharsanachta atá riachtanach le haghaidh na spriocanna aistrithe fuinnimh agus aeráide.

Chomh maith leis na nósanna imeachta tuairiscithe agus faireacháin atá i bhfeidhm atá sonrach do GTE-F, oibríonn Gníomhaireachtaí uile an Aontais faoi chóras docht faireacháin lena mbaineann cumas iniúchóireachta inmheánaí, Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin, Bord Riaracháin ACER, an Chúirt Iniúchóirí agus an tÚdarás Buiséadach. Leagadh an córas sin síos sa Rialachán lenar bunaíodh ACER in 2009 agus leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Formhór mór na n-impleachtaí buiséadacha a bhaineann leis an togra seo, déileáiltear leo faoi ráiteas airgeadais dlíthiúil an Togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Teastaíonn acmhainní breise, áfach, a chomhfhreagraíonn do 1 FTE, chun cúraimí breise a shannadh do ACER. Tugtar údar leis sin i bhfianaise na hoibre atá ag teastáil chun creat-treoirlínte nua a fhorbairt chun an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis a shainiú agus a threorú agus iad ag forbairt a gcásanna agus chun measúnú a dhéanamh ar fheabhsuithe incriminteacha ar na modheolaíochtaí Costais is

Tairbhe a d'fhorbair an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis. Ní mór saineolas sonrach a fhorbairt agus a choinneáil ar bun laistigh de ACER le haghaidh na gcúraimí sin.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Na rioscaí a aithníodh le haghaidh an chaiteachais a rinneadh faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, agus na rialuithe maolaitheacha gaolmhara, déileáiltear leo faoi ráiteas airgeadais dlíthiúil an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014.

Níor aithníodh aon riosca sonrach i leith na gcúraimí breise a sannadh do ACER. Córas rialaithe inmheánach ACER atá ailínithe leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha agus lena n-áirítear rialuithe sonracha chun coinbhleacht leasa a sheachaint agus cosaint sceithirí a áirithiú, cumhdóidh sé na hacmhainní breise a chuirfear ar fáil do ACER.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

An measúnú ar an gcostas rialaithe agus ar an riosca earráidí a bhaineann leis an gcaiteachas a rinneadh faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, déileáiltear leo faoi ráiteas airgeadais dlíthiúil an Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

Coinníonn AS ENER straitéis mhaoirseachta a chumhdaíonn gníomhaíochtaí ACER ar bun. Déanfar costais rialála na gcúraimí breise a chuirtear de chúram ar ACER a mheasúnú in aghaidh phróifíl riosca na Gníomhaireachta agus in aghaidh na riachtanas maidir le faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta. Níor cheart, áfach, tionchar suntasach a bheith ag raon feidhme teoranta na ngníomhaíochtaí breise sin ar an gcostas a bhaineann leis an nGníomhaireacht a rialú. Le cúig bliana anuas (2015-2019), lean an costas a bhaineann le rialú ACER in aghaidh ranníocaíocht an Aontais de bheith measartha cobhsaí, sa raon ó 1.2 % go 2 %.

Toisc go bhfuil an tionchar buiséadach teoranta d'acmhainní breise a sholáthar, táthar ag súil leis go leanfaidh an riosca earráide de bheith faoin tairseach 2 % den chaiteachas iomlán i rith shaolré an chláir.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh bearta iomchuí i bhfeidhm lena áirithiú, nuair a chuirfear na gníomhaíochtaí chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile.

Coinníonn AS ENER Straitéis Frithchalaoise shonrach de chuid AS ENER ar bun a thabharfar cothrom le dáta faoi dheireadh 2020, ag cloí leis an athbhreithniú ar Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin a rinneadh i mí Aibreán 2019 (COM(2019) 196).

Na bearta a dhéantar chun an chalaois agus neamhrialtachtaí a chosc le haghaidh tionscadail faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, cuirtear i láthair iad faoi ráiteas airgeadais dlíthiúil an Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

Rinne ACER athbhreithniú ar a straitéis frithchalaoise, bunaithe ar mheasúnú ar na rioscaí calaoise a d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht a bheith neamhchosanta orthu agus a sainordú á chur i gcrích aici. Oibríonn ACER i gcomhar le seirbhísí an Choimisiúin maidir le hábhair a bhaineann leis an gcalaois agus le neamhrialtacht a chosc. Áiritheoidh an Coimisiún go leanfar den chomhar sin agus go neartófar é. Thairis sin, ghlac ACER Treoirlínte in 2018 maidir le Bainistiú Coinbhleachtaí leasa.

Áirítear forálacha maidir le leas airgeadais an Aontais a chosaint faoi Airteagal 26 den Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[50]. | ó thíortha de chuid CSTE[51] | ó thíortha is iarrthóirí[52] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |

[50] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
[51] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
[52] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| I. An margadh aonair, nuálaíocht agus cúrsaí digiteacha | 02 10 06 ACER | Difreáilte | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | [XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

#### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | Ceannteideal 1A |
|---|---|---|

| ACER (cúraimí nua amháin) | | | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1: | Gealltanais | (1) | 0.077 | 0.156 | 0.159 | 0.162 | 0.166 | 0.169 | **0.889** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0.077 | 0.156 | 0.159 | 0.162 | 0.166 | 0.169 | **0.889** |
| Teideal 2: | Gealltanais | (1a) | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | | | |
| Teideal 3: | Gealltanais | (3 a) | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (3b) | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh ACER** | Gealltanais | =1+1a +3a | 0.077 | 0.156 | 0.159 | 0.162 | 0.166 | 0.169 | **0.889** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3b | 0.077 | 0.156 | 0.159 | 0.162 | 0.166 | 0.169 | **0.889** |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 5 | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: Maoirseacht ENER ar chúraimí nua amháin | | | | | | | | | |
| • Acmhainní Daonna | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | | **0** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | | **0** |
| **IOMLÁN AS ENER** | Leithreasuithe | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | | **0** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | | **0** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 0.077 | 0.156 | 0.159 | 0.162 | 0.166 | 0.169 | | **0.889** |
| | Íocaíochtaí | 0.077 | 0.156 | 0.159 | 0.162 | 0.166 | 0.169 | | **0.889** |

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe [an chomhlachta]*

– ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ⇩ | Saghas[53] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[54]... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

[53] Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

[54] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | | | | | | | | | | | | | |

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna ACER*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gníomhairí sealadacha (Gráid AD)* | 0.077 | 0.156 | 0.159 | 0.162 | 0.166 | 0.169 | | **0.889** |
| Gníomhairí sealadacha (gráid AST) | | | | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | | | | | | | | |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0.077** | **0.156** | **0.159** | **0.162** | **0.166** | **0.169** | | **0.889** |

* bunaithe ar mheánchostais EUR 150.000 le haghaidh gníomhaire sealadach (Gráid AD) agus ráta boilscithe bliantúil 2 %.

Riachtanais foirne (FTE):

| | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gníomhairí sealadacha (Gráid AD) | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | | |
| Gníomhairí sealadacha (gráid AST) | | | | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | | | | | | | | |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** | | |

Tá an earcaíocht pleanáilte le haghaidh an dara leath de 2022, cur chun feidhme an Rialacháin a ullmhú. Ba cheart é a ghlacadh i lár 2022, más féidir. Dá bhrí sin, ní chuirtear san áireamh ach 50 % den mheánchostas le haghaidh 2022.

Fritháireamh an bhuiséid a iarradh chun an méadú ar acmhainní acmhainní daonna in ACER a chumhdach, déanfar é tríd an méid céanna a bhaint de bhuiséad Chlár Fuinnimh na Saoráide um Chónascadh na hEorpa faoin gCeannteideal céanna.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach ag an máthair-Ard-Stiúrthóireacht

– ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí ionad deachúlach amháin ar a mhéad)*

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | | | |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| • **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[55] | | | | | | | | |
| XX 01 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | | | | |
| XX 01 02 02 (AC, AL, END, INT agus JPD sna Toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| **XX** 01 04 ***bb***[56] | - sa Cheanncheathrú[57] | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| **XX** 01 05 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 02 (AC, END, INT – Taighde díreach) | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | |

---

55 AC= Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

56 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

57 Le haghaidh na gCistí Struchtúracha, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) go príomha.

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Níl acmhainní daonna breise san Ard-Stiúrthóireacht de dhíth ar an togra. Is í an fhoireann atá sannta cheana féin do bheartas GTE-F in AS ENER a chuirfidh chur chun feidhme é agus a dhéanfaidh faireachán air.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

Ba cheart tuairisc ar ríomh na gcostas le haghaidh aonaid FTE a áireamh in Iarscríbhinn V, roinn 3.

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☒ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| |
|---|
| Mínigh cén t-athshannadh a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.<br><br>Ní bhaineann le hábhar |

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[58].

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.<br><br>Ní bhaineann le hábhar |

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– Ní dhéanann an togra/tionscnamh foráil maidir le cómhaoiniú ó thríú páirtithe.

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir leis an gcómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

58 Féach Airteagail 11 agus 17 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil i gcomhair na mblianta 2014–2020.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin le do thoil

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[59] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá ‘sannta’, sonraigh na línte buiséid a n-imreofar tionchar orthu.

| |
|---|
| |

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

| |
|---|
| |

[59] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.